# 7. Gníomhaíochtaí Tógála

## 7.1 Réamhrá

Mar a leagtar amach i gCaibidil 1 den TMTT nuashonraithe seo, is nuashonrú é seo ar Chaibidil 7 den TMTT a cuireadh faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2018 mar chuid den iarratas ar cheadú don N6 GCRR atá beartaithe de bhun Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú). Is cuid den fhreagairt í ar an iarraidh a rinne an Bord Pleanála ar thuilleadh faisnéise i mí na Nollag 2023 tráth ar iarr siad (in éineacht le roinnt iarratai eile) ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an '*Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Nuashonrú'.* Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar na gníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an N6 GCRR atá beartaithe, agus ar ghnéithe eile den Tionscadal, a dtugtar tuairisc ar an Tionscadal i gCaibidil 5. Déantar machnamh agus measúnú ar an Tionscadal le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí sna caibidlí dá éis seo den TMTT nuashonraithe.

Breathnaítear sa chaibidil seo ar an dóigh a dtógfar an N6 GCRR atá beartaithe agus gnéithe eile an Tionscadail, lena n-áirítear fálú na tógála, glanadh láithreáin, imscrúduithe riachtanacha ar bith, iompórtáil agus diúscairt ábhar, draenáil agus gníomhaíochtaí ginearálta tógála le haghaidh bonneagar bóithre agus gníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil stáblaí capall. Mar atá mionsonraithe i gCaibidil 5, tógfar an Tionscadal i gcéimeanna, bliain amháin le haghaidh Chéim 1, trí bliana le haghaidh Chéim 2 agus bliain amháin chun Céim 3 agus Céim 4 a chur i gcrích. I gcás ina bhfuil mionathruithe/athruithe, a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála, déanta i ndiaidh TMTT 2018, leagadh amach iad sin sa chaibidil nuashonraithe seo.

Is iad na céimeanna breise a bhaineann le tógáil na príomhathruithe is ábhartha i ndáil leis na gníomhaíochtaí tógála ó bhí 2018 ann. Maidir le tógáil na stáblaí sealadacha agus buana mar chéim oibreacha ar leithligh ón N6 GCRR atá beartaithe, agus go háirithe Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe, shimpligh sé sin seicheamh na tógála sa limistéar sin toisc go mbaintear comhéadan tógála beo an tolláin agus stáblaí buana. Leis na céimeanna breise tá roinnt tráchta tógála tugtha isteach sa líonra bóithre i limistéar Bhaile an Bhriotaigh i gCéim 1, Céim 3 agus Céim 4, trácht nach raibh ann roimhe sin. Scartáladh na stáblaí sealadacha go hiomlán in TMTT 2018 mar go raibh siad suite ar bharr ailíniú deiridh an N6 GCRR atá beartaithe. Mar sin féin, maidir leis an socrú beartaithe in 2025 faoina bhfuil na stáblaí sealadacha suite i ngarpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe, éascaítear an athearraíocht a bhainfear as limistéar na stáblaí agus coinneáil codanna áirithe de na hoibreacha coimhdeacha, rud atá níos inbhuanaithe. Soláthraítear sa chaibidil seo cainníochtaí nuashonraithe maidir leis na hábhair thógála agus an trácht tógála i bhfianaise na gcéimeanna breise.

Sa chaibidil seo leagtar amach ar dtús an mhodheolaíocht atá á leanúint agus an chaibidil nuashonraithe seo á hullmhú (Cuid 7.2), cuirtear síos ar an timpeallacht ghlactha (Cuid 7.3), agus cuirtear síos ar na gníomhaíochtaí tógála a bhaineann leis an Tionscadal (Cuid 7.4). Tugtar tuairisc ar thionchair fhéideartha an Tionscadail (Cuid 7.5) agus tugtar tuairisc ar na bearta maolaithe (Cuid 7.6) agus ar na tionchair iarmharacha (Cuid 7.7). Críochnaíonn an chaibidil le hachoimre (Cuid 7.8) agus cuid ina bhfuil tagairtí (Cuid 7.9).

Baintear úsáid sa chaibidil nuashonraithe seo, i gcás inar cuí, as an bhfaisnéis a bailíodh le linn na staidéar srianta agus roghnaithe bealaigh don N6 GCRR atá beartaithe agus measúnuithe eile a rinneadh faoi na ceannteidil – ithreacha agus geolaíocht, sócmhainní ábhartha neamhthalmhaíochta, torann agus creathadh, cáilíocht an aeir agus aeráid, daoine, daonra agus sláinte, hidrigeolaíocht, hidreolaíocht, seandálaíocht, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha, tírdhreach agus amharc – don TMTT nuashonraithe seo. Ba chóir an chaibidil seo a léamh i gcomhar le Fíoracha 7.001 go dtí 7.002; 7.101 go dtí 7.124; 7.201 go dtí 7.202 agus 7.301 go dtí 7.302.

## 7.2 Modheolaíocht

Tá ullmhú na caibidle seo bunaithe ar staidéar deasca, réamhshuirbhéanna láithreáin, imscrúduithe talún agus ar fhaisnéis a bailíodh le linn comhairliúcháin le húinéirí talún agus le húinéirí tí, le soláthróirí fóntas agus seirbhíse agus leis an bpobal.

Reáchtáladh ceardlanna tógála san Oifig Deartha Tionscadail le linn ullmhú TMTT 2018. Ba é cuspóir na gceardlann athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an dóigh a dtógfaí an N6 GCRR atá beartaithe le haghaidh na measúnachtaí timpeallachta lena mbaineann.

D'fhreastail speisialtóirí comhshaoil éagsúla ar na ceardlanna a bhí ag idirghníomhú leis an bhfoireann deartha. I measc na speisialtóirí ó dhisciplíní difriúla éagsúla bhí éiceolaíocht, torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, an aeráid, tírdhreach agus amharc, réimsí geoiteicniúla agus hidreolaíocht. Chuir an fhoireann deartha forbhreathnú i láthair de dhearadh an N6 GCRR atá beartaithe agus na príomhshrianta nach mór breathnú orthu le linn na tógála. Tionóladh plé comhoibríoch idir na disciplíní éagsúla chun srianta agus tionchair ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an tógáil a thabhairt chun suntais. Leanadh leis an gcomhoibriú idir na speisialtóirí éagsúla agus leis an bhfoireann deartha.

Reáchtáladh ceardlanna eile idir an fhoireann deartha agus na speisialtóirí comhshaoil ar an 27 Samhain 2023 agus an 26 Meitheamh 2024. Ba é cuspóir na gceardlann athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar aon athruithe ar an N6 GCRR atá beartaithe agus ar an dóigh a dtógfaí an Tionscadal le haghaidh na measúnachtaí timpeallachta lena mbaineann, ós rud é go bhfuil seicheamhú chéimeanna an Tionscadail i gceist anois chun freastal ar na stáblaí sealadacha agus buana mar a leagtar amach i gCaibidil 5. D'úsáid na speisialtóirí comhshaoil an fhaisnéis sin ansin chun tuiscint a fháil ar na príomhshrianta atá le cur san áireamh le linn na tógála agus chun é a chur ar chumas na foirne tionscadail, lena n-áirítear na speisialtóirí comhshaoil, measúnú a dhéanamh ar aon tionchar comhshaoil gaolmhar. Chuir an próiseas leanúnach idirghníomhach seo bonn eolais faoi na measúnachtaí sa chaibidil seo agus i gcaibidlí ábhartha eile sa TMTT nuashonraithe seo.

Is iad seo na príomhthreoirlínte a úsáideadh chun an chaibidil seo a ullmhú:

- Treoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) ar an bhFaisnéis atá le Cuimsiú sna Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EPA, 2022)
- Treoirlínte Bhonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le nósanna imeachta um measúnú agus um chóireáil na geolaíochta, hidreolaíochta agus hidrigeolaíochta le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (TII, 2009)
- Pleanáil Comhshaoil TII le haghaidh Tionscadail Bóithre agus Glasbhealaí Náisiúnta (TII, 2023)
- Measúnacht Tionchair Timpeallachta TII ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil (TII, 2008) a úsáideadh chun bonn eolais a chur faoi ullmhú dhoiciméid 2018

## 7.3 An Timpeallacht Ghlactha

Is ionann an timpeallacht ghlactha agus tailte tuaithe measctha le himeall uirbeach Chathair na Gaillimhe agus cuimsíonn sí roinnt d'fhorbairt fho-uirbeach ina bhfuil mórchuid foirgneamh amhail an fhorbairt feadh Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus Bhóthar Thuama an N83. Tá cloch eibhir i sraith íochtar an limistéir siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus tá aolchloch i sraith íochtar an limistéir soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus ní mór é sin a chur san áireamh maidir le hath-úsáid na n-ábhar le linn na tógála. Tá an líonra bóithre atá ann a d'fhéadfaí a úsáid mar bhealaí iompair comhdhéanta de na bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá tuairisc ar an mbealach iompair atá beartaithe tugtha thíos i Tábla 7.5 agus léirithe ar Fhíoracha 7.001 agus 7.002 agus 7.101 go dtí 7.124. Tá suíomhanna ina bhféadfaí pléascadh a dhéanamh le haghaidh tochaltán léirithe ar Fhíoracha 7.201 agus 7.202 agus tá na limistéir atá beartaithe mar limistéir sil-leagan ábhar léirithe ar Fhíoracha 7.301 agus 7.302. Tugtar tuairisc iomlán ar an timpeallacht ghlactha i gCaibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal.

## 7.4 Gníomhaíochtaí Tógála

### 7.4.1 Forbhreathnú

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar chéimniú na tógála (Cuid 7.4.2), oibreacha cumasúcháin (Cuid 7.4.3), ullmhú láithreáin agus oibreacha glanta (Cuid 7.4.4), dúnadh agus malairtí slí bóithre atá beartaithe (Cuid 7.4.5), cineál féideartha conartha (Cuid 7.4.6), príomhghníomhaíochtaí tógála atá roinnte ina gcodanna chun críoch an TMTT seo (Cuid 7.4.7), modheolaíochtaí tógála atá beartaithe (Cuid 7.4.8), foinsí ábhair agus iompar, lena n-áirítear cainníochtaí oibreacha créafóige, bealaí iompair atá beartaithe agus cumaisc thógála

(Cuid 7.4.9), malairtí slí seirbhíse agus fóntas (Cuid 7.4.10), fostaíocht agus leas (Cuid 7.4.11), sláinte agus sábháilteacht tógála (Cuid 7.4.12), coimisiúnú agus díchoimisiúnú champúin láithreáin an Tionscadail (Codanna 7.4.13 agus 7.4.14).

Meastar go mairfidh an tréimhse thógála thart ar 60 mí san iomlán, cé nach tréimhse leanúnach a bheidh sa tréimhse thógála. Maidir leis na stáblaí sealadacha agus stáblaí buana, ar chuir Iontaobhas Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe, Tagairt Chláir 24/60279, iarratas ar leith ar phleanáil ina leith faoi bhráid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, tá siad riachtanach chun aon tionchar ón N6 GCRR atá beartaithe ar an ráschúrsa a mhaolú agus chun a chinntiú gur féidir leis an ráschúrsa leanúint ar aghaidh ag oibriú le linn thógáil an N6 GCRR atá beartaithe agus i ndiaidh na tógála. Beidh an tréimhse thógála do na stáblaí ar siúl ar an dá thaobh de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe, a mhairfidh suas le 36 mhí. Tógfar an Tionscadal i gcéimeanna le linn an ama sin, bliain amháin le haghaidh Chéim 1, trí bliana le haghaidh Chéim 2 agus bliain amháin chun Céim 3 agus Céim 4 a chur i gcrích. Beidh raon éagsúil gníomhaíochtaí tógála ar siúl ag an am céanna ag líon suíomhanna feadh bhealach an N6 GCRR atá beartaithe le linn Chéim 2 den Tionscadal, ach déanfar iad ar mhodh céimnithe. Úsáidfear modhanna a nglactar leo go hidirnáisiúnta chun an fhorbairt a thógáil. San obair thógála ar an Tionscadal áirítear gníomhaíochtaí amhail tochailt, tógáil claífort agus struchtúr, tollánú, carnadh, briseadh carraigeacha agus bogadh ábhar laistigh den limistéar fálaithe oibre. Cruthóidh sé sin torann, dusta agus gluaiseacht innealra, a d’fhéadfadh dul i gcion ar an timpeallacht máguaird. Déanfar sraith de bhearta maolaithe dea-chleachtais a bhfuil cur síos déanta orthu i gcaibidlí ábhartha an TMTT nuashonraithe seo a chuimsiú isteach sa chéim thógála lena chinntiú nach sárófar na luachanna teorann dochta atá leagtha síos chun tionchair shuntasacha ag suíomhanna íogaire a sheachaint.

Forbraíodh straitéis tógála chun na tionchair fhéideartha comhshaoil ag gach céim den Tionscadal i ndiaidh a chéile a íoslaghdú. Ní mór trealamh cumhachtach agus trealamh mór agus trom a úsáid go minic le haghaidh mórghníomhaíocht tógála amhail obair thochailte. Glacann sé tréimhse shuntasach ama chun na hoibreacha sin a chur i gcrích agus tá gníomhaíochtaí éagsúla i gceist le céimeanna céimnitheacha na tógála agus ní mór cineálacha éagsúla trealaimh a úsáid díobh. Ar an iomlán, áfach, gníomhaíocht shealadach is ea an tógáil. Tá an t-innealra agus na teicnící sofaisticiúil agus tá siad deartha lena n-oibriú leis an tionchar timpeall orthu a íoslaghdú. Mairfidh tionchar iarmharach ar bith, a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh air, ar feadh tréimhse teoranta. Go bunúsach, tá na hoibreacha a theastaíonn chun an Tionscadal a thógáil cosúil le mórthionscadail tógála eile in Éirinn agus ar fud an domhain.

Áirítear iad seo a leanas ar ghníomhaíochtaí ginearálta agus tionchair fhéideartha a bhaineann le tógáil an Tionscadail:

- Glanadh láithreáin lena n-áirítear scártáil agus glanadh fásra
- Fálú
- Rochtain ar láithreáin
- Campúin Tógála
- Imscrúduithe láithreán agus tástáil seandálaíochta
- Cairéalú agus próiseáil na gcumascán
- Riachtanas ábhar agus foinse ábhar
- Dúnadh sealadach bóithre agus malairtí slí sealadacha bóithre
- Bainistíocht/cóireáil uisce
- Stóráil shealadach ábhar, farasbarr ábhar nó dramhaíl a thagann chun cinn
- Próiseáil agus iompar ábhar tochailte, i gcás ina bhfuil sé oiriúnach, lena n-athúsáid san N6 GCRR atá beartaithe

Déantar plé ar na gníomhaíochtaí thuas sna codanna seo a leanas ar chóir iad a léamh i gcomhar le Caibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal. Le cois an liosta thuas déantar plé orthu seo a leanas chomh maith:

- Foirm na tógála agus tréimhse na n-oibreacha

- Srianta tógála
- Modhanna tógála ginearálta
- Clár, céimniú agus uaireanta oibre na tógála
- Trácht agus rochtain tógála

Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí tógála gaolmhara ar a mbreathnaítear i gcaibidlí eile den TMTT nuashonraithe seo:

- Oibreacha créafóige agus bainistíocht ábhar tochailte (tag. Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht)
- Draenáil láithreáin (féach Caibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal, Caibidil 10, Hidrigeolaíocht agus Caibidil 11 Hidreolaíocht)
- Tírdhreachtú (féach Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc)
- Malairt slí fóntas (féach Cuid 7.4.4.3 thíos agus Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta)
- Iompar agus bainistíocht créafóige (tag. Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir)
- Carbón corpraithe ábhar, iompar ábhar agus gníomhaíochtaí tógála (tag. Caibidil 17, Aeráid)
- Torann agus creathadh a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála lena n-áirítear pléascadh ((féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh)
- Tionchair a eascraíonn as meascán de na nithe ar fad thuas i dtéarmaí tionchair ar dhaonra agus sláinte an duine (féach Caibidil 19, Daonra agus Sláinte an Duine)
- Athúsáid agus bainistíocht ábhar dramhaíola (tag. Caibidil 20, Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola)

#### *7.4.1.1 Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP)*

Tá Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) don Tionscadal curtha ar fáil in Appendix A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo. Is leagan nuashonraithe é sin den CEMP atá in TMTT 2018 chun na treoirlínte reatha ó bhí 2018 ann a chur san áireamh agus chun mionathruithe áirithe a moladh ó bhí 2018 ann a léiriú freisin. Déantar taifead ann ar an straitéis fhoriomlán um bainistiú comhshaoil a ghlacfar agus a chuirfear i bhfeidhm i rith chéimeanna tógála an Tionscadail. Is é cuspóir an CEMP a léiriú mar a fhéadfar na hoibreacha tógála atá beartaithe a dhéanamh ar bhealach loighiciúil, stuama agus sábháilte agus go gcuirfear san áireamh bearta rialaithe comhshaoil sonracha a bhainean le hoibreacha tógála dá leithéid. Leagtar amach sa CEMP an mheicníocht trína mbainfear amach an chosaint comhshaoil le linn chéim thógála an Tionscadail. Cinnteoidh feidhmiú an CEMP go mbeidh an laghad cur isteach agus núis agus is féidir ann. Áirítear an méid seo a leanas sa CEMP:

- Sonraí Ginearálta an Tionscadail
- Bileoga Teagmhálaithe
- Cáipéisí Tagartha
- Struchtúr/Dualgais agus Freagrachtaí na hEagraíochta
- Gealltanais um Chomhshaol agus Bearta Rialaithe Comhshaoil
- Ráitis Modhanna/Pleananna Bainistíochta Sainiúil don láthair
  - Plean Bainistíochta Dramhaíl Tógála agus Scartála
  - Plean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe
  - Plean um Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach
  - Plean um Fhreagairt ar Theagmhais

- Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála

- Straitéis um Oiliúint ar Fheasacht Comhshaoil
- Straitéis Cumarsáide
- Cigireachtaí, Iniúchóireacht agus Straitéis Monatóireachta ar Chomhlíonadh
- Aistriú Deiridh

Ní mór an CEMP nuashonraithe arna sholáthar in Aguisín A.7.5 a léamh i gcomhar le faisnéis na ngníomhaíochtaí tógála atá curtha ar fáil sa TMTT nuashonraithe seo. Féach Cuid 7.6.1 den chaibidil seo chomh maith le haghaidh tuilleadh sonraí faoin CEMP.

### 7.4.2 Céimniú na Tógála

Tá céimeanna breise, cúig cinn san iomlán, sa seicheamh tógála foriomlán i gcomparáid leis an seicheamh a cuireadh i láthair in TMTT 2018 chun freastal ar an iarratas ar leith ar phleanáil le haghaidh na stáblaí sealadacha agus buana. Tarlóidh tógáil an Tionscadail thar cheithre nó cúig chéim tionscadail mar a leanas:

- Céim 1: Níl na hoibreacha sin mar chuid den cheadú arna lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe, ach tá Céim 1 mar chuid den Tionscadal a bhfuil machnamh agus measúnú déanta air chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áirítear ar na hoibreacha a dhéanfar mar chuid de Chéim 1 tógáil an chlóis stábla shealadaigh, seid innealra, seid chothabhála, toibreacha i gcomhair soláthair uisce, fostáisiún BSL agus ciorcal réamhpharáide agus pailliún nua ar thailte Ráschúrsa na Gaillimhe. Is ábhar iarratas ó úinéirí Ráschúrsa na Gaillimhe ar chead pleanála iad na hoibreacha, mar a luaitear thuas.
- Céim 2: Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 2 na nithe seo a leanas:
  - Soláthar an N6 GCRR atá beartaithe in dhá chéim a dhéanfar i gcomhthráth:
    - Céim A – Acomhal Chúil Each an N6 go dtí Acomhal Leitrí an N59 – 9.9km (Bóthar Ceangail Thuaidh agus Theas an N59 san áireamh.)
    - Céim B – Acomhal Leitrí an N59 go dtí an R336 siar ó Bhearna – 7.5km

    Le cur i gcrích Chéim A sholáthrófaí tairbhe an bhealaigh nua trasna na habhann agus sholáthrófaí nasc nua le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus mórcheantar Chnoc na Cathrach. D'fhéadfaí Bóthar Ceangail Thuaidh agus Theas an N59 agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire a thógáil mar chuid de réamhchonradh oibreacha, ach déanfar iad sin a mheasúnú mar chuid den phríomhchonradh chun críoch an TMTT nuashonraithe seo mar go mbeadh na tionchair chomhshaoil lena mbaineann mar an gcéanna. Le cur i gcrích Chéim B sholáthrófaí nasc iomlán ó iarthar Shráidbhaile Bhearna chomh fada soir le Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise agus le naisc éagsúla chomhréidhe agus ghrádaithe dheighilte eatarthu
  - Tá an clós stábla atá ann faoi láthair le scartáil, lena n-áirítear an tobar, an t-umar uisce atá ann faoi láthair, an tseid innealra agus an áit pháirceála chóngarach
  - Tá an foirgneamh tráchtála atá faoi láthair ar na tailte is ábhar do Scéim Mótarbhealaigh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, 2018, atá beartaithe, ar an taobh ó thuaidh de Ráschúrsa na Gaillimhe, le scartáil agus tá an láithreán le glanadh
  - Tá an áit pháirceála atá ann faoi láthair do bhoscaí capaill taobh le hAscaill an Ráschúrsa le scartáil, lena n-áirítear baint an tsocraithe rochtana atá ann faoi láthair ar reilig Bhaile an Bhriotaigh, chun freastal ar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe mar chuid den N6 GCRR atá beartaithe
- Céim 3: Níl na hoibreacha sin mar chuid den cheadú arna lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe, ach tá Céim 3 mar chuid den Tionscadal agus tá machnamh agus measúnú déanta air chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 3 tógáil an chlóis stábla bhuain nua ar chríochnú agus aistriú an N6

GCRR atá beartaithe. Arís eile, is ábhar iarratas ó úinéirí Ráschúrsa na Gaillimhe ar chead pleanála iad na hoibreacha sin, mar a luaitear thuas.

- Céim 4: Níl na hoibreacha sin mar chuid den cheadú arna lorg mar chuid den Iarratas Alt 51 le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe, ach tá Céim 4 mar chuid den Tionscadal agus tá machnamh agus measúnú déanta air chun críocha na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus na Measúnachta Cuí. Áireofar ar na hoibreacha a dhéanfar faoi Chéim 4 scartáil an chlóis stábla shealadaigh a thógfar i gCéim 1 agus áit pháirceála a chur ar ais ar láithreán an chlóis stábla shealadaigh. Coinneáil fhostáisiún BSL, an phailliúin, na seide innealra, na seide cothabhála agus an chiorcail réamhpharáide. Arís eile, is ábhar iarratais ó úinéirí Ráschúrsa na Gaillimhe ar chead pleanála iad na hoibreacha sin.

### 7.4.3 Oibreacha Cumasúcháin

Is ionann oibreacha cumúsacháin agus na hoibreacha a dhéantar go ginearálta ar shaoráidí atá ann chun spás nó rochtain a chur ar fáil le haghaidh na n-oibreacha buana agus/nó na tógála. Go bunúsach, ní mór na hoibreacha sin a chríochnú sular féidir na príomhoibreacha a thosú. Braitheann uainiú na n-oibreacha cumasúcháin ar thosú beartaithe chéim na bpríomhoibreacha atá deartha chun tógáil a chumasú. D'fhéadfaí tús a chur le cuid díobh i bhfad roimh na ngníomhaíochtaí tógála. Breathnaíodh ar na tionchair fhéideartha chomhshaoil a bhaineann leis na hoibreacha cumasúcháin sa TMTT nuashonraithe seo.

Sula gcuirtear tús leis na príomhoibreacha tógála, beidh gnéithe d'oibreacha cumasúcháin agus ullmhúcháin ann, amhail malairtí slí fóntas, imscrúduithe talún, cóireáil speiceas coimhthíoch ionrach agus imscrúduithe seandálaíochta, atá deartha go bunúsach chun an talamh a ghlanadh i gcomhair na bpríomhghníomhaíochtaí. Breithníodh na gníomhaíochtaí sin ag an gcéim seo lena chinntiú go bhfuil an talamh agus an rochtain ar fad is gá cuimsithe san iarratas seo ar phleanáil.

Is iad seo a leanas roinnt samplaí de na príomhoibreacha cumasúcháin roimh Chéim 2:

- Malairt slí líne lasnairde BSL 110kV ag Cúil Each, Baile an Bhriotaigh, Cnoc Mhaoil Drise
- Atreorú an líonra dáileacháin gáis ag Rathún agus líonra tarchurtha gáis ag Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr
- Malairt slí Ascaill an Ráschúrsa agus athrú cúrsa den bhealach isteach ó thuaidh go dtí Ráschúrsa na Gaillimhe, agus dhá thobar do Ráschúrsa na Gaillimhe a athsholáthar

### 7.4.4 Glanadh Láithreáin agus Oibreacha Ullmhúcháin

Déanfar glanadh láithreáin lena n-áirítear scartáil, glanadh fásra agus cóireáil speiceas coimhthíoch ionrach laistigh de Theorainn na Measúnachta. Cuirfear glanadh an fhásra agus cóireáil na speiceas coimhthíoch ionrach i gcrích i gcomhréir le CEMP atá in Aguisín A.7.5. Tá srianta ann maidir le glanadh láithreán agus tógáil ag suíomhanna ina bhfuil éin phórúcháin. Nuair is indéanta, ní bhainfear fásra (e.g. fálta sceach, crainn, scrobarnach agus talamh féaraigh) idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa, in iarracht tionchair dhíreacha ar éin phórúcháin a sheachaint. I gcás nach gceadaítear an srian séasúrach sin a chomhlíonadh leis an gclár tógála, ansin déanfaidh éiceolaí a bheidh cáilithe go cuí imscrúdú orthu go bhfeicfidh sé an bhfuil éin ghoir ann sula ndéantar glanadh. Déanfar na láithreacha sin nach mbeidh aon neadacha iontu a ghlanadh laistigh de 3 lá ó dhéanfar an suirbhé neadacha, sin nó beidh gá le suirbhéanna a dhéanamh an athuair, (tag. Caibidil 8, Bithéagsúlacht).

Athrú ó bhí 2018 ann, beidh limistéar beag de ghlanadh láithreán breise ann faoi Chuid 1, toisc go nglanfar an leaba ghainimh agus na rianta rochtana atá sna limistéir charrchlóis faoi láthair i limistéar garpháirce an ráschúrsa i suíomh na stáblaí sealadacha atá beartaithe, chomh maith leis an limistéar carrchlóis tarmac i suíomh an chiorcal réamh-pharáide atá beartaithe. Beidh an glanadh láithreáin le haghaidh Chéim 2 mar a cuireadh i láthair in TMTT 2018 agus glanfar go dtí leibhéal na talún gach láthair den láithreán a theastaíonn chun Céim 2 den Tionscadal a thógáil, agus i roinnt cásanna beidh gá le struchtúir atá ann cheana a scartáil, lena n-áirítear áiteanna cónaithe agus réadmhaoine tráchtála, féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta. Déanfar crainn a chosaint nuair is féidir nuair a chruthófar rochtain tógála. Déanfar láithreacht agus nádúr míreanna lena bhfuil tábhacht oidhreachta a thaifeadadh agus a chaomhnú nuair is féidir. Déanfar monatóireacht agus imscrúduithe seandálaíochta chomh maith chun fionnachtain adhlactha ar

bith a thaifeadadh agus a chaomhnú ag baint úsáide as na modhanna cuí. Ní bheidh aon ghlanadh láithreáin nua breise ag teastáil le haghaidh oibreacha tógála Chéim 3 agus Chéim 4.

Breathnaíodh ar rochtain le haghaidh obair imscrúdaithe talún agus tástáil seandálaíochta bhreise mar chuid den TMTT nuashonraithe seo agus áirítear iad laistigh de Theorainn na Measúnachta.

Déanfar farasbarr ábhar a athúsáid laistigh de na hoibreacha don Tionscadal nuair is féidir agus beidh sé faoi réir tástáil chuí lena chinntiú go mbeidh sé oiriúnach dá úsáid deiridh. Déanfar dramhaíl dhosheachanta a chruthófar a bhainistiú faoi mar a léirítear i gCaibidil 20, Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola.

#### *7.4.4.1 Fálú*

Sula dtosófar ar Chéim 1, cuirfear fálta sealadacha ar an limistéar mórthimpeall na stáblaí sealadacha go dtí go mbeidh Céim 1 críochnaithe. I gcás Chéim 2, cuirfear fálta timpeall na talún atá le fáil i le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe agus beidh srian curtha ar bhealach tríthi. D'fhéadfadh go mbeadh gá le fálta nó ballaí cláir sealadacha tógála sula gcuirfear suas fálta buana chun an láithreán a dhéanamh slán agus teacht isteach gan chead a chosc. Bainfear úsáid as fálú de réir Fhoilseacháin TII. I gCéim 3, cuirfear fálta thart ar an láthair timpeall na stáblaí buana go dtí go mbeidh Céim 3 críochnaithe agus ansin cuirfear fálta timpeall na stáblaí sealadacha le linn Chéim 4 agus iad á scartáil. Tá líníochtaí de na cineálacha fálta atá beartaithe le fáil i bhFíoracha 5.5.01 go dtí 5.5.30 in Imleabhar 3 den TMTT nuashonraithe seo. Is in A.1.9 de IFB 2019 a cuireadh na fíoracha sin isteach i dtosach.

Beidh cineálacha éagsúla fálta feadh an Tionscadail ag brath ar na cúinsí éagsúla lena bhféadfaí gá a bheith le fálú cuaille adhmaid agus ráille, fála cuaille adhmaid agus mogaill, ballaí saoirseachta, fálú sonnaigh chruach, bacainní torainn, uchtbhallaí agus d'fhéadfadh siad a bheith ina bhfálta sealadacha. Beidh modhanna éagsúla i gceist le tógáil an fhálaithe chomh maith ag brath ar shuíomh na ngabhdóirí íogaire amhail láithreacht ghnáthóga Iarscríbhinn I. Mar shampla, tógfar an fálú le haghaidh Chéim 2 den Tionscadal ag Tarbhealach Mhionlaigh gan dul i gcion ar shlí ar bith ar ghnáthóg Iarscríbhinn 1, is é sin pábháil Aolchloiche. Beidh ar an gconraitheoir ráiteas modha a ullmhú chun é sin a léiriú. I gcásanna áirithe ceadófar pointí trasnaithe sealadacha do bheostoc agus innealra go dtí go dtógfar bóithre áise. Tógfar fálú ó thaobh an bhóthair atá beartaithe den fhál chomh maith. I gceantar ina gcuimsíonn Teorainn na Measúnachta gnáthóg Aguisín I laistigh de SAC Loch Coirib atá le coinneáil, beidh na fálta buana suite idir an N6 GCRR atá beartaithe agus gnáthóg Iarscríbhinn I agus ní bheidh siad suite laistigh de na limistéir ghnáthóige.

Ar chríochnú Chéim 3 den Tionscadal, tógfar fálú agus ballaí teorann mar a thaispeántar ar na fótamontáisí don fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe chun clós stábla daingean a chinntiú.

Ar chríochnú Chéim 4, coinneofar an fálú mar a suiteáladh é i gCéim 1.

#### *7.4.4.2 Bainistíocht Uisce*

Cuirfear draenáil láithreáin ar fáil chun rith uisce dromchla a bhailiú, a threorófar chuig saoráid cóireála uisce láithreáin sula ndoirfear é isteach sa líonra draenála áitiúil. Ní mór draenacha réamhoibreacha créafóige a thógáil roimh na bpríomhoibreacha créafóige chun tuile tailte cóngaracha nó a mhalairt a chosc.

Beidh gá le linnte draenála agus díoga idircheapóra a thógáil roimh na bpríomhoibreacha créafóige chomh maith chun an rith uisce dromchla ar fad a bhailiú, a chóireáil agus a dhoirteadh le linn na tógála. Beidh gá le baic shiolta le haghaidh tógáil ar bith gar do shruthchúrsaí íogaire.

Faoi mar a shonraítear sa CEMP (Aguisín A.7.5) (amhail an plean rialaithe dríodar, creimthe agus truaillithe) cuirfear rialuithe/bearta maolaithe sonracha i bhfeidhm chun rith chun srutha a bhainistiú agus truailliú ar dhobharlaigh ghlactha le linn na tógála a íoslaghdú. Tá tuilleadh eolais maidir leis sin ar fáil chomh maith i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht agus Caibidil 11, Hidreolaíocht.

Is cosúil go ndéanfar aon dí-uisciú tógála le linn Chéim 1 de thoradh na doimhne faoin talamh go dtí an maoschlár.

De réir TMTT 2018, beidh dí-uisciú tógála ag teastáil agus déanfar é bhainistiú le linn Chéim 2 den Tionscadal ag na suíomhanna seo a leanas:

- Idircheapadh screamhuisce le haghaidh gearrthacha in Uiscíoch Eibhir na Gaillimhe, agus doirtfear an screamhuisce i sruthchúrsaí dromchla
- D'fhéadfadh screamhuisce tarlú sa ghearradh siar ó Bhóthar Thuama an N83 Ch. 13+050 go Ch. 13+650 (TT27) ar bhonn séasúrach le linn buaicleibhéil screamhuisce san Aolchloch Neamhdhifreálach Viséach. Áirítear ar an dearadh draenáil chun screamhuisce a idircheapadh agus a iompar ar shiúl ón tógáil lena dhoirteadh sa dobharlach screamhuisce céanna
- Déanfar dí-uisciú na hAolchloiche Neamhdhifreálaí Viséí i dTollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus ar na bealaí isteach chuige. Le draenáil na tógála déanfar screamhuisce a idircheapadh agus a iompar ar shiúl ón tógáil lena dhoirteadh sa dobharlach screamhuisce céanna

Ní bheidh dí-uisciú tógála ag teastáil do Chéim 3, do Chéim 4 ná do Chéim 5 den Tionscadal. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an dí-uisciú tógála ó TMTT 2018. Tá tuilleadh eolais maidir leis sin ar fáil chomh maith i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht.

#### *7.4.4.3 Malairt Slí Fóntas*

Tá measúnú déanta ar obair uile na malairtí slí d'fhóntais amhail fóntais leictreacha, teileachumarsáide, gáis agus uisce i gCaibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta. I gCéim 1, suiteálfar fostáisiún nua ag cúl na seide cothabhála chun an clós stábla sealadach, an tseid chothabhála, an tseid innealra agus an ciorcal réamhpharáide a chumhachtú.

Áirítear ar na príomh-mhalairtí slí do Chéim 2 den Tionscadal ceithre mhalairt slí línte lasnairde 110kV ag Baile an Bhriotaigh agus Cúil Each, malairt slí príomhlíonra gáis amháin ag Rathún, malairt slí shealadach príomhlíonra gáis amháin agus malairt slí séaraigh bhréin ag Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr, agus dhá mhalairt slí príomhshéaraigh bhréin ag Baile an Bhriotaigh agus Bóthar Bhaile an Mhóinín.

I gCéim 3, déanfar naisc le malairtí slí a rinneadh le linn Chéim 2 i gcóngaracht do na stáblaí buana.

Le linn Chéim 4, ní bheidh roinnt fóntas a suiteáladh i gCéim 1 ag teastáil a thuilleadh de thoradh dhíchoimisiúnú na stáblaí sealadacha.

#### *7.4.4.4 Scartáil*

Caithfear foirgnimh atá ann a scartáil ag roinnt limistéar agus déantar an scartáil sin a bhreathnú agus a mheasúnú i gCaibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta agus Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta agus léirítear iad i bhFíoracha 14.1.1 go dtí 14.1.15, agus Fíoracha 15.3.01 go dtí 15.3.15.

Déanfaidh sainchonraitheoir scartála an obair scartála agus oibreoidh sé de réir an ráitis mhodha agus na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta (féach Cuid 7.4.12 thíos). Déanfar breac-chuntas sa ráiteas modha ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe ag an gconraitheoir na hoibreacha scártála a dhéanamh de réir an CEMP lena léiriú go ndéanfar an obair ar mhodh sábháilte agus lena chinntiú nach dtiocfaidh tionchair shuntasacha chomhshaoil chun cinn. Faomhfaidh an Fostóir an ráiteas modha seo roimh oibreacha ar bith.

Faoi mar atá mionsonraithe sa CEMP (Aguisín A.7.5), cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí i bhfeidhm ina soláthrófar sásra dhá bhealach don phobal chun cumarsáid a dhéanamh le ball ainmnithe d'fhoireann an Chonraitheora agus don Chonraitheoir chun faisnéis thábhachtach faoi ghnéithe éagsúla den Tionscadal a chur in iúl don phobal. Áireofar leis sin straitéis cumarsáide chun scártáil bheartaithe ar bith sa cheantar a chur in iúl do chónaitheoirí in aice láimhe. Cuirfear suas comharthaí rabhaidh ar a gcuirfear na contúirtí a bhaineann le gléasra a bhogadh/oibreacha scártála in iúl do dhaoine.

Lena chois sin, tá sraith beart maolaithe agus rialuithe sonracha a bhfuil sé d'oibleagáid ar an gconraitheoir iad a chur i bhfeidhm i dtaca leis na hoibreacha tógála (lena n-áirítear oibreacha scartála) mionsonraithe go sonrach agus leagtha amach sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus Caibidil 18, Torann agus Creathadh (féach Cuid 7.4.1 agus Cuid 7.6 chun sonraí breise a fháil).

Sula gcuirfear tús le hoibreacha scártála ar bith, tógfar fálú slándála thart ar an láthair atá le scártáil agus déanfar é a sheiceáil go rialta lena chinntiú go bhfuil sé i mbail shásúil. Déanfar tionchair fhéideartha ar réadmhaoine in aice láimhe le linn na tógála a mhaolú le cur chun feidhme na mbeart atá léirithe i gCuid 7.6 thíos.

Sula ndéanfar scártáil ar bith déanfar suirbhéanna aispeiste ar na struchtúir uile chun a dhearbhú an bhfuil ábhair aispeiste ar bith i láthair. Ní dhéanfar obair scártála ar bith mura ndéanfar aispeist a ghlanadh go sábháilte ón struchtúr.

Déanfaidh duine inniúil suirbhéireacht ar réadmhaoine i gcomhair ábhair ina bhfuil aispeiste agus bainfidh pearsanra oilte na hábhair aispeiste agus cuirfear isteach i bpacáistiú cuí iad lena mbaint den láithreán de réir na reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta (féach Cuid 7.4.12 thíos) agus, ar an gcaoi sin, cinnteofar nach dtiocfaidh tionchair shuntasacha chomhshaoil chun cinn.

Sula ndéanfar oibreacha troma scártála ar bith, gheofar réidh leis an mbruscar agus an smionagar thart ar an réadmhaoin agus cuirfear isteach i scipí bruscair é lena athchúrsáil/dhiúscairt. Áireofar ar na hábhair sin an dramhaíl tís, troscán agus feistis chistine ar fad a bheidh dumpáilte ar na réadmhaoine, iontu nó thart orthu. Gheofar réidh leis na hábhair sin ag baint úsáide as teicnící meicniúla agus déanfar iad a scaradh agus a stoc-charnadh lena mbaint den láithreán.

Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha scártála, déanfar na seirbhísí go léir atá ann a shainaithint, a aimsiú agus a chasadh as. Áirítear leis seo BSL, uisce, gás agus teileachumarsáid. Cinnteoidh an conraitheoir go mbeidh na seirbhísí go léir do réadmhaoine casta as sula gcuirfear tús le hoibreacha scártála.

Cuirfear suirbhé ialtóg i gcrích ag gach réadmhaoin sula ndéanfar iad a scártáil. Áireofar leis sin éiceolaí ag baint úsáide as cliabhán ardaithe chun na tíleanna dín a rochtain agus roinnt tíleanna a bhaint. A luaithe is a dhearbhóidh an t-éiceolaí go bhfuil an spás dín glanta féadfar an scártáil a dhéanamh.

Áireofar ar an bpróiseas scártála scártáil mheicniúil na bhfoirgneamh agus baint ábhar ón láithreán. Déanfar na hoibreacha chomh gasta agus is féidir agus ar mhodh éifeachtach agus sábháilte. Déanfar na hoibreacha scártála faoi mhaoirseacht dhocht i gcónaí. Déanfar dea-mhaoirseacht ar scártáil na bhfoirgneamh agus ní bheidh cead ag pearsanra neamhúdaraithe dul isteach ar an láthair thart ar na foirgniamh.

Cuirfear tús le scártáil na struchtúr níos mó ó struchtúr an dín ag obair anuas. Úsáidfidh an conraitheoir tochaltóir mór-rianach do na hoibreacha scártála lena soláthrófar rochtain bhreise agus cumhacht bhreise don tasc a bheidh i gceist. Bainfear úsáid as bowser uisce chun dusta ó na hoibreacha scártála a shochtadh más gá sin. Soláthrófar aonaid sochta dusta ar mheaisíní gearrtha diosca, chun dusta a mhaolú.

Déanfar na réadmhaoine lena mbaineann a scártáil agus déanfar an smionagar ar fad a stoc-charnadh lena bhaint. Cuirfear an scártáil i gcrích ar mhodh rialaithe agus ní bheidh cead ag oibrithe ar bith dul gar don struchtúr go dtí go mbeidh an foirgneamh leagtha go talamh go hiomlán. Bainfear an t-ábhar ar fad de gach láithreán chuig saoráid cheadúnaithe. Ní fhágfar foirgneamh ar bith i mbail mhíshocair nó neamhshábháilte.

Go ginearálta, bainfear leas as tochaltóirí nó trealamh oiriúnach eile chun na ballaí tosaigh a bhaint de na réadmhaoine ar dtús chun rochtain a chur ar fáil chun na hurláir agus a n-ábhair a bhaint. Tarraingeofar na hábhair glan den struchtúr go dtí láthair oiriúnach lena bpróiseáil, scaradh agus lódáil tuilleadh. Déanfar na struchtúir choincréite a bheidh fágtha a scártáil agus a stoc-charnadh san áit ina dtitfidh siad ar bhonn sealadach. D'fhéadfadh an tochaltóir an struchtúr a bhrú ar bhonn bá le bá ina chodanna beaga agus ar an dóigh sin beifear ábalta an struchtúr a scartáil de réir a chéile ar mhodh sábháilte. Íoslaghdóidh sé sin titim codanna móra den choincréit ar an talamh ar mhodh neamhrialaithe.

Nuair is féidir maidir le hábhair in oibríochtaí scártála, déanfar ábhair amhail adhmad, cruach agus coincréit a bhailiú go suíomh lárnach, áit a ndéanfar iad a shórtáil agus a scaradh lena mbaint den láithreán. Nuair a bheidh struchtúir inmheánacha na réadmhaoin bainte, tarraingeofar na ballaí seachtracha a bheidh fágtha anuas agus déanfar iad a stoc-charnadh. Gheofar réidh le hábhair dramhaíola i ngach céim de na hoibreacha meicniúla chun láithreán sábháilte agus inoibrithe a chruthú don tochaltóir agus do na hoibrithe ar an láithreán araon. Nuair a bheidh go leor ábhair carntha tógfar na stoc-chairn scartha lena ndiúscairt agus / nó lena n-athchúrsáil.

D'fhéadfaí cur isteach ar sheirbhísí ar bhonn sealadach sa cheantar áitiúil le linn chúrsa na hoibre ach cuirfear iad sin ar ais. In idirchaidreamh le soláthróirí seirbhíse áitiúla, dínascfar na seirbhísí go léir sula ndéanfar oibreacha scártála.

Beidh fear pointe ainmnithe i láthair chun ainliú sábháilte innealra/tarlóirí a chinntiú. Déanfar an trácht tógála a bhainistiú ar mhodh sábháilte de réir an phlean fhoriomláin um bainistiú an tráchta tógála (Aguisín A.7.5).

Ní oibreoidh oibrithe ar bith faoi réimsí scártála agus coinneofar an trealamh ar fad a bheidh á oibriú ag na fostaithe in ordú maith oibre agus scrúdófar é de réir na n-eatramh arna moladh ag na déantóirí. Déanfar an obair ar fad de réir an ráitis mhodha agus na reachtaíochta agus faoi mhaoirseacht lánaimseartha.

Beidh dramhaíl na tógála éagsúil ó láithreán go láithreán ach bheadh na codáin neamhghuaiseacha seo a leanas ina measc de ghnáth:

- Ithir agus cloch
- Coincréit, brící, tíleanna agus ceirmeacht
- Asfalt
- Miotail
- Adhmad
- Eile

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i measc na sruthanna dramhaíola guaisí a d'fhéadfadh teacht chun cinn as na gníomhaíochtaí tógála:

- Comhpháirteanna dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh
- Ceallraí
- Aispeist
- Leasaithigh adhmaid
- Breoslaí leachta
- Ithir éillithe

Déanfar miotail ar bith a bheifear ábalta a tharrtháil lena n-athchúrsáil a bhaint agus a stóráil ar leithligh. Beidh gá leis an ngloine ar fad sa réadmhaoin amhail fuinneoga agus doirse, a thógáil roimh oibreacha scártála chun fáil réidh leis na contúirtí a bhaineann le gloine bhriste i smionagar nó le linn na n-oibreacha scártála.

I ngach cás ina mbeidh scártáil agus glanadh láithreáin ar siúl, cuirfear na bearta maolaithe ábhartha seandálaíochta agus ailtireachta chun feidhme. Féach Plean Bainistíochta Dramhaíola Tógála agus Scartála an CEMP atá cuimsithe in Aguisín A.7.5.

Déanfar measúnú iomlán ar na tionchair fhéideartha ar fad a bhaineann leis na hoibreacha scartála laistigh de chaibidlí ábhartha an TMTT nuashonraithe seo.

**Tábla 7.1 Cainníochtaí Scartála agus Iompar**

| | An Cineál Ábhair | Toirt measta ($m^3$) | Trácht Tógála (Turais HGV)* |
|---|---|---|---|
| Céim 1 | 0 | 0 | 0 |
| Céim 2 | Cosán | 1,171 | 281 |
| | Coincréit agus ábhair ghaolmhara | 6,745 | 1,718 |
| | Alúmanam struchtúrach | 3 | 1 |
| | Díon miotail | 15 | 4 |
| Céim 3 | 0 | 0 | 0 |
| Céim 4 | Coincréit agus ábhair ghaolmhara | 1,382 | 332 |
| | Urlárlach | 160 | 25 |
| Céim 5 | 0 | 0 | 0 |

*Áirítear leis sin turais go dtí an láithreáin agus uaidh, bídís folamh nó lán

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cur ar fáil acmhainní agus bainistíocht dramhaíola agus ábhair nach dramhaíl iad, a thagann ó scartáil, féach Caibidil 20, Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola, den TMTT nuashonraithe seo.

#### *7.4.4.5 Oifigí agus Campúin Láithreáin*

Áireofar na saoráidí don chonraitheoir agus d'fhoireann bainistíochta na tógála ar na hoibreacha ullmhúcháin láithreáin chomh maith.

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis sin:

- Rialú rochtana ar an láithreán a chur ar bun
- Oifigí láithreáin
- Saoráidí láithreáin (ceaintíní, leithris, seomraí triomúcháin, etc.)
- Oifigí d'fhoireann bainistíochta na tógála
- Campún sábháilte chun an t-innealra agus na hábhair ar fad ar an láithreán a stóráil
- Saoráidí sealadacha páirceála
- Fálú buan agus sealadach
- Slándáil an láithreáin

Féach Cuid 7.4.9.4 chun tuilleadh eolais a fháil faoi na campúin láithreáin.

#### *7.4.4.6 Gléasraí Baiscthe Coincréite agus Briste Carraigeacha*

Breathnaíodh ar shuíomhanna le haghaidh gléasraí baiscthe coincréite agus briste carraigeacha laistigh de Theorainn na Measúnachta mar chuid den TMTT nuashonraithe seo.

Ní bheidh aon ghléasra baiscthe coincréite nó briste carraigeacha ann mar chuid de Chéim 1, Céim 3 nó Céim 4 den Tionscadal.

Le haghaidh Chéim 2 den Tionscadal, tá sé beartaithe gléasra baiscthe coincréite agus briste carraigeacha a chur isteach ag Cairéal Leacaigh (Campún Láithreáin SC 11/01). Beidh campún láithreáin Chairéal Leacaigh ar cheann de na príomhchampúin láithreáin i gCéim 2 den Tionscadal (an N6 GCRR atá beartaithe), mar gheall ar a mhéid agus a shuíomh.

Tá sé beartaithe chomh maith gléasra briste carraigeacha agus grádaithe a chur ag na campúin láithreáin atá i ndlúthghaireacht na ngearrthacha a bhaineann le Céim 2 den Tionscadal chun íoslaghdú a dhéanamh ar fhad iompair an ábhair thochailte. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le leas a bhaint as aonad soghluaiste briste carraigeacha chomh maith chun iompar an ábhair thochailte a íoslaghdú. Féach Tábla Tábla 7.6 le haghaidh achoimre ar champúin láithreáin fhéideartha agus suíomhanna féideartha a sainaithníodh le haghaidh gléasraí baiscthe coincréite agus briste carraigeacha. Gheobhaidh an t-oibreoir an cead cuí le haghaidh gléasraí baiscthe amhail ceadanna saoráide dramhaíola sula dtosófar an ghníomhaíocht.

### 7.4.5 Dúnadh Bóithre agus Malairt Slí

Tógfar an Tionscadal ar mhodh lena n-íoslaghdófar, a mhéid is féidir, cur isteach ar bith ar na cónaitheoirí áitiúla agus úsáideoirí bóithre. Beidh ceanglais maidir le bainistíocht shealadach tráchta le linn thógáil an Tionscadail scríofa go sainráite i gCeanglais an Fhostóra maidir le doiciméid conartha na tógála agus beidh ar thairgeoirí comhlíonadh na gceanglas sin a léiriú le linn an phróisis tairisceana. Níl aon srian eile ann maidir le dúnadh bóithre nó malairtí slí a eascróidh as tús a chur le Céim 1, Céim 3 agus Céim 4 den Tionscadal.

Le haghaidh Chéim 2 den Tionscadal, tá dhá shuíomh ina mbeidh malairtí slí sealadacha i bhfeidhm chun struchtúir dhroichid a thógáil ag Ch. 3+300 Bóthar na hAille an L5384 agus Ch. 13+150 Bóthar na Scoile, an

Caisleán Gearr. Tá imlíne phlean de na malairtí slí sealadacha sin atá beartaithe léirithe i bhFíoracha 7.001 agus 7.002 agus tugtar tuairisc orthu i gCuid 7.4.5.

D'fhéadfadh gá a bheith le bóithre atá ann a dhúnadh san oíche in áiteanna a bhfuil tardhroichid le tógáil ag suíomhanna amhail Bóthar Rathúin, Bóthar Leitrí, Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh, an Bóthar Nua, an Seanbhóthar, N84 Bhóthar Áth Cinn, Bóthar Thuama an N83, Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise agus Bóthar Mhuine Mheá an R339.

Faoi mar atá mionsonraithe sa CEMP (Aguisín A.7.5), cuirfidh an Conraitheoir Straitéis Cumarsáide Poiblí i bhfeidhm ina gcuimseofar nósanna imeachta chun eolas a thabhairt do bhaill den phobal a bhféadfadh an chéim thógála dul i gcion go díreach orthu faoi sceidil le haghaidh gníomhaíocht ar bith de chineál cur isteach ar dócha go sáródh sé a réadmhaoin amhail pléascadh, scartáil, dúnadh bóithre agus malairtí slí, sá pílí agus gníomhaíochtaí maolaithe ar bith a bheidh á ndéanamh (sciathú, teorainn ar uaireanta oibre, etc.) chun cur isteach dá leithéid a íoslaghdú.

Beidh trí dhúnadh bóithre bhuana sa líonra bóithre áitiúla de thoradh Chéim 2 den Tionscadal. Beidh Bóthar Ann Gibbons (L13215) ag Ch. 2+500 i dTroscaigh gearrtha ag an N6 GCRR atá beartaithe agus beidh buanmhalairt slí ag teastáil don trácht áitiúil trí Bhóthar reatha Bhearna go Maigh Cuilinn an L1321. Beidh an bóthar ceangail atá ann ó Thimpeallán Bhóthar Dáileacháin an Iarthair ag Gort na Bró go hIonad Siopadóireachta Chnoc na Cathrach dúnta agus cuirfear bóthar ceangail nua ina áit a bheidh nasctha le Bóthar Ghort na Bró. Dúnfar go buan an rochtain ar Ráschúrsa na Gaillimhe ó Chorrán Bhaile an Bhriotaigh (Ascaill an Ráschúrsa) agus atreorófar í i nasc U-chruthach ag cúl an chlóis stábla bhuain atá beartaithe chun rochtain leanúnach a chinntiú ar an gcuid thiar den ráschúrsa agus tríú páirtithe. Beidh dúnadh bóithre sealadacha ann ar an acomhal idir an R339 agus Bóthar na Páirce Móire, agus níos faide ar aghaidh ar Bhóthar na Páirce Móire féin. Tá sonraí maidir le dúnadh na mbóithre sin léirithe i bhFíoracha 7.102 agus 7.113.

Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar ar na cónaitheoirí áitiúla, úinéirí talún agus ar an bpobal, déanfar rochtain ar limistéir chónaithe, áitribh ghnó agus saoráidí poiblí atá ann a chothabháil le linn na tógála.

### 7.4.6 Cineál Féideartha Conartha

Déanfar tógáil Chéim 1, Chéim 3 agus Chéim 4 den Tionscadal, faoi dhá chonradh ar leith, ceann le haghaidh Chéim 1 agus ceann eile le haghaidh Chéim 3 agus Chéim 4. Is dócha go mbeidh siad sin de Dhearadh an Fhostóra mar gheall ar shainchineál na n-oibreacha tógála. Cé nach ndearnadh cinneadh maidir leis na socruithe beachta conarthacha maidir le Céim 2 go fóill, tá sí oiriúnach lena forbairt mar Scéim Deartha agus Tógála nó conradh Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP).

Beag beann ar an gcineál conartha, beidh an Conraitheoir i gcomhair na n-oibreacha faoi cheangal conarthach laistigh den chonradh maidir le coinníollacha ar bith a thiocfadh chun cinn ó shrianta láithreáin, na ceangaltais agus na bearta maolaithe arna leagan amach sa TMTT nuashonraithe, riachtanais an fhostóra maidir leis an tionscadal, athruithe ar bith a d'fhéadfadh an Bord Pleanála a fhorchur agus coinníollacha ar bith a d'fhorchuirfeadh an Bord Pleanála nó Rialacháin Reachtúla eile. D'fhéadfadh sonraí malartacha a bheith mar chuid de sin ar an gcoinníoll gur féidir a léiriú go soláthraíonn sé na critéir fheidhmíochta chéanna (nó níos airde) ná na cinn atá léirithe sa CEMP. Sula gcuirfear tús leis an tógáil, tabharfaidh an Conraitheoir CEMP chun críche agus faomhfaidh an Fostóir é. Tá an CEMP san áireamh in Aguisín A.7.5 agus déantar achoimre ann ar an straitéis fhoriomlán um bainistiú comhshaoil a ghlacfar agus a chuirfear i bhfeidhm le linn thógáil an Tionscadail. Is é is cuspóir leis an CEMP a léiriú conas is féidir na hoibreacha tógála atá beartaithe a sheachadadh i seicheamh loighciúil, ciallmhar agus sábháilte trí bhearta rialaithe comhshaoil faoi leith a bhaineann le hoibreacha tógála den chineál seo a ionchorprú.

### 7.4.7 Príomhoibreacha Tógála

Soláthraítear sa téacs thíos achoimre ar an tógáil atá beartaithe agus an fad measta a mhairfidh gach céim den Tionscadal, luaitear an athuair go bhfuil céimeanna breise ann ó bhí 2018 ann. Cuirtear seicheamh dóchúil tógála i láthair mar chuid den TMTT nuashonraithe seo agus tá sé sin bunaithe ar an gcás is measa ionas go gcuirfear na tionchair fhéideartha ar fad san áireamh i gcás gach céim den Tionscadal. Déanfar an tógáil ar fad ag baint úsáide as modhanna dea-chleachtais agus de réir na gcaighdeán ábhartha.

Déantar plé ar fhorbhreathnú gach Céime agus a gníomhaíochtaí tógála gaolmhara sna codanna seo a leanas ar chóir iad a léamh i gcomhar le Caibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal ina gcuimsítear tuairisc iomlán ar an Tionscadal agus Fíoracha 7.1 agus 7.2 ina léirítear suíomhanna na gcampún láithreáin, na suíomhanna pléasctha agus na mbealaí iompair atá beartaithe.

#### *7.4.7.1 Céim 1*

Áirítear ar oibreacha tógála Chéim 1 tógáil clóis stábla shealadaigh, lena n-áirítear áit pháirceála do bhoscaí capaill, seid innealra, seid chothabhála, fostáisiún BSL, dhá thobar agus ciorcal réamhpharáide agus pailliún nua ar thailte Ráschúrsa na Gaillimhe. Is éard a bheidh i gceist le tógáil na stáblaí sealadacha:

- Oibreacha créafóige a ghearradh agus a líonadh chun an talamh ag an láithreán a chothromú
- Fuíollábhar agus urlárlach a chur síos
- Stábla agus aonaid folctha coincréite réamhtheilgthe, bánna lódála, ballaí coinneála, pailliúin, seid innealra, seid chothabhála, ciorcal réamhpharáide agus fostáisiún BSL a thógáil
- Bóithre rochtana breise

#### *7.4.7.2 Céim 2*

Is éard a bheidh i gceist leis na príomhoibreacha tógála a bhaineann le Céim 2 tochailt agus cur ábhar chun gearrthacha agus claífoirt a thógáil chomh maith le tarraingt ábhar agus iompórtáil/easpórtáil ábhar chun foirmíocht an bhóthair a chur i gcrích. Áireofar ar ábhair le haghaidh thógáil na mbóithre ábhair a chaithfear a thabhairt chuig an láithreán lena n-áirítear gairbhéal agus ábhair chosán biotúmanach agus dromchlaithe. Chomh maith le hoibreacha créafóige beidh an méid seo a leanas i gceist leis na príomhghníomhaíochtaí:

- Oibreacha Bóthair – tógáil fobhonn agus bonn, cosán biotúmanach, dromchlú
- Draenáil – suiteáil lintéar píopa, draenacha scagaire, cainéil agus bogaigh féir línigh
- Struchtúir – tógáil ballaí coinneála, oibreacha píleála, tógáil droichead agus tarbhealaí lena n-áirítear a mbunsraitheanna, piaraí, teanntaí agus suiteáil bíomaí móra agus oibreacha coincréite treisithe eile
- Tolláin – tógáil tolláin mhianadóireachta agus tolláin ghearrtha agus chumhdaithe
- Pléascadh – tochailt carraige le haghaidh gearrthacha agus tollán. (Féach freisin Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht)
- Malairt slí agus tógáil fóntas agus seirbhísí
- Oibreacha bóithre coimhdeacha agus suiteáil bacainní sábháilteachta, comharthaíochta agus marcálacha bóithre
- Oibreacha áise d’úinéirí talún amhail bóithre rochtana, bealaí isteach, fálta, geataí, ballaí, duchtáil agus athnascadh seirbhísí scartha
- Bainistíocht shealadach tráchta

Cuimsítear i gCéim 2 scartáil an chlóis stábla atá ann faoi láthair ag an ráschúrsa, lena n-áirítear scartáil an tobair atá ann faoi láthair, scartáil an umair uisce atá ann faoi láthair, scartáil na seide innealra atá ann faoi láthair agus an áit pháirceála chóngarach (60 spás).

Beidh an phríomhobair thógála le haghaidh an N6 GCRR atá beartaithe roinnte ina codanna éagsúla feadh a bhealaigh. Pléitear céimniú beartaithe na tógála thuas i gCuid 7.4.2.

I Tábla 7.2 thíos tugtar achoimre ar na codanna tógála foroinnte sin le haghaidh Chéim 2 (ag dul ón taobh thiar soir) agus cuimsítear ann tréimhse mheasta na tógála maidir le gach cuid. D’fhéadfadh go gcríochnófar codanna ag an am céanna agus d’fhéadfaí roinnt díobh a chur le chéile i limistéir áirithe. Déanfar roinnt codanna a theorannú go hamanna áirithe den bhliain agus teastaíonn oibreacha cumasúcháin ar chuid díobh. Cuirtear seicheamh dóchúil tógála i láthair mar chuid den TMTT nuashonraithe seo agus tá sé sin bunaithe ar an gcás is measa ionas go gcuirfear na tionchair fhéideartha ar fad san áireamh. Is cosúil go dtógfaidh an

conraitheoir Céim 2 (an N6 GCRR atá beartaithe) i seicheamh nach mbeadh an oiread tionchair ag baint leis ná na cinn a tuairiscíodh. Déanfar an tógáil ar fad ag baint úsáide as modhanna dea-chleachtais agus de réir na gcaighdeán ábhartha.

**Tábla 7.2 Codanna Tógála le haghaidh Chéim 2 (N6 GCRR atá beartaithe)**

| Cuid Uimh. | Céim | Suíomh | Slabhraíocht (m) | | Fad (m) | Srian Ama | Am Measta na Tógála (míonna) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Ó | Go | | | |
| S1 | 2 | R336 go dtí na hAille | 0+000 | 3+300 | 3300 | Uimh. | 6 - 9 |
| S2 | 2 | Bóthar na hAille go Baile an Mhóinín | 3+300 | 5+650 | 2350 | Uimh. | 6 - 9 |
| S3 | 2 | Bóthar Bhaile an Mhóinín go Acomhal Leitrí an N59 | 5+650 | 7+550 | 1900 | Uimh. | 9 - 12 |
| S4 | 1 | An Bóthar Ceangail Theas (LRS) an N59 | LRS 1+050 | 2+020 | 970 | Uimh. | 9 - 12 |
| S5 | 1 | An Bóthar Ceangail Thuaidh (LRN) an N59 | LRN 0+000 | 0+950 | 950 | Uimh. | 9 - 12 |
| S6 | 1 | Acomhal Leitrí go hAbhainn na Gaillimhe | 7+550 | 8+850 | 1300 | Uimh. | 6 - 9 |
| S7 | 1 | Droichead Abhainn na Gaillimhe | 8+850 | 9+500 | 650 | Uimh. | 18 - 24 |
| S8 | 1 | Droichead Abhainn na Gaillimhe go Tarbhealach Mhionlaigh | 9+500 | 10+100 | 600 | Uimh. | 9 - 12 |
| S9 | 1 | Tarbhealach Mhionlaigh | 10+100 | 10+430 | 330 | Uimh. | 18 - 24 |
| S10 | 1 | Tarbhealach Mhionlaigh go Tollán Leacaigh | 10+430 | 11+150 | 720 | Tá – Tá an tógáil le cur i gcrích gan dí-uisciú screamhuisce ar bith a dhéanamh. D'fhéadfaí deireadh a chur leis an tógáil má bhíonn leibhéil an screamhuisce ró-ard chun oibriú tirim a dhéanamh. Mar sin féin, féadfar dul ar aghaidh le hoibreacha os cionn an leibhéil sin | 24 - 36 |
| S11 | 1 | Tollán Leacaigh | 11+150 | 11+400 | 250 | Tá – Le tógáil gan dí-uisciú screamhuisce ar bith a dhéanamh agus mar sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le stop a chur le hoibreacha dá leithéid le linn ardleibhéal screamhuisce an gheimhridh. Mar sin | 24 - 36 |

| Cuid Uimh. | Céim | Suíomh | Slabhraíocht (m) | | Fad (m) | Srian Ama | Am Measta na Tógála (míonna) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Ó | Go | | | |
| | | | | | | féin, féadfar dul ar aghaidh le hoibreacha os cionn an leibhéil sin.<br>Tosú roimh lár mhí Feabhra (Séasúr um Pórú an Fhabhcúin Ghoirm) | |
| S12 | 1 | Tollán Leacaigh go dtí Bóthar na Scoile | 11+450 | 13+150 | 1700 | Uimh. | 12 - 18 |
| S13 | 1 | Bóthar na Scoile go dtí Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe | 13+150 | 14+950 | 1800 | Uimh. | 12 - 18 |
| S14 | 1 | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe | 14+300 | 15+150 | 240 | Tá. Plean seichimh tógála de réir Fhéilte agus Ghníomhaíochtaí Ráschúrsa na Gaillimhe | 24 - 36 |
| S15 | 1 | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe go hAcomhal Chúil Each | 15+150 | 17+450 | 2300 | Uimh. | 12 - 18 |

Pléitear forbhreathnú ar gach cuid agus gach gníomhaíocht tógála ghaolmhar sna fochodanna seo a leanas agus déantar tagairt d'aon athrú ó bhí 2018 ann. Ba chóir iad sin a léamh i gcomhar le Caibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal ina gcuimsítear tuairisc iomlán ar Chéim 2 den Tionscadal agus Fíoracha 7.001 go dtí 7.002 agus 7.101 go dtí 7.123 ina léirítear suíomhanna na gcodanna, na gcampún láithreáin agus na mbealaí iompair atá beartaithe. Tá suíomhanna ina bhféadfaí pléascadh a dhéanamh le haghaidh tochaltáin le linn na tógála léirithe i bhFíoracha 7.201 agus 7.202.

#### 7.4.7.2.1 Cuid S1 – R336 Baile Nua go dtí An Aill

Cuimsítear 3300m de charrbhealach aonair sa chuid seo agus tá dhá thimpeallán, 11 bhóthar áise agus ocht struchtúr cuimsithe inti. Áirítear ar na príomhstruchtúir feadh na coda seo tardhroichead ag Na Foraí Maola ag Ch. 1+375 agus tardhroichead ag Bóthar na hAille L5384 Ch. 3+300 agus seacht trasbhealach lintéir. Tá sé líonra draenála atá beartaithe lonnaithe ag an gcuid seo agus tá idircheapóir ola agus peitril, bogach tógtha agus linn mhaolúcháin i ngach ceann díobh.

Tá leibhéal beartaithe an N6 GCRR atá beartaithe sa chuid seo ina líonadh comhréidh nó ina líonadh beag den chuid is mó chun nascacht leis an líonra áitiúil a choimeád trí thardhroichead agus trí thimpeallháin. Ardófar Bóthar na hAille an L5384 thart ar 4m toisc go dtrasnóidh an phríomhlíne faoin mbóthar áitiúil agus beidh sé i ngearradh. Beidh an phríomhrochtain ar an láithreán ón R336 ag Baile Nua agus L-1321 Bhearna go Bóthar Maigh Cuilinn. Tá campún láithreáin (SC 00/01) beartaithe ar an taobh thiar den chuid seo ag R336 Bhaile Nua.

Beidh Bóthar na hAille an L5384 ailínithe soir ar bhonn sealadach chun freastal ar thógáil an tardhroichid. Coinneofar cur isteach ar an trácht chomh íseal agus is féidir le linn thógáil na coda seo. Le haghaidh thógáil an timpeallháin ag an R336 i mBaile Nua agus timpeallán Bhearna go Bóthar Mhaigh Cuilinn cuirfear an trácht ar mhalairt slí trí leath amháin den timpeallán nuair a bheidh an leath eile tógtha. Mar an gcéanna, coinneofar an rochtain ar an taobh ó thuaidh agus ó dheas den N6 GCRR atá beartaithe le linn thógáil fhordhroichead na bhForaí Maola go Troscaigh agus na mbóithre ceangail lena mbaineann. D'fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil ag amanna áirithe chun rochtain shábháilte a choimeád.

Beidh Bóthar Ann Gibbons (L-13215) gearrtha ag an N6 GCRR atá beartaithe agus mar sin beidh an rochtain ar mhalairt slí trí Bhóthar Bhearna an L-1321 go Maigh Cuilinn. Tá sé beartaithe chomh maith cuid de Bhóthar Ann Gibbons a chumhdach i ngeall ar a dhrochbhail.

#### 7.4.7.2.2 Cuid S2 - Bóthar na hAille go Baile an Mhóinín

Cuimsítear 2350m de charrbhealach aonair sa chuid seo agus tá dhá acomhal chomhréidhe le comharthaí agus deich mbóthar áise cuimsithe inti. Tá príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe gearrtha den chuid is mó ar an taobh thiar den chuid seo toisc go dtrasnaíonn sí Bóthar na hAille an L5384 agus go n-ardaíonn sí ar ais go príomhlíne chomhréidh ag thart ar Ch. 3+900. Beidh tochailt shuntasach ábhair de dhíth anseo chun an scraith uachtair agus an charraig eibhir foshrathnaithe a thógáil. Tugtar achoimre i gCuid 7.4.9 thíos ar chainníochtaí na n-oibreacha créafóige. Táthar ag súil go mbeidh an t-úscaíl screamhuisce ón ngearradh íseal agus go bhfreastalófar air i ndraenacha idircheapóra. Is dócha go mbeidh pléascadh de dhíth don tochailt don ghearradh seo agus déanfar ábhar a thochlófar a thástáil i gcomhair a oiriúnachta lena úsáid feadh na gcodanna líonta siar ó Abhainn na Gaillimhe, (féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht).

Tá ceithre líonra draenála beartaithe agus cúig lintéar ann. Tá campúin láithreáin (SC 04/01 & SC 05/01) beartaithe ag Ch. 4+000 agus Ch. 5+250 siar ó Bhóthar Bhaile an Mhóinín. Beidh an phríomhrochtain ar an láithreán ó L-1321 Bhearna go Bóthar Maigh Cuilinn agus Bóthar na Ceapaí.

Cosúil le Cuid S1, táthar ag súil le fíorbheagán cur isteach tráchta ar an trácht áitiúil le tógáil acomhail le comharthaí Bhóthar na Ceapaí agus Bóthar Bhaile an Mhóinín. D’fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil le linn céimeanna malairtí slí.

#### 7.4.7.2.3 Cuid S3 – Bóthar Bhaile an Mhóinín go hAcomhal Leitrí

Cuimsítear 1,900m de dhébhealach, dhá shliosbhóthar do N59 Acomhal Leitrí agus cúig bhóthar áise inti. Teastaíonn méid suntasach de líonadh innealtóireachta anseo a d’fhéadfaí a fhoinsiú go háitiúil ó ghearradh atá beartaithe ag Leitreach (má bhíonn an t-ábhar a bhainfear inghlactha i ndiaidh brú agus grádaithe), seachas sin déanfar é a iompórtáil go dtí an láithreán ó fhoinse dheimhnithe. Tugtar achoimre i gCuid 7.4.9 thíos ar chainníochtaí na n-oibreacha créafóige.

Cuimsítear trí fhodhroichead agus ceithre lintéar sna príomhstruchtúir. Tá trí líonra draenála lonnaithe sa chuid seo. Tá an campún láithreáin is gaire (SC 07/01) beartaithe ag Ch. 7+550. Chun cur isteach tráchta a íoslaghdú d’fhéadfadh sé go mbeadh gá le Bóithre Rathúin agus Leitrí a dhúnadh san oíche le linn thógáil na bhfodhroichead lena dteastóidh bíomaí a thógáil ó cheachtar taobh nuair a bheidh struchtúir thacaíochta agus claífoirt tógtha. Déanfar Acomhal Bhóthar an Chlaí Bháin ag Mionchluain a athailíniú roimh thógáil an fhodhroichid chun an trácht a atreorú go sábháilte. D’fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil le linn na céime seo chomh maith. Beidh rochtain ar thrácht bealaí iompair trasna Bhóthar Rathúin agus Leitrí foirnithe le pearsanra stad/gabh.

#### 7.4.7.2.4 Cuid S4 – Acomhal Leitrí go Bóthar Rathúin (Uasghrádú ar Bhóthar Ceangail Theas an N59 agus Ghort na Bró)

Cuimsítear 930m den Bhóthar Ceangail Theas an N59 sa chuid seo ina gcuimsítear débhealach aonair 7m ar leithead le cosáin 2m sa dá threo. Mar gheall ar an tírdhreach atá ag ardú agus ag ísliú sa limistéar tá na faid éagsúla sna faid ghearrtha is líonta. Tá an chuid atá ag dul ó thuaidh go dtí an taobh deas gearrtha ar feadh thart ar 300m den chuid is mó ag an acomhal comhréidh le comharthaí ag Bóthar Leitrí, agus leanann sé ar aghaidh ansin ar chlaífort ar feadh thart ar 200m agus íslíonn sé go comhréidh arís chun ceangal le Bóthar Rathúin.

Tá dhá líonra draenála atá beartaithe le tógáil sa chuid seo agus lintéar hiodrálach comhcheangail agus íosbhealach mamach. Táthar ag súil go mbeidh an t-úscaíl screamhuisce ón ngearradh íseal agus go bhfreastalófar air i ndraenacha idircheapóra. Tá sé bhóthar rochtana le tógáil sa chuid seo lena n-áirítear bealach isteach athailínithe chuig eastát tithíochta Rosán Glas. D’fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil le linn chéim dhúnadh agus mhalairt slí na mbóithre. Tá malairt slí freisin ann de líonra dáileacháin gáis ag Acomhal Rathúin. Tá an campún láithreáin is gaire lonnaithe i Leitreach (SC07/01). Beidh fíorbheagán cur isteach ar an trácht áitiúil toisc go bhfuil formhór na coda seo as líne. Beidh an rochtain trasna Bhóthar Leitrí agus Rathúin foirnithe le pearsanra stad/gabh chun sábháilteacht na rochtana/imeachta a chinntiú. Beidh gá le hobair uasghrádaithe a dhéanamh ar Bhóithre Leitrí agus Rathúin lena n-áirítear na trasbhealaí comharthaíochta atá beartaithe do lánaí casta a leathnú, cuaire ingearach a athailíniú chun feabhas a chur ar infheictheacht agus forleagan cosáin an líonra atá ann faoi mar a léirítear i bhFíoracha 5.001 go dtí 5.015.

Tá Timpeallán Ghort na Bró ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair le tiontú ina acomhal rialaithe le comharthaí. Tá bóthar ceangail agus bealach isteach nua ar Pháirc Miondíolaíochta an Gheata i gCnoc na Cathrach le tógáil lena chur in aonad an chúigiú sciatháin den timpeallán atá ann.

Athraíodh an bealach isteach chuig Páirc Mhiondíola an Gheata ó bhí 2018 ann agus tá leataobh busanna curtha isteach ar an taobh ó dheas. Leathnófar Bóthar Dáileacháin an Iarthair chun spás a dhéanamh le haghaidh lánaí bus dhá bhealach ag tarraingt ar an acomhal agus nascacht an líonra iompair phoiblí amach anseo a sholáthar. D'fhéadfadh sé go mbeadh malairtí slí sealadacha tráchta ag teastáil le linn na céime tógála seo. Cinnteoidh an conraitheoir cur isteach ar bith ar an trácht a íoslaghdú le linn na céime seo.

**7.4.7.2.5 Cuid S5 – Acomhal Leitrí an N59 go Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Bóthair Cheangail Thuaidh an N59)**

Cuimsítear 1050m de charrbhealach aonair 7m ar leithead sa chuid seo ina gcuimsítear cosáin 2.0m sa dá threo. Nascann an bóthar ceangail seo Acomhal Leitrí le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 atá ann ag Páirc na Sceach. Teastaíonn tochailt dhomhain (9-12m ar feadh thart ar 300m) chun an bóthar ceangail seo a nascadh go comhréidh ag Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, mar sin beidh méid suntasach tochailte ithreach agus carraige ag teastáil. Déanfar monatóireacht chúramach ar leibhéil torainn agus creathaidh le linn na tochailte mar gheall ar ghaireacht na réadmhaoine cónaithe (féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh).

Déanfar an t-ábhar ar fad a thochlófar a thástáil i gcomhair a oiriúnachta lena úsáid i gcodanna líonta siar ón Leitreach. Bainfear úsáid as an gcampún láithreáin (SC 07/01) atá lonnaithe in aice láimhe le haghaidh stoc-charnadh sealadach an ábhair thochailte. Beidh gá le roinnt uasghrádaithe a dhéanamh ar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chun é a leathnú ag suíomh an acomhail le comharthaí atá beartaithe. D'fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil le linn na céime seo.

Tá líonra draenála amháin le tógáil ó thuaidh ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chun rith uisce dromchla ón gcuid seo a chóireáil sula ndoirfear isteach in Abhainn na Gaillimhe é. Cuimsíonn an líonra seo idircheapadóir hidreacarbóin, bogach tógtha agus linn mhaolúcháin atá nasctha trí phíobán faoi thalamh. Táthar ag súil go mbeidh an t-úscaíl screamhuisce ón ngearradh íseal agus go bhfreastalófar air i ndraenacha idircheapóra.

**7.4.7.2.6 Cuid S6 - Acomhal Leitrí an N59 go hAbhainn na Gaillimhe**

Sa chuid seo cuimsítear 1,300m de dhébhealach agus dhá shliosbhóthar d'Acomhal Leitrí an N59 agus cuimsítear ceann de na gearrthacha is mó sa N6 GCRR atá beartaithe inti (>14m) d'Acomhal Leitrí an N59 ar dócha go dteastóidh tochailt druileála agus pléasctha a dhéanamh orthu, féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht den TMTT nuashonraithe seo le haghaidh chainníochtaí agus chineálacha na hithreach agus na tochailte carraige ag an suíomh seo. Táthar ag súil go mbeidh an t-úscaíl screamhuisce ón ngearradh íseal agus go bhfreastalófar air i ndraenacha idircheapóra. Tá campún láithreáin mór SC 07/01 (2.93ha) i ndlúthghaireacht don ghearradh seo chun go mbeifear ábalta ábhar tochailte a bhrú, a athghrádú agus a stoc-charnadh ar bhonn sealadach agus innealra gléasra a stóráil. Is féidir an láithreán seo a rochtain ón taobh thoir trí Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 nó ón taobh thuaidh nuair a bheidh Bóthar Ceangail an N59 tógtha.

Tá fodhroichead amháin beartaithe sa chuid seo, a bheidh ag gabháil thar Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. D'fhéadfadh gá a bheith le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 a dhúnadh san oíche chun an droichead a thógáil agus beidh bainistíocht shealadach tráchta i bhfeidhm le haghaidh malairtí slí.

Cuimsítear sa chuid seo chomh maith cúig bhóthar áise, línéar amháin, ceithre bhalla coinneála, agus ceithre íosbhealach mamach. Déanfar an t-ábhar do na codanna líonta a fhoinsiú go háitiúil ó chuid tochailte Acomhal Leitrí an N59 nuair is féidir. Tá an campún láithreáin is gaire (SC 08/01) lonnaithe ag Ch. 8+700 agus beidh an rochtain ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Beidh sé sin ina campún stórála amháin.

Tá trí líonra draenála ann óna ndoirtear díreach isteach in SAC Loch Coirib, is é sin S15 a dhraenálann Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 atá beartaithe agus a shruthaíonn isteach i ndíog draenála atá ann agus a shruthaíonn ar deireadh isteach in Abhainn na Gaillimhe, S18A agus S18B agus doirteann an dá cheann go díreach isteach in Abhainn na Gaillimhe faoi mar atá léirithe i bhFíoracha 11.5.106 agus 11.5.107.

Lena chos sin, tá dhá líonra draenála (S14A agus S14B) a shruthaíonn go hindíreach isteach in SAC Loch Coirib trí shruth atá ann a shreabhann siar ó eastát cónaithe Achadh an Churraigh faoi mar atá léirithe i bhFíoracha 11.5.106.

Tá leithead oibre 15m ar fáil le haghaidh thógáil na líonraí draenála thuas chun spás a chur ar fáil chun an t-innealra agus trealamh is gá a oibriú. Ní áirítear aon ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib sna limistéir seo laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Tógfar an ceannbhalla ag na sruthanna éalaithe chuig SAC Loch Coirib go comhréidh leis an mbruach draenála atá ann. Féadfar an ceannbhalla a thógáil ag baint úsáide as ceannbhalla réamhtheilgthe nó tríd an gceannbhalla a réamhtheilg in-situ. Do cheachtar modh, cuirfear an próiseas tógála i gcrích ag baint úsáide as na dea-chleachtais chaighdeánacha. I gcás go dtógfar an ceannbhalla ag baint úsáide as ceannbhalla réamhtheilge, is féidir struchtúr cófradhamba shealadaigh a thógáil más gá chun gur féidir an ceannbhalla coincréite a ísliú ina áit. I gcás go réamhtheilgfear an ceannbhalla in-situ, tógfar cófradhamba sealadach chun go mbeifear ábalta na hoibreacha talún is gá a dhéanamh chun an ceannbhalla a réamhtheilg. Úsáidtear an cófradhamba chun cosc a chur ar thionchar féideartha ar bith ar cháilíocht uisce na habhann/an tsrutha/na díge draenála. I gcás go dteastaíonn uisce a phumpáil, rachaidh an t-uisce sin trí chóireáil chomhshaoil chun na truailleáin ar fad a bhaint sula gcuirfear ar ais sa líonra draenála uisce dromchla áitiúil é. Nuair a bheidh an ceannbhalla tógtha tógfar an cófradhamba sealadach.

**7.4.7.2.7 Cuid S7 – Droichead Abhainn na Gaillimhe**

Síneann Droichead Abhainn na Gaillimhe thar an abhainn (i.e. gan piaraí ar bith san abhainn) agus mar sin tá tógáil starrmhaide chothromaithe beartaithe thar chuid na habhann agus na réisí thar bhruacha na habhann. Mar gheall ar an réise níos mó, tá doimhneacht struchtúrach an ollstruchtúir i bhfad níos mó ag suíomhanna na bpiaraí agus tá an doimhneacht éagsúil feadh na réise. Méadaíonn sé sin castacht tógála na deice. Is féidir deic choincréite in-situ iartheannta a thógáil ag baint úsáide as múnlóireacht taistil thar an abhainn agus na réisí taoibh; agus ag baint úsáide as struchtúr sealadach taca nó múnlóireacht taistil ar réisí isteach. Chun sonraí iomlána a fháil faoi thógáil Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe féach Aguisín A.7.1.

Leanann an droichead ar aghaidh ar tharbhealach siar ó Abhainn na Gaillimhe chun rochtain a choimeád ar Shaoráidí Caitheamh Aimsire UoG, agus dá bhrí sin, ní mór bainistíocht a dhéanamh ar thrácht na tógála agus ar sheachadadh ábhar chun an cur isteach ar na gníomhaíochtaí agus idirghníomhú leis na gníomhaíochtaí sa champas spóirt ag buaic-uaireanta a íoslaghdú.

Tá dhá líonra draenála beartaithe siar agus soir ó Abhainn na Gaillimhe i gCuid S7. Tá dhá champún láithreáin lonnaithe i ndlúthghaireacht don struchtúr ar an taobh thiar (SC-08/01 (campún stórála amháin)) agus ar an taobh thoir (SC-09/01) d’Abhainn na Gaillimhe.

**7.4.7.2.8 Cuid S8 – Droichead Abhainn na Gaillimhe go Tarbhealach Mhionlaigh**

Sa chuid seo cuimsítear 600m de dhébhealach agus tá sé ar chlaífort den chuid is mó. Tá struchtúr fodhroichid amháin thar Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh, íosbhealach mamach agus balla coinneála le tógáil feadh na coda seo. Tógfar trí bhóthar áise agus trí íosbhealach mamach/lintéar. Tá sé beartaithe an Bóthar Nua a athailíniú chun freastal ar an bhfodhroichead agus chun feabhas a chur ar shábháilteacht fhoriomlán an bhóthair sin. D’fhéadfadh sé go mbeadh bainistíocht shealadach tráchta ag teastáil le linn na hoibre.

Le struchtúr coinneála, claífort ithreach treisithe idir Ch. 9+850 go Ch. 10+050 coinneofar an N6 GCRR atá beartaithe ó bhriseadh isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I in SAC Loch Coirib. Tógfar an struchtúr coinneála laistigh de líne an fháil don N6 GCRR atá beartaithe agus lasmuigh de limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I. Tógfar an claífort ithreach treisithe ag baint úsáide as innealra gléasra trom agus beidh airde an struchtúir choinneála ag méadú ag an ráta céanna a bheidh airde an chlaífoirt ag méadú.

Tá campún láithreáin (SC-09/01) beartaithe soir ó Abhainn na Gaillimhe amach ó Bhóithrín Chaisleán Mhionlaigh agus beidh an rochtain ar an láithreán seo ón mBóthar Nua i gCúil Each nuair a bheidh an glanadh láithreáin agus na bealaí iompair curtha i gcrích. Tá abhantrach insíothlúcháin lonnaithe soir ó Abhainn na Gaillimhe agus ó dheas ón N6 GCRR atá beartaithe. Foinseofar ábhar do na codanna líonta sin ó ghearrthacha in aice láimhe nuair is féidir amhail bealach isteach an iarthair do Thollán Leacaigh, seachas sin déanfar é a iompórtáil chuig an láithreán ó fhoinse dheimhnithe. Is féidir ábhar a iompar ó stoc-chairn, nuair a bheidh sé brúite agus athghrádaithe, feadh bealaí iompair atá sainaitheanta i bhFíor 7.107.

**7.4.7.2.9 Cuid S9 – Tarbhealach Mhionlaigh**

Is gá go sínfeadh Tarbhealach Mhionlaigh thar ghnáthóg Iarscríbhinn I, is é sin, Pábháil Aolchloiche agus thar Thurlach taobh le SAC Loch Coirib. Tá trí mhodh mhalartacha tógála ann is féidir a úsáid chun Tarbhealach Mhionlaigh a thógáil chun na tionchair fhéideartha ar ghnáthóga Iarscríbhinn I a laghdú. Áirítear ar Mhodh Tógála 1 córas cosanta a thógáil thar an gcosán Aolchloiche agus é sin a úsáid mar ardán

tógála agus i Modh Tógála 2 úsáidtear an córas starrmhaide chothromaithe i gcomhar le córas cosanta thar an gcosán Aolchloiche. Modh tógála d'ollstruchtúr bíoma réamhtheilgthe réamhstrusta is ea Modh Tógála 3. Tá an modh seo cosúil le Modh 1 agus soláthrófar córas cosanta thar an bPábháil Aolchloiche.

Is iad seo a leanas céimeanna na tógála faoi na modheolaíochtaí atá beartaithe:

- Céim 1 - Rochtain láithreáin agus oibreacha cumasúcháin
- Céim 2 - Tógáil chóras cosanta an chosáin Aolchloiche
- Céim 3 - Tógáil tarbhealaigh

Tá cur síos iomlán déanta ar na modheolaíochtaí tógála ar fad in Aguisín A.7.2 agus cuimsítear an gá le gnáthóga Iarscríbhinn I a chosaint ann. Tá roinnt scóipe ann chun na modheolaíochtaí a chomhtháthú chun gnéithe den mhodh starrmhaide a chorprú agus struchtúr sealadach taca a chur leis más gá.

Tá tionchair fhéideartha chomhshaoil gach ceann de na trí mhodheolaíocht tógála sin ionann le chéile agus rinneadh measúnú iomlán orthu sa TMTT nuashonraithe seo. Cinntítear leis na modheolaíochtaí tógála sin ar fad nach mbeidh éifeacht ar bith ar ghnáthóga Iarscríbhinn I ach amháin go dtógfar cosán Aolchloiche do cheann de na suíomhanna piaraí.

Le córas draenála séalaithe speisialaithe gabhfaidh an rith chun srutha ar dheic an droichid, iomprófar faoin struchtúr é i líonra draenacha iompair séalaithe, sula ndoirtfear i mbogach agus abhantrach insíothlúcháin ag suíomh oiriúnach lonnaithe soir ón tarbhealach. Tá an córas draenála séalaithe speisialaithe de dhíth mar gheall ar íogaireacht na limistéar a mbeidh an tarbhealach ag trasnú os a gcionn i.e. gnáthóg Iarscríbhinn I.

**7.4.7.2.10 Cuid S10 – Tarbhealach Mhionlaigh go Tollán Leacaigh**

Cuimsítear 720m de dhébhealach sa chuid seo ag tosú ar chlaífort i ndiaidh Tharbhealach Mhionlaigh sula dtéann sé isteach i ngearradh níos doimhne de 7-12m ar feadh faid thart ar 300m agus é ag tarraingt ar Thollán Leacaigh. Tá trí bhóthar áise le tógáil chun rochtain ar thalamh feirme a choimeád agus chun bóthar bealaigh éalaithe a éascú. Beidh gá leis an Seanbhóthar a uasghrádú, a fhorleagan agus a ghruaimhín a leathnú ag an bhfodhroichead.

Tá dhá líonra draenála beartaithe sa chuid seo agus tá idircheapóir ola agus peitril, bogach tógtha agus abhantrach insíothlúcháin iontu. Tá struchtúr lintéir beartaithe ag Ch. 10+735 le haghaidh malairt slí srutha. Tógfar ballaí coinneála ar an mbealach isteach go Tollán Leacaigh chun claífort an N6 GCRR atá beartaithe a choinneáil ó bhriseadh isteach ar ghnáthóg Iarscríbhinn I de SAC Loch Coirib. Tógfar an balla coinneála laistigh de líne an fháil don N6 GCRR atá beartaithe agus lasmuigh de limistéir ghnáthóg Iarscríbhinn I. Déanfar an próiseas tógála don bhalla coinneála i gcomhthráth le tógáil an chlaífoirt. Tógfar an claífort ag baint úsáide as innealra gléasra trom agus beidh airde an bhalla coinneála ag méadú ag an ráta céanna a bheidh airde an chlaífoirt ag méadú.

Cuirfear comhcheangal córas coinneála i bhfeidhm feadh Bhealach Isteach an Iarthair agus os cionn na tairsí tolláin thiar ag Tollán Leacaigh (Ch. 10+850 go Ch. 11+150) i gcás nach bhfuil úsáid á baint as fánaí gan tacaíocht toisc go gcuirfidís isteach ar limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I. Tá an cineál córais choinneála rialaithe le dálaí na talún a bheidh ag an suíomh faoi leith sin. Laistigh den limistéar seo tagann athrú suntasach ar leibhéal an chinn carraige, lena dteastaíonn réitigh córais choinneála le haghaidh dálaí carraige éadoimhne agus doimhne is féidir a thógáil lasmuigh de ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de SAC Loch Coirib.

Áirítear na modheolaíochtaí tógála seo a leanas sna córais choinneála a tógadh sa limistéar seo:

- I limistéir carraige éadoimhne:

  Tógfar an scraith uachtair agus tochlófar carraig ina dhiaidh sin a chuirfear chun cinn i leibhéil ar mhodh rothach lena n-áirítear druileáil, pléascadh, mapáil carraigeacha a dhéanfaidh saineolaí geoiteicniúil agus glanadh. Tá córas tacaíochta um chobhsaíocht carraigeacha cumaisc i bhfoirm boltaí carraige, duail charraige, mogall cruach agus cuirfear coincréit spraeáilte i bhfeidhm nuair is gá le haghaidh cobhsaíochta ar an éadan carraige roimh an tochailt go dtí an chéad leibhéal tochailte eile bunaithe ar thorthaí na mapála carraigeacha. Tógfar struchtúr coinneála coincréite treisithe uisce-obach laistigh de

gearradh na tochailte carraige, go ginearálta ag bonn na tochailte (i gcás go mbeidh an tochailt faoi +17.7mOD).

Sula ndéanfar an tochailt sin, cuirfear imscrúdú talún mionsonraithe i gcrích, lena n-áirítear suirbhé geoifisiceach thíos sa pholl chun geoiméadracht na carraigmhaise a dhearbhú chun bonn eolais a chur faoin dearadh mionsonraithe agus lena chinntiú go bhfuil an modh sin indéanta.

Sa chás nach mbeadh an modh seo indéanta cuirfear réiteach carntha ó leibhéal dromchla i bhfeidhm, agus tá cur síos déanta air thíos.

Déanfar pléascadh trialach, de réir Sceideal na gCeangaltas mar chuid den mheasúnú ar phléascadh. Déanfaidh conraitheoir an phléasctha an pléascadh trialach faoi mhonatóireacht san fhoirmíocht bhuncharraige chéanna i suíomh rialaithe, agus ní sháróidh sé teorainneacha tonnchreatha na ngabhdóirí íogaire áitiúla, agus ní chuirfear gabhdóirí íogaire i mbaol lena n-áirítear gnáthóg Iarscríbhinn I in SAC Loch Coirib. Déanfaidh an pléascadh trialach calabrú ar an dearadh pléasctha agus cruthófar dearadh a bheidh sonrach don láithreán.

- I limistéir charraige doimhne (scraith uachtair amháin) nó comhcheangal scraithe uachtair agus carraige:

  Cuirfear ballaí coinneála carntha, le hancairí talún i bhfeidhm sna limistéir sin. Beidh an balla carntha ina bhalla carntha comhtheagmhálach nó seicint. Suiteáiltear an dá chineál sin balla ag baint úsáide as na modhanna rige agus tógála céanna. Níl balla carntha comhtheagmhálach uisce-obach toisc gur sraith líneach carn aonair atá ann agus is féidir balla carntha seicint a dhearadh le bheith uisce-obach toisc gur sraith líneach carn idirnasctha/forluite atá ann. Ní theastaíonn córas uisce-obach ach faoi +17.7mOD, dá bhrí sin cuirfear ballaí carntha comhtheagmhálach i bhfeidhm le struchtúr uisce-obach tógtha laistigh den tochaltán.

  Suiteálfar na cairn ón leibhéal talún atá ann roimh na hoibreacha tochailte nó ó leibhéal tochailte laghdaithe i gcás gur féidir na tionchair fhéideartha ar ghnáthóg in Iarscríbhinn I in SAC Loch Coirib a sheachaint. Bunófar an rige charntha lasmuigh de lorg ghnáthóg Iarscríbhinn I. Nuair a bheidh na cairn suiteáilte, cuirfear tochailt na scraithe uachtair agus na buncharraige i gcrích. Brisfear an bhuncharraig ag baint úsáide as carraig hiodrálach nó trí phléascadh agus an balla carntha ag feidhmiú mar mhaolán breise le pléascadh na carraige.

  Tógfar struchtúr coinneála coincréite treisithe uisce-obach laistigh de lorg na tochailte carraige más gá.

  Sula ndéanfar na hoibreacha carntha sin, cuirfear imscrúdú talún mionsonraithe i gcrích, chun bonn eolais a chur faoin dearadh mionsonraithe agus lena chinntiú go bhfuil sé sainiúil don láithreán.

Déantar na réitigh choinneála sin a bhreithniú agus a mheasúnú ar fud na measúnachta seo don TMTT nuashonraithe seo.

Beidh rochtain ar Chuid S10 ón Seanbhóthar i Mionlach go príomha. Úsáidfear ábhar inghlactha a thochlófar do bhealach isteach Thollán Leacaigh do chuid an chlaífoirt. Is féidir ábhar tochailte breise a iompar ar ais chuig campún láithreáin Chairéal Leacaigh (SC 11/01) lena stoc-charnadh ar feadh tréimhse shealadach i ndiaidh brú agus athghrádú agus é a úsáid áit éigin eile ar an N6 GCRR atá beartaithe.

**7.4.7.2.11 Cuid S11 – Tollán Leacaigh**

Tá na gníomhaíochtaí tógála do Thollán Leacaigh roinnte ina dtrí chuid:

Cuid 1: Cobhsaíocht Éadan Chairéal Leacaigh

Cuid 2: Tógáil na tairsí iontrála thoir

Tógáil tolláin (ag dul ón taobh thoir siar) – Mianaithe (druileáil agus pléascadh)

Cobhsaíocht an naisc le Cuid 3 (Bealach Isteach an Iarthair)

Cuid 3: Suiteáil struchtúr ballaí coinneála nuair is gá

Tochailt na scraithe uachtair

Tacaíocht shealadach/bhuan na mballaí coinneála a shuiteáil

Bóthar isteach an iarthair a thógáil

Tá an seicheamh tógála seo a leanas beartaithe. Is féidir Cuid 3 a thógáil i gcomhthráth le tógáil Chodanna 1 agus 2.

Céim 1:

- Oibreacha cumasúcháin agus ullmhúcháin láithreáin

Céim 2:

- Cobhsaíocht éadan thiar Chairéal Leacaigh (Cuid 1)
- Tógáil na tairsí iontrála thoir (Codanna 1 agus 2)
- Balla coinneála a shuiteáil ó leibhéal talún atá ann i gCuid 3

Céim 3:

- Tógáil an tolláin atá beartaithe (Cuid 2)
- Suiteáil leanúnach balla coinneála ó leibhéal talún atá ann i gCuid 3 agus oibreacha tochailte a thosú (Cuid 3)

Céim 4:

- Tochailt leanúnach do Chuid 3
- Cobhsaíocht na carraige feadh theorainn Chuid 2/Chuid 3 (más gá/nuair is gá)
- Cur i gcrích an tolláin atá beartaithe (Cuid 2)
- Tógáil an bhóthair atá beartaithe (Cuid 3)

Tá tuarascáil mhionsonraithe maidir le cumas chun tógála Thollán Leacaigh agus Bealach Isteach an Iarthair agus a thionchair fhéideartha measúnaithe agus curtha san áireamh in Aguisín A.7.3. Cinntear sa tuarascáil go ndéanfar an tógáil gan dí-uisciú a dhéanamh mar gheall ar íogaireacht na ngabhdóirí screamhuisce in aice láimhe. D'fhéadfaí stop a chur leis an tógáil le linn cuid den gheimhridh mar gheall ar bhuaicleibhéil screamhuisce. Tugadh an tuarascáil sin cothrom le dáta chun na mionsonraí a pléadh ag an éisteacht ó bhéal in 2020 a chur san áireamh.

Nuair a ardaíonn an screamhuisce cuirfear stop leis na gníomhaíochtaí tógála ar fad laistigh den chrios faoin ardleibhéil screamhuisce don tollán agus déanfar an oibríocht sábháilte go dtí go dtitfidh na leibhéil screamhuisce, lena bhféadfadh suiteáil beirmeacha chun cosc a chur ar screamhuisce ó dhul isteach nó ó theacht amach as an tollán ó thairseach an tolláin bheith san áireamh. Cuirfear tús leis an tógáil roimh shéasúr um pórú an Fhabhcúin Ghoirm (roimh lár mhí Feabhra) seachas sula mbeidh neadú ar siúl.

Beidh an rochtain ar an taobh thoir den chuid seo den N6 GCRR atá beartaithe ó Chairéal Leacaigh ar a dtéitear isteach trí Bhóthar Chúil Each agus beidh an rochtain ar an taobh thiar de ón Seanbhóthar. Is é Cairéal Leacaigh (SC 11/01) an príomhchampún láithreáin don chuid seo. Tá sé beartaithe foirgneamh seirbhísí tollán, monatóireachta agus cothabhála a thógáil laistigh de Chairéal Leacaigh a fhreastalóidh mar shaoráid cothabhála don tollán atá beartaithe. Tógfar bealach éalaithe éigeandála don trácht atá ag dul siar chun imeacht ón N6 GCRR atá beartaithe roimh an tairseach tolláin thoir más gá. Rachaidh sé sin amach ar Bhóthar Chúil Each ag an mbealach isteach reatha ar Chairéal Leacaigh. Mar an gcéanna, tógfar bealach éalaithe éigeandála don trácht atá ag dul soir chun imeacht ón N6 GCRR atá beartaithe roimh an tairseach tolláin thiar. Tá an bóthar éalaithe éigeandála ina chuid de lúb a théann amach ar an Seanbhóthar agus a théann trasna faoin bpríomhlíne agus a nascann ar ais chuig an mBóthar Nua i gCúil Each ansin. Freastalóidh na bóithre éalaithe éigeandála sin go príomha mar rochtain d'fheithiclí seirbhíse éigeandála agus beidh bacainn gheataithe rialaithe iontrála agus fágála. Bainfear úsáid astu sin chomh maith i gcás aimsiú feithicle ró-airde chun an fheithicil a thógáil go sábháilte roimh an tollán.

#### 7.4.7.2.12 Cuid S12 - Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84/Cairéal Leacaigh go Bóthar na Scoile

Sa chuid seo cuimsítear 1700m de dhébhealach le hacomhal deighilte grádaithe amháin ag Bóthar Áth Cinn an N84. Sínfidh príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe thar Bhóthar Áth Cinn an N84, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bóithre a dhúnadh san oíche agus an tardhroichead á thógáil nuair a bheidh na struchtúir tacaíochta agus na claífoirt tógtha ar an dá thaobh. Beidh gá le malairt slí shealadach ag Scoil an Bhóthair, an Caisleán Gearr chomh maith.

Déanfar an bóthar a ailíniú siar ón mbóthar atá ann agus beidh gá le malairt slí shealadach den líonra tarchurtha gáis agus den séarach bréan a ritheann feadh Bhothar na Scoile ina leith sin chomh maith. Nuair a bheidh an gearradh tochailte ón taobh thiar agus struchtúr an tardhroichid curtha i bhfeidhm féadfar an príomhlíonra gáis agus an séarach bréan a athlonnú i struchtúr an droichid.

Beidh rochtain ar an láithreán ó Bhóthar Áth Cinn an N84. Is é Cairéal Leacaigh (SC 11/01) an campún láithreáin is gaire a bheidh ar an taobh thiar den chuid seo agus Claí an Dá Mhíle (SC 14/01) ar an taobh thoir laistigh de limistéar Acomhal Bhóthar Thuama an N83 atá beartaithe. Beidh gearradh mór isteach in éadan thoir Chairéal Leacaigh. Déanfar an t-ábhar a thochlófar a stóráil ag campún láithreáin Chairéal Leacaigh agus déanfar é a thástáil i gcomhair a oiriúnachta lena úsáid i gcodanna líonta den N6 GCRR atá beartaithe.

Áirítear ar na príomhstruchtúir sa chuid seo fodhroichead amháin, dhá thardhroichead, ceithre íosbhealach mamach agus trí bhalla coinneála. Tá sé bhóthar áise le tógáil agus trí líonra draenála le cuimsiú sa chuid seo.

Tarraingeofar an t-ábhar a thochlófar ón ngearradh ag Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr ar ais chuig ceachtar campún láithreáin SC 11/01 nó SC 14/01. Beidh gá le monatóireacht creathaidh agus torainn i ngeall ar an ngaireacht do réadmhaoine cónaithe agus tráchtála (tag. Caibidil 18, Torann agus Creathadh).

#### 7.4.7.2.13 Cuid S13 Bóthar na Scoile go dtí Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

Sa chuid seo cuimsítear 1800m de dhébhealach le hacomhal deighilte grádaithe amháin ag Bóthar Thuama an N83. Sínfidh príomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe thar Bhóthar Thuama an N83, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bóithre a dhúnadh san oíche agus an tardhroichead á thógáil nuair a bheidh na struchtúir tacaíochta agus na claífoirt tógtha ar an dá thaobh. Beidh rochtain ar an láithreán ó Bhóthar Thuama an N83. Is é Claí an Dá Mhíle (SC 14/01, SC 14/02 agus SC 14/03) an campún láithreáin is gaire laistigh de limistéar Acomhal Bhóthar Thuama an N83.

Ag Acomhal Bhóthar Thuama an N83 gearrfaidh an phríomhlíne isteach i gcnoc agus beidh sí gearrtha go dtí tairseach Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá beartaithe, dá bhrí sin beidh tochailt shuntasach ábhair ag teastáil ansin. Is féidir an t-ábhar tochailte a athúsáid má mheastar go mbeidh sé oiriúnach do na claífoirt ar an bpríomhlíne agus ar an slisbhóthair a nascann le Bóthar Ceangail na Páirce Móire. Tógfar Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus Nasc Pháirc Ghnó na Cathrach Thuaidh sula dtógfar an rochtain atá ann ó Bhóthar Thuama an N83 go Ráschúrsa na Gaillimhe chun an rochtain a choimeád.

Áirítear ar na príomhstruchtúir sa chuid seo fodhroichead amháin, tardhroichead amháin, íosbhealach mamach amháin agus balla coinneála amháin. Tá naoi mbóthar áise le tógáil agus trí líonra draenála le cuimsiú sa chuid seo.

Déanfar monatóireacht ar thorann le linn na céime tógála ag na suíomhanna íogaire is gaire chun a chinntiú nach ndéanfar teorainneacha torainn tógála (léirithe i dTábla 18.1 de Chaibidil 18, Torann agus Creathadh) a shárú.

Déanfar monatóireacht ar chreathadh ag foirgnimh íogaire aitheanta, a bhfuil an poitéinseal ag na hoibreacha atá beartaithe a bheith ag na luachanna teorainn creathaidh nó go sáróidh siad iad fiú. Déanfar monatóireacht creathaidh bunlíne freisin ag gníomhaíochtaí íogaire creathaidh do shaoráidí déantúsaíochta laistigh de Pháirc Ghnó na Páirce Móire agus an Ráschúrsa (féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh).

#### 7.4.7.2.14 Cuid S14 - Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe

Cuireadh clár oibreacha tógála i dtoll a chéile i gcomhar le Ráschúrsa na Gaillimhe chun íoslaghdú a dhéanamh ar an gcur isteach ar chleachtas tráchtála an ghnó i rith na bliana, agus ní hamháin d'fhéilte rásaíochta. Tá sceideal réamhoibreacha cuimsithe sa chlár seo lena n-áirítear dhá athlonnú agus bonneagar gaolmhar, uisce, teileachumarsáid, R-ghréasán agus malairtí slí fóntas leictreachais, athailíniú bóithre rochtana agus bóithre ceangail athsholáthair. Tógfar tollán gearrtha agus cumhdaithe 230m i gcéimeanna thar

thréimhse trí bliana agus beidh deiseanna tógála naoi mí ann in aghaidh na bliana. Beidh gá le hábhar a phléascadh chun ceann carraige éadomhain a bhaint a dearbhaíodh ó obair imscrúdaithe talún. Cuirfear monatóireacht torainn agus creathaidh i bhfeidhm i ngeall ar an ngaireacht d'fhoirgnimh thráchtála agus chónaithe sa limistéar. Tá gá le malairtí slí an phríomh-uisce dromchla agus an phríomhshéaraigh bhréin IDA ag tairseach thoir an tolláin. Déanfar an t-ábhar ar fad a thochlófar a thástáil i gcomhair a oiriúnachta i gcodanna líonta amhail Acomhal Chúil Each.

Féach Aguisín A.7.4 le haghaidh tuilleadh eolais maidir le clár an tseichimh tógála sin. Nuashonraíodh é sin ó bhí 2018 ann chun a léiriú go dtógfar na stáblaí sealadacha i ngarpháirc an ráschúrsa agus nach n-idirghníomhóidh siad le tógáil an N6 GCRR atá beartaithe, agus nach dtosóidh tógáil na stáblaí buana go dtí go mbeidh an N6 GCRR atá beartaithe críochnaithe.

**7.4.7.2.15 Cuid S15 – Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe go hAcomhal Chúil Each**

Teastaíonn méid mór innealtóireachta sa chuid seo mar gheall ar na fodhroichid atá beartaithe agus an t-acomhal ardaithe ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise (féach Cuid 7.4.9 thíos). Tá dhá fhodhroichead, dhá thardhroichead, agus dhá bhalla coinneála cuimsithe sa chuid seo. Tógfar dhá cheann de struchtúr na bhfodhroichid thar bhóithre poiblí atá ann (Bóthar Mhuine Mheá an R339 agus Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise), dá bhrí sin tá sé beartaithe go mbeadh gá le bóithre a dhúnadh san oíche chun bíomaí a thógáil nuair a bheidh claífoirt agus struchtúir thacaíochta tógtha ar cheachtar taobh.

Tá an dá bhalla coinneála an-ghar do dhá réadmhaoin tráchtála agus dá bhrí sin ní mór a bheith cúramach agus na ballaí á dtógáil chun cur isteach ar ghnólachtaí mar thoradh ar an tógáil a íoslaghdú. Is iad campúin láithreáin (SC 15/01 & SC 16/01) na príomhiostaí a bheidh ag freastal ar Chuid S14. Féach Tábla Tábla 7.6 thíos le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le suíomhanna na gcampún láithreáin. Soláthrófar rochtain ar an gcuid ó dheas de Bhóthar Mhuine Meá an R339 agus beidh an rochtain ar an gcuid thuaidh ó Bhóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise. Beidh an rochtain ar an taobh thuaidh thar Bhóthar Mhuine Meá an R339 nuair a bheidh an droichead tógtha. Úsáidfear Ascaill an Ráschúrsa mar bhealach iompair ach beidh a úsáid teoranta. Úsáidfear é chun ábhair a sheachadadh amháin agus ní bheidh cead ábhair thochailte a iompair ann.

Tá brú tráchta ag buaicuaireanta AM agus PM ina mhór-shaincheist ag an suíomh seo agus dá bhrí sin ní mór do chonraitheoirí a chinntiú go n-íoslaghdófar gluaiseachtaí an tráchta tógála ag na hamanna sin.

Áirítear ar na príomhghearrthacha sa chuid seo an bealach isteach thoir chuig Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe agus an nasc leis an N6 atá ann ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Beidh gá le réabadh crua le casúr hiodrálach nó pléascadh a dhéanamh ag na suíomhanna tochailte sin de bharr láithreacht na carraige éadoimhne (féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht). Tá an baol ann chomh maith go dtarlóidh maoschlár ard sa limistéar seo agus dá bhrí sin, má tharlaíonn sé ar an láithreán cuirfear pumpáil i bhfeidhm (féach Caibidil 10, Hidrigeolaíocht). Tá sé líonra draenála sa chuid seo. (féach Caibidil 5, Cur Síos ar an Tionscadal le haghaidh cur síos ar na líonraí draenála).

Tá Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála san áireamh sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus déanfaidh an Conraitheoir é a thabhairt chun críche agus a nuashonrú roimh an tógáil. Cloífear leis an bplean seo i rith na tógála le haghaidh seicheamhú Acomhal Chúil Each lena chinntiú nach gcuirfear isteach go mór ar an trácht atá ann.

### *Céim 3*

Tógfar an clós stábla buan, lena n-áirítear áit pháirceála do bhoscaí capaill i gCéim 3, ar an taobh ó thuaidh de na stáblaí sealadacha. Críochnófar sin i ndiaidh chríochnú Chéim 2. Beidh na hoibreacha a bheidh i gceist le tógáil na stáblaí buana cosúil leo siúd a bhainfidh le tógáil na stáblaí sealadacha.

### *Céim 4*

Le Céim 4 déanfar an bloc stáblaí sealadach a scartáil, agus coinneofar an pailliún, na seideanna innealra agus cothabhála, an ciorcal réamhpharáide, agus fostáisiún BSL. Bainfear athúsáid as an limistéar ina raibh na stáblaí sealadacha le haghaidh áit pháirceála do charranna. Beidh an méid seo a leanas i gceist leis na príomhghníomhaíochtaí:

- Scartáil struchtúr coincréite agus foirgneamh eile
- Glanadh ábhar scartáilte ón láithreán

- Soláthar dromchla oiriúnaigh don pháirceáil carranna

***Céim 5***
Is í Céim 5 céim oibríochta an Tionscadail, ní bheidh aon ghníomhaíochtaí tógála i gceist léi.

## 7.4.8 Modhanna Tógála

### *7.4.8.1 Ginearálta*
Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na príomhghníomhaíochtaí tógála agus na modheolaíochtaí gaolmhara a mbainfear úsáid astu don Tionscadal. Achoimre ardleibhéil is ea an tábla seo a leanas ar na modheolaíochtaí sin lena n-úsáidfear na modhanna dea-chleachtais de réir na gcaighdeán iomchuí.

**Tábla 7.3 Modheolaíochtaí Gníomhaíochta Tógála**

| Gníomhaíocht Tógála | Modheolaíochtaí Tógála |
|---|---|
| Bulcoibreacha Créafóige | Oibreacha tochailte<br>Druileáil agus pléascadh<br>Brú carraigeacha<br>Líonadh |
| Tollán Gearrtha agus Cumhdaithe | Tochailt<br>Druileáil agus pléascadh<br>Tógáil ó bhun aníos<br>In-situ/réamhtheilgthe<br>Uisce-dhíonadh<br>Aislíonadh<br>Meicniúil agus Leictreach<br>Aerú<br>Sábháilteacht dóiteáin |
| Ballaí Coinneála | Bratphíleáil<br>Ancairí<br>Boltaí Carraige<br>Bioranna/Strapaí/Ceangail<br>Teilgean in-situ |
| Tollán Mianaithe | Druileáil agus pléascadh<br>Tochailt<br>Aislíonadh<br>Tacú<br>Teilgean in-situ<br>Uisce-dhíonadh<br>Meicniúil agus Leictreach<br>Aerú<br>Sábháilteacht dóiteáin |
| Tógáil Tharbhealach Mhionlaigh | Córas cosanta an chosáin Aolchloiche<br>Réamhthógáil (in-situ)<br>Sraith eangaí geoiteicstílí<br>Bíomaí ar snámh |
| Tógáil Droichead | Réamhthógáil (in-situ)<br>Bíomaí starrmhaide chothromaithe |
| Struchtúir | Teilgean in-situ<br>Meicniúil agus leictreach<br>Aerú<br>Tógáil saoirseachta |

| Gníomhaíocht Tógála | Modheolaíochtaí Tógála |
|---|---|
| | Dromchlú<br>Feistiú aonaid réamhtheilgthe |
| Dromchlú bóithre | Tochailt<br>Dlúthú<br>Srathú<br>Marcáil |
| Scartáil | Baint ábhair<br>Glanadh láithreáin<br>Scartáil mheicniúil |

Cuimsítear tuairisc mhionsonraithe ar na modheolaíochtaí atá beartaithe le haghaidh tógáil struchtúr suntasach amhail Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh, Tollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe in Aguisíní A.7.1 go dtí A.7.4 den TMTT nuashonraithe seo.

### *7.4.8.2 Oibreacha Créafóige*

Baineann na hoibreacha créafóige atá á mbreithniú sa chuid seo le gach céim den Tionscadal agus cuirtear san áireamh mionathruithe ar an Tionscadal a mhionsonraítear i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo.

I gcás Chéim 1, tochlófar barrithir agus fo-ithir agus cothromófar an talamh chun an dromchla a theastaíonn a sholáthar do thógáil na stáblaí sealadacha laistigh de gharpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe. Iomprófar an ithir thochailte go díreach amach as an láithreán. Cuimsítear le tógáil na stáblaí sealadacha i gCéim 1 tochailt linne maolúcháin ar an taobh ó dheas de na stáblaí sealadacha atá beartaithe.

I gcás Chéim 2, déanfar barrithir agus fo-ithir a thochailt agus cuirfear tógáil bóithre ina n-áit. Déanfar barrithir agus fo-ithir lomtha a stóráil laistigh de theorainn an láithreáin agus athúsáidfear í i dtógáil an Tionscadail nuair is féidir faoi réir tástáil chuí lena chinntiú go bhfuil sí oiriúnach dá húsáid deiridh atá beartaithe. I gcás ina dteastaíonn stóráil as an láithreán ar feadh tréimhse ar bith cinnteoidh an conraitheoir go mbeidh na ceadúnais chuí dramhaíola ag na saoráidí stórála sin nó go mbeidh ceadanna saoráidí dramhaíola i bhfeidhm. Déanfar bainistíocht ar na hoibreacha créafóige go léir ag tabhairt aird ar Threoirlínte TII maidir le Bainistíocht Dramhaíola ó Thionscadail um Thógáil Bóithre Náisiúnta (GE-ENV-01101) (Nollaig 2017).

Is féidir sonraí maidir le tástáil, stóráil agus athúsáid ábhair a fháil i gCaibidil 20, Bainistíocht Acmhainní agus Dramhaíola, den TMTT nuashonraithe seo.

Déanfar ábhair a iompar chuig agus ón láithreán ag baint úsáide as an líonra bóithre atá ann. Déanfar tochailt agus líonadh ag baint úsáide as gléasra meicniúil.

Tógfar claífoirt bhóithre ag baint úsáide as ábhar tochailte nó, nuair is gá, ábhar líonra iompórtáilte agus beidh sé dlúithe go ginearálta ag baint úsáide as rollóirí ina stad nó rollóirí creathach nó trealamh comhchosúil.

Tógfar na claífoirt sin den chuid is mó ó ábhar líonra féintacaithe. Sa chás go sainaithneofar an riachtanas le haghaidh coinneáil ithreach le linn an dearaidh mhionsonraithe soláthrófar é sin trí úsáid a bhaint as oibreacha créafóige géaraithe ar a mbeidh críoch fásmhara nó ballaí coinneála ithreach treisithe nó coincréite treisithe le raon sonrach críocha inghlactha ar na héadain nochta. Saineofar na riachtanais maidir le cuma aeistéitiúil na n-éadan nochta i gcáipéisí an chonartha.

I gcás Chéim 3, toisc go dtógfar na stáblaí buana ar an láithreán cothromaithe a bheidh ann tar éis chríochnú Chéim 2 ar an taobh ó thuaidh den tollán clúdaithe, ní bheidh mórán oibreacha créafóige ann lena dtochailt roimh an tógáil. Arís eile, iomprófar aon ábhar tochailte go díreach amach as an láithreán ar bhealaí iompair réamhchinntithe, mar a phléitear i gCuid 7.4.9.3.

D'fhéadfaí roinnt oibreacha créafóige a thochailt le linn Chéim 4, tráth a dhéanfar an láithreán, ar a mbíodh na stáblaí sealadacha, a athfhormáidiú chun páirceáil a éascú. Ní bheidh mórán cainníochtaí oibreacha créafóige i gceist leis an gcéim sin agus iomprófar iad go díreach amach as an láithreán.

#### *7.4.8.3 Oibreacha Cosáin*

Tá bóithre tarmac dhá lána beartaithe mar chuid de na stáblaí sealadacha agus buana araon (Céim 1 agus Céim 3 den Tionscadal) chun rochtain a chur ar fáil do bhoscaí capaill agus feithiclí eile chuig na stáblaí. Tógfar na bóithre sin le dromchlú tarramhacadaim. Beidh áiseanna páirceála do bhoscaí capaill i gCéim 1, Céim 3 agus Céim 4 freisin, agus beidh siad pábháilte le dromchlaí tarramhacadaim.

Maidir leis na limistéir imshruthaithe sa chlós stábla sealadach agus sa chlós stábla buan, déanfar iad a dhromchlú le hurlárlach rubaraithe.

Le linn Chéim 2, déanfar pábháil bhiotúmanach i rith achar an N6 GCRR atá beartaithe. Cinnfear tiús chosán an bhóthair ag céim an dearaidh mhionsonraithe ach ar an gcineál sin bóthair, d'fhéadfaí tiús tarra nua de 350mm a thuar.

Iomprófar an t-ábhar tarra nua go dtí an láithreán i dtrucailí atá deartha chun ábhair a iompar ag teochtaí arda. Aistreofar an t-ábhar díreach chuig na meaisíní pábhála, a leathann an tarr ar an mbóthar i sraitheanna. Dlúthaítear an t-ábhar leata ansin ag úsáid rollóirí.

#### *7.4.8.4 Bainistíocht an Chomhshaoil*

Déanfar gach iarracht réasúnta lena chinntiú go n-íoslaghdófar éifeachtaí comhshaoil díobhálacha ar bith le linn chéim thógála an Tionscadail. Beidh an phleanáil tógála dírithe i dtreo cur isteach agus núis a choinneáil chomh íseal agus is féidir.

Déanfar tionchair chomhshaoil le linn na tógála a mhaolú nó a laghdú nuair is féidir (féach na caibidlí aonair sa TMTT nuashonraithe seo le haghaidh bearta sonraithe maolaithe).

Maidir leis sin, sula gcuirfear tús le hoibreacha ar bith ar an láithreán, tabharfaidh an príomhchonraitheoir an CEMP atá cuimsithe in Aguisín A.7.5 den TMTT nuashonraithe seo chun críche (Féach 7.4.1.1 thuas). Beidh sé ina cheanglas conartha cloí leis an bplean seo agus cinnteoidh sé sin go leanfar dea-chleachtais oibre chun tionchair chomhshaoil ar bith a thiocfadh as an tógáil a íoslaghdú agus a bhainistiú.

### 7.4.9 Foinsí agus Iompar Ábhair

#### *7.4.9.1 Forbhreathnú*

Beidh oibríochtaí na n-oibreacha créafóige ina mórghníomhaíocht ar an láithreán agus áireofar leo tochailt, stoc-charnadh, próiseáil, sil-leagan, pléascadh, athúsáid ábhair, iompórtáil agus iompar ábhair ón láithreán lena n-aisghabháil/diúscairt. Teastóidh gluaiseachtaí suntasacha ábhar chuig an láithreán, uaidh agus thart air do thógáil Chéim 2 den Tionscadal. Beidh ábhar guaiseach ó na hoibreacha tochailte i bhformhór na n-ábhar a fhágfaidh an láithreán.

Baineann farasbarr foriomlán d'ábhar tochailte siar ó Abhainn na Gaillimhe agus easnamh foriomlán ábhair líonta soir ó Abhainn na Gaillimhe le dearadh reatha an N6 GCRR atá beartaithe, lena n-áirítear na mionathruithe a mhionsonraítear i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo, féach thíos le haghaidh sonraí. Déanfar an t-ábhar ar fad a meastar go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha a athúsáid mar chuid de na codanna líonta faoi réir tástáil chuí lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach dá úsáid deiridh atá beartaithe.

Má tá an N6 GCRR atá beartaithe le tógáil i gcéimeanna de réir Chuid 7.4.2 thuas, beidh farasbarr foriomlán de 597,000m$^3$ i gCéim A agus easnamh foriomlán de 258,000m$^3$ i gCéim B. Dá bhrí sin, beidh gá ann ábhar inghlactha tochailte a stóráil ó Chéim A chun an easnamh i gCéim 2 a chomhardú. (Tag. Cuid 7.4.9.2). Stórálfar an t-ábhar sin laistigh de líne an fháil don N6 GCRR atá beartaithe sna limistéir shil-ligin ábhair shainaitheanta atá léirithe i bhFíoracha 7.301 agus 7.302. Iompróidh bailitheoirí dramhaíola údaraithe dramhaíl ar bith nach mbeidh oiriúnach lena hathúsáid laistigh den N6 GCRR atá beartaithe de réir na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailithe), 2007, arna leasú.

Déanfar an dramhaíl ar fad ón Tionscadal a sheachadadh chuig saoráidí dramhaíola údaraithe de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola, 1996-2022. Gan ach saoráidí lena bhfuil na ceadanna/an ceadúnas cuí dramhaíola a úsáid amháin, cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an Conraitheoir faoi choinníoll go gcaithfidh siad cloí le cuspóirí an Achta um Bainistiú Dramhaíola agus go ndéanfar astaíochtaí comhshaoil ar bith (torann, dusta, uisce) a bhainistiú ag an láithreán ceann scríbe agus dá réir sin gur freagracht an úinéara/oibreora an láithreáin cinn scríbe de réir an dlí. Ar an gcaoi sin is féidir le Comhairle Chontae na

Gaillimhe a bheith sásta go mbeidh an ghné bainistíochta carta lasmuigh den suíomh ag cloí go dlíthiúil le reachtaíocht chomhshaoil agus bainistíochta dramhaíola.

Cuimsíodh na gluaiseachtaí tráchta ar fad a bhaineann le hiompórtáil nó easpórtáil na n-ábhar i measúnacht tionchair an tráchta tógála agus cuirtear san áireamh na mionathruithe dearaidh a mhionsonraítear i gCaibidil 5 den TMTT nuashonraithe seo.

Déanfar na hábhair a theastaíonn le haghaidh na n-oibreacha tógála a fhoinsiú go háitiúil nuair is féidir. Déanfar ábhair a theastaíonn ó chairéil a fhoinsiú ó chairéil atá liostaithe ar an gclár a choimeádann an t-údarás áitiúil amháin. Beidh an t-ábhar ar fad a athúsáidfear ar an láithreán faoi réir tástála lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don úsáid deiridh atá beartaithe.

Tá cairéil atá i mbun oibre lonnaithe i an-chóngarach don Tionscadal. Tá an acmhainneacht ann ábhar biotúmanach a iompórtáil do phábháil ó cheann de na cairéil sin. Sainaithníodh bealaí iompair chuig na cairéil sin agus rinneadh measúnú ar thionchair fhéideartha ar bith a bhaineann leis na bealaí iompair sin sa TMTT nuashonraithe seo.

D'fhéadfaí brú carraige a dhéanamh ar an láithreán chun an charraig thochailte a dhéanamh oiriúnach lena hathúsáid mar líonadh ginearálta. Seachas sin, beidh gá an chloch bhrúite a iompórtáil chuig an láithreán.

#### *7.4.9.2 Cainníochtaí Oibreacha Créafóige Ginearálta*

I gcomhréir le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, féachfar leis an Tionscadal leis an méid ábhar a thabharfar isteach sa láithreán tógála a íoslaghdú. Bainfear é sin amach tríd an méid is féidir de na hábhair a chruthófar le linn thógáil an Tionscadail a athúsáid. Beidh an Tionscadal faoi réir tuilleadh tástála chun a dhearbhú an gcomhlíonann na hábhair na caighdeáin shonracha innealtóireachta dá n-úsáid deiridh atá beartaithe.

Úsáidtear os cionn 99% den ábhar tochailte a chruthófar le Céim 2 den Tionscadal, an N6 GCRR atá beartaithe, chun na méideanna riachtanacha innealtóireachta, tírdhreacha agus sábháilteachta is gá ar N6 GCRR atá beartaithe a shásamh.

Tá an t-ábhar a bhfuiltear ag súil le teacht air feadh an N6 GCRR atá beartaithe curtha ar fáil thíos:

- **Ábhar Oibreacha Créafóige Inghlactha:** Is féidir iad sin a chatagóiriú de réir Shraith 600 TII, Tábla 6/1 Aicmí 1, 2, 6 agus 8 (Márta 2013). Cuimsíonn siad an chuid is mó de na hábhair ar dócha go dtiocfar orthu, agus soláthraítear a n-úsáid cheaptha i dTábla 6/1
- **Ábhar Imeallach:** Teastaíonn cóireáil amhail triomú aoil nó aeir chun ceanglais inghlacthachta Shraith 600 TII a chomhlíonadh (Márta 2013). I gcomhthéacs an t-ábhar a chorprú sna hOibreacha, cinnteoidh an Conraitheoir, roimh ré, go ndéanfar ábhair ar bith a thástáil lena oiriúnacht dá úsáid deiridh atá beartaithe a chinntiú agus go gcloífear leis an reachtaíocht agus na treoirlínte uile lena mbaineann. Lena chois sin, ní mór úsáid an ábhair sin a phlé le hIonadaí na bhFostóirí sula dtosaítear oibreacha ar bith
- **Barrithir:** Comhlíonfaidh an bharrithir ceanglais ábhar Aicme 5 faoi mar a léirítear i Sraith 600 TII Tábla 6/1 (Márta 2013)
- **Móin:** De réir Shraith 600 Cl 601.2 TII (Márta 2013), déanfar móin neamhghuaiseach a chatagóiriú mar ábhar Do-ghlactha U1
- **Ithir U1:** Déanfar ithir neamhghuaiseach nach gcomhlíonann na ceanglais atá léirithe i Shraith 600 Cl 601.1 TII (Márta 2013), a chatagóiriú mar ábhar Do-ghlactha U1
- **Carraigh U1:** Déanfar carraig neamhghuaiseach nach gcomhlíonann na ceanglais atá léirithe i Sraith 600 Cl TII. 601.1 TII (Márta 2013), a chatagóiriú mar ábhar Do-ghlactha U1
- **Ábhar Guaiseach:** Déanfar ábhar guaiseach arna shainiú i Sraith 600 Cl 601.3 TII (Márta 2013) a chatagóiriú mar ábhar Do-ghlactha U2

Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an ábhar tochailte agus geolaíocht ghinearálta an Tionscadail a fháil i gCaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht.

Tá achoimre tugtha ar na méideanna measta a bhaineann leis an ábhar is gá a chur ar an láithreán agus a bhaint as an láithreán i Tábla 7.4. Chomh maith leis an ábhar a bhfuil tuairisc ar i Tábla 7.4 bainfear roinnt seirbhísí le linn na n-oibreacha tochailte lena n-áirítear séaraigh as feidhme, draenacha, cáblaí, duchtanna, píblínte, bonnlaigh as feidhm, siléir agus claiseanna.

Tá achoimre tugtha ar na méideanna measta a bhaineann leis an ábhar is gá a chur ar an láithreán agus a bhaint as an láithreán i Tábla 7.4.

**Tábla 7.4 Méideanna Ábhar Tochailte Measta a chruthófar ar fud an Tionscadail agus Trácht Tógála Gaolmhar**

| | Catagóir (nóta 1) | Ábhar measta tochailte ($m^3$) | Athúsáid mheasta laistigh den N6 GCRR atá beartaithe ($m^3$) | Farasbarr ábhar tochailte measta lena dteastóidh aisghabháil/ diúscairt as an láithreán ($m^3$) | Trácht Tógála arna Chruthú (Turais HGV)[3] |
|---|---|---|---|---|---|
| **Céim 1** | Aicmí 1, 2, 6 agus 8 | 32,084 | 0 | 32,084 | 4,492 |
| **Céim 2** | | | | | |
| Ábhar Oibreacha Créafóige Inghlactha | Aicmí 1, 2, 6 agus 8 | 2,602,350 | 2,602,350 | 0 | 520,470 |
| Ábhar Imeallach | Teastaíonn cóireáil chun ceanglais inghlacthachta a chomhlíonadh | 168,500 | 168,500 | 0 | 33,700 |
| Barrithir | Aicme 5 | 151,450 | 151,450 | 0 | 22,718 |
| Móin | Catagóir Dho-ghlactha U1 | 76,000 | 76,000 | 0 | 11,400 |
| Ithir U1: Neamh-mhóin | Catagóir Dho-ghlactha U1 | 147,500 | 191,300 | 0 | 14,750 |
| Carraigh U1: Neamh-mhóin | Catagóir Dho-ghlactha U1 | 43,800 | | 0 | 4,380 |
| Tírdhreachtú agus cruthú gnáthóg | Aicme 4 (Nóta 2) | 0 | | 0 | 0 |
| Ábhar Guaiseach | Catagóir Dho-ghlactha U2 | 7,600 | 0 | 7,600 | 760 |
| **Iomlán** | | **3.197,200** | **3,189,600** | **7,600** | **1,743** |
| **Céim 3** | Aicmí 1, 2, 6 agus 8 | 12.444 | | 12,444 | 1,743 |
| **Céim 4** | Aicme 5 | 715 | 0 | 715 | 100 |
| **Céim 5** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Nóta 1: Sraith 600 TII lena n-áirítear Tábla 6/1: Ábhair Oibreacha Créafóige Inghlactha: Aicmiú agus Ceanglais Dlúthúcháin

Nóta 2: Líonadh Tírdhreacha de réir Aicme 4 de Shraith 600 TII lena n-áirítear Tábla 6/1: Ábhair Oibreacha Créafóige Inghlactha: Aicmiú agus Ceanglais Dlúthúcháin

Nóta 3: Áirítear ann sin turais go dtí an láithreán agus uaidh, bídís folamh nó lán

Chomh maith leis na hábhair thochailte thuas bainfear roinnt seirbhísí le linn na n-oibreacha tochailte lena n-áirítear séaraigh as feidhme, draenacha, cáblaí, duchtanna, píblínte, bonnlaigh as feidhm, siléir agus claiseanna.

Rinneadh athbhreithniú ar an acmhainn ag saoráidí dramhaíola ceadaithe agus ceadúnaithe agus léiríonn sé sin go bhfuiltear ag súil go mbeidh acmhainn imleor laistigh de na saoráidí bainistíochta dramhaíola oibriúcháin agus pleanáilte chun an dramhaíl a chruthóidh an Tionscadal a ghlacadh.

#### *7.4.9.3 Bealaí Iompair Féideartha*

Sainaithníodh bealaí iompair féideartha ar fud an Tionscadail leis an aidhm íoslaghdú a dhéanamh ar idirghníomhú leis an bpobal i gcoitinne agus an méid is lú agus is féidir cur isteach ar an timpeallacht ghlactha a chruthú. Nuair is féidir coinneofar bealaí iompair laistigh de líne an fháil bheartaithe don N6 GCRR atá beartaithe le pointí trasnaithe ar na bóithre áitiúla. Mar sin féin, beidh tréimhse dosheachanta ann i gcás go gcaithfear na bóithre poiblí a úsáid do na bealaí iompair.

Sainaithníodh bealaí iompair feadh bóithre poiblí ag tabhairt aird ar a n-úsáid reatha, Meántrácht Bliantúil ó Lá go Lá (AADT), úsáideoirí gan inneall (NMUS) amhail coisithe agus rothaithe an bhail, leithead agus ailíniú reatha, chomh maith lena ngaireacht do ghabhdóirí íogaire. Nuair is gá beidh fir mharcála ag oibriú ag pointí trasnaithe acomhal feadh bealaí iompair chun sábháilteacht rochtana agus imeachta ó láithreán an Tionscadail agus campúin láithreáin a chinntiú. Cuirfear na bealaí iompair go léir feadh bóithre poiblí faoi mheasúnú réamhstruchtúrach agus cuirfear oibreacha feabhsúcháin ar bith a mbeidh gá leo i bhfeidhm sula dtosófar an tógáil. Déanfar monatóireacht ar bhealaí iompair feadh bóithre poiblí le haghaidh meatha chun láithreáin ar bith a bheidh obair fheabhsúcháin le déanamh orthu i ndiaidh na tógála a dhearbhú. Maidir le húsáid bhealach iompair HR 15/02 ón mbealach isteach chuig Páirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh go dtí Ascaill an Ráschúrsa agus ar Ascaill an Ráschúrsa go dtí Ráschúrsa na Gaillimhe, baineann rochtain theoranta leis sin agus úsáidfear é chun ábhair a sheachadadh amháin agus ní bheidh cead ábhair thochailte a iompair ann le linn Chéim 2. D'éirigh leis an socrú seo i scéimeanna bóithre comhchosúla san iarthar amhail scéimeanna mótarbhealaí M17/M18. Tá achoimre ar na príomhbhealaí iompair liostaithe i Tábla 7.5 thíos. Féach Fíoracha 7.101 go dtí 7.124 le haghaidh suíomhanna bealaí iompair.

**Tábla 7.5 Bealaí Iompair**

<table>
<tr><th rowspan="2">ID Bealaí Iompair</th><th colspan="2">Suíomh agus Slabhraíocht</th><th rowspan="2">Ainm(neacha) na mBóithre</th><th rowspan="2">Neas-leithead</th><th rowspan="2">Tuairisc ar an mBóthar</th></tr>
<tr><th>Ó</th><th>Go</th></tr>
<tr><td>HR 00/01</td><td>0+000<br>R336</td><td>1+150<br>Troscaigh Thiar</td><td>An R336 agus Bóthar Bearna go Maigh Cuilinn</td><td>6m laistigh den líne teorann beartaithe don N6 GCRR, 6m ar Bhóthar Bhearna/Mhaigh Cuilinn agus 9m ar an R336</td><td>Bóthar réigiúnach is ea an R336 a ritheann trí shráidbhaile Bhearna. Tá an bóthar i mbail mheasartha maith agus tá cosán ó dheas ar feadh fhad an bhealaigh iompair agus cosán amháin ó thuaidh sa tsráidbhaile air. Nascfaidh an bealach iompair a sainaithníodh feadh an R336 ansin le L-1321 Bhóthar Bhearna go Maigh Cuilinn ag an acomhal le comharthaí i Sráidbhaile Bhearna.<br>Bóthar áitiúil is ea L-1321 Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn atá i mbail mheasartha agus tá cosáin laistigh de cheantar máguaird Shráidbhaile Bhearna air.</td></tr>
<tr><td>HR 01/01</td><td>1+550<br>Troscaigh Thiar</td><td>4+440<br>Bóthar na Ceapaí</td><td>Bóthar Bhearna/Mhaigh Cuilinn, an R336 agus Bóthar na Ceapaí</td><td>6m laistigh de líne an fháil bheartaithe don N6 GCRR, 6m ar Bhóthar Bhearna/Mhaigh Cuilinn, 9m ar an R336 agus 4.7–7.3m ar Bhóthar na Ceapaí</td><td>Bóthar áitiúil is ea L-1321 Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn atá i mbail mheasartha agus tá cosáin laistigh de cheantar máguaird Shráidbhaile Bhearna air. Nascfaidh an bealach iompair feadh an L-1321 leis an R336 ag an acomhal le comharthaí i Sráidbhaile Bhearna.<br>Leanann an bealach iompar feadh an R336, bóthar réigiúnach a ritheann trí shráidbhaile Bhearna, a théann thar Scoil Náisiúnta Bhearna, i dtreo Chathair na Gaillimhe. Tá an bóthar i mbail mhaith agus tá cosán ó dheas ar feadh fhad an bhealaigh iompair agus cosán amháin ó thuaidh sa tsráidbhaile air. Nascann an bealach iompair le Bóthar na Ceapaí ag an T-acomhal idir Bóthar na Ceapaí agus an R336.<br>Bóthar áitiúil is ea Bóthar na Ceapaí atá 7.3m ar leithead agus i mbail mhaith suas go dtí Timpeallán Bhóthar na Ceapaí/ Bhóthar Dáileacháin an Iarthair. Ó 100m ó thuaidh ón timpeallán cúngaíonn an bóthar go 4.3m agus éiríonn bail an bhóthair níos measa. Ritheann cuid theas Bhóthar na Ceapaí trí limistéar cónaithe agus tá cosáin ar gach taobh de. Tá cosáin ar an gcuid thuaidh ar gach taobh don chéad 100m.</td></tr>
<tr><td>HR 04/01</td><td>4+450<br>Bóthar na Ceapaí</td><td>8+500<br>N59 An Daingean</td><td>Ag trasnú Bhóthar na Ceapaí, Bhóthar Bhaile an Mhóinín, Bhóthar Rathúin agus rochtain ar an N59</td><td>6m laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR</td><td>Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR.</td></tr>
<tr><td>HR 04/02</td><td>4+450<br>Bóthar na Ceapaí</td><td>11+450<br>Timpeallán na gCiarabhánach</td><td>R336, R337, R338 Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill, Bóthar Shéamais Uí Chuirc an R338 agus an N6 reatha</td><td>6m ar an R336 agus an R337<br>9m ar an R338 Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill. 15m ar Bhóthar Shéamais Uí Chuirc an R338. 15m an N6 atá ann cheana féin</td><td>Nascann an bealach iompair seo na bealaí iompair ar fad siar ó Abhainn na Gaillimhe leis na bealaí iompair ar an taobh thoir.<br>Bóthar réigiúnach is ea an R336 a ritheann i dtreo Chathair na Gaillimhe. Tá an bóthar i mbail mheasartha maith agus tá cosán ó thuaidh ar feadh fhad an bhealaigh iompair air. Nascann an R336 leis an R337 ar Bhóthar Bhaile an Rí.<br>Bóthar réigiúnach is ea an R337 a ritheann i dtreo Chathair na Gaillimhe. Tá an bóthar i mbail mheasartha maith agus tá cosán ó thuaidh ar feadh fhad an bhealaigh iompair air.</td></tr>
</table>

| ID Bealaí Iompair | Suíomh agus Slabhraíocht | | Ainm(neacha) na mBóithre | Neas-leithead | Tuairisc ar an mBóthar |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ó | Go | | | |
| | | | | | Nascann an R337 le R338 Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill ag an acomhal le comharthaí ag barr Bhóthar na Mine.<br>Bóthar réigiúnach is ea bóthar an Easpaig Uí Dhónaill an R338 a ritheann i dtreo phríomhbhóthar náisiúnta an N6 atá ann. Tá an bóthar i mbail maith agus tá cosáin agus lánaí rothaíochta ar gach taobh ar feadh fhad an bhealaigh iompair air. Nascann Bóthar an Easpaig Uí Dhónaill an R338 le Bóthar Shéamais Uí Chuirc an R338 ag an acomhal le comharthaí ag an gCuarbhóthar.<br>Bóthar réigiúnach is ea Bóthar Shéamais Uí Chuirc an R338 a ritheann i dtreo phríomhbhóthar náisiúnta an N6 atá ann. Tá an bóthar i mbail maith agus tá cosáin, lánaí rothaíochta agus lánaí rothaíocht ar gach taobh ar feadh fhad an bhealaigh iompair air. Ceanglaíonn Bóthar Shéamais Uí Chuirc an R338 leis an N6 reatha ag Timpeallán na mBrúnach.<br>Príomhbhealach náisiúnta is ea an N6 atá ann ar a bhfuil dhá lána tráchta, lánaí rothaíochta ardaithe agus cosáin sa dá threo. Tá an bealach i mbail mhaith agus nascann sé leis na bealaí iompair thoir ag Timpeallán na gCiarabhánach. |
| HR 06/01 | 0+350<br>Nasc an N59 | 2+100<br>Nasc an N59 | Ag trasnú Bhóthar Leitrí agus ar Bhóthar Rathúin. Nascann sé le Bóthar an Easpaig Uí Dhónaill | 6m laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. 9m ar Bhóthar Rathúin | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. Bóthar áitiúil is ea Bóthar Rathúin ar a bhfuil cosáin ar an dá thaobh ar feadh fhad an bhealaigh iompair. Tá an bóthar i mbail mheasartha ar feadh fhad an bhealaigh iompair. |
| HR 08/01 | 0+300<br>Nasc Thuaidh an N59 | 9+250<br>An Daingean | N59 | 9.2m ar an N59<br>6m laistigh de líne na teorann do phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe go dtí Droichead Abhainn na Gaillimhe agus ar Bhóthar Ceangail Thuaidh an N59 | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. Bealach tánaisteach náisiúnta is ea an N59 ar a bhfuil cosáin ar gach taobh den bhealach iompair sainaitheanta. Tá an bóthar i mbail mheasartha ar feadh fhad an bhealaigh iompair. |
| HR 09/01 | 9+400<br>Trasbhealach Mhionlaigh agus Abhainn na Gaillimhe | 11+450<br>Cúil Each agus Cairéal Leacaigh | Bóthar Chúil Each | 4.26–5.045m ar Bhóthar Chúil Each<br>6m laistigh de líne na teorann do phríomhlíne an N6 GCRR atá beartaithe ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe go dtí Cairéal Leacaigh | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. Bóthar áitiúil is ea Bóthar Chúil Each a chúngaíonn ó thuaidh ó Chairéal Leacaigh. Tá an bóthar i ndrochbhail agus tá na radhairc air teoranta. |

| ID Bealaí Iompair | Suíomh agus Slabhraíocht | | Ainm(neacha) na mBóithre | Neas-leithead | Tuairisc ar an mBóthar |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ó | Go | | | |
| HR 11/01 | 11+450<br>Cairéal Leacaigh | 12+550<br>Acomhal an N84 | Bóthar Chúil Each agus an N84 | Bóthar Chúil Each – 7.8m<br>N84 – 8.5m | Bóthar áitiúil is ea Bóthar Chúil Each ar a bhfuil cosáin ar an dá thaobh. Bhí an bóthar á úsáid ag HGVanna roimhe seo ó Chairéal Leacaigh mar nasc leis na líonra bóithre náisiúnta. Tá an bóthar i mbail measartha ó Chairéal Leacaigh go Timpeallán na gCiarabhánach.<br>Bealach tánaisteach náisiúnta is ea an N84 ar a bhfuil cosáin ar gach taobh d'fhormhór an bhealaigh iompair shainaitheanta. Tá an bóthar i mbail mheasartha ar feadh fhad an bhealaigh iompair. |
| HR 11/02 | 11+450<br>Bóthar Áth Cinn | 13+150<br>Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr | Trasbhealach an N84 | 6m laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. |
| HR 11/03 | 12+550<br>Acomhal an N84 | 13+900<br>Bóthar Thuama an N83 | Bóthar Chúil Each, N6 Bhóthar na dTreabh agus Bóthar Thuama an N83 | Bóthar Chúil Each – 7.8m, N6 Bhóthar na dTreabh – 14.2m<br>Bóthar Thuama an N83 – 11.6m | Bóthar áitiúil is ea Bóthar Chúil Each ar a bhfuil cosáin ar an dá thaobh. Bhí an bóthar á úsáid ag HGVanna roimhe seo ó Chairéal Leacaigh mar nasc leis na líonra bóithre náisiúnta. Tá an bóthar i mbail measartha ó Chairéal Leacaigh go Timpeallán na gCiarabhánach.<br>Príomhbhealach náisiúnta is ea an N6 atá ann ar a bhfuil dá lána tráchta, lánaí rothaíochta ardaithe agus cosáin sa dá threo. Tá an bealach i mbail mhaith.<br>Bealach tánaisteach náisiúnta is ea an N83 ar a bhfuil cosáin ar gach taobh d'fhormhór an bhealaigh iompair shainaitheanta. Tá an bóthar i mbail mheasartha ar feadh fhad an bhealaigh iompair. |
| HR 13/01 | 13+150<br>Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr | 14+950<br>Acomhal an N83 agus Tollán an Ráschúrsa | Trasbhealach an N83 agus N83 | 6m laistigh den líne teorann beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe, lena n-áirítear Bóthar Ceangail na Páirce Móire<br>Bóthar Thuama an N83 – 11.6m | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe.<br>Bealach tánaisteach náisiúnta is ea an N83 ar a bhfuil cosáin ar gach taobh d'fhormhór an bhealaigh iompair shainaitheanta. Tá an bóthar i mbail mheasartha ar feadh fhad an bhealaigh iompair. |
| HR 14/01 | 14+000 Bóthar Thuama an N83 | 17+450 Acomhal Chúil Each | N6 Bhóthar na dTreabh – 14.2m | N6 Bhóthar na dTreabh – 14.2m | Príomhbhealach náisiúnta is ea an N6 atá ann ar a bhfuil dhá lána tráchta sa dá threo. Tá lánaí rothaíochta ardaithe agus cosáin i gceachtar treo suas go dtí Acomhal na Mairéasach. Tá an bealach i mbail mhaith. |
| HR 15/01 | 15+000<br>Baile an Bhriotaigh | 17+450<br>Acomhal Chúil Each | Trasbhealach an R339 | 6m laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe | Le tógáil laistigh den líne teorann atá beartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. |

| ID Bealaí Iompair | Suíomh agus Slabhraíocht | | Ainm(neacha) na mBóithre | Neas-leithead | Tuairisc ar an mBóthar |
|---|---|---|---|---|---|
| | Ó | Go | | | |
| HR 15/02 | Acomhal na Páirce Móire/R339 | Ceangal an N6 GCRR atá beartaithe le hAscaill an Ráschúrsa | Bóthar Mhuine Mheá Bóthar na Páirce Móire | 6 mhéadar agus cosáin ar an dá thaobh de na bóithre | Bealach iompair beartaithe ar bhóthar poiblí, ó Bhóthar Mhuine Mheá go dtí Bóthar na Páirce Móire, agus tugtar faoi deara go mbeidh rochtain theoranta ar chuid de le linn Chéim 2 den Tionscadal |
| HR 15/03 | 15+500<br>Cnoc Mhaoil Drise | 15+950<br>Cúil Each | Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Corrán Bhaile an Bhriotaigh agus trasbhealach an R339 | Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise - 7.1m<br>Corrán Bhaile an Bhriotaigh - 10.6m | Bóthar tráchtála is ea Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise ar a bhfuil cosáin ar gach taobh. Tá an bóthar i mbail mhaith agus nascann sé le Corrán Bhaile an Bhriotaigh ag T-acomhal.<br>Bóthar áitiúil is ea Corrán Bhaile an Bhriotaigh ar a bhfuil cosáin ar gach taobh. Tá an bóthar i mbail mhaith agus tagann deireadh leis ag acomhal le comharthaí ag a chrosbhealach leis an R339. Beidh rochtain feadh an bhealaigh seo teoranta do seachadtaí amháin. |

### *7.4.9.4 Campúin Láithreáin agus Íostaí Féideartha*

Sainaithníodh campúin láithreáin fhéideartha ag suíomhanna straitéiseacha feadh an Tionscadail chun an fad do thrácht tógála an láithreáin agus an fad do phearsanra le taisteal a íoslaghdú. Roghnaíodh láithreáin chun aitheantas a thabhairt do ghaireacht do mhórstruchtúir, tochaltáin agus claífoirt, gaireacht do réadmhaoine cónaithe, srianta comhshaoil agus talamhúsáid agus úinéireacht reatha. I gcás inar sainaithníodh suíomhanna féideartha do champúin láithreáin laistigh de líne an fháil bhuain bheartaithe don N6 GCRR atá beartaithe. Tá suíomh amháin ann a sainaithníodh mar éadáil shealadach chun críoch tógála agus tabharfar an úinéireacht ar ais don úinéir talún i ndiaidh na tógála (SC 07/01). Tá an acmhainneacht le campúin limistéar níos mó do stoc-charnadh, brú, athghrádú agus seachadadh ábhair i gcomhthráth le hoifigí láithreáin. Ní dhéanfar oibreacha tochailte ar bith i gcampúin láithreáin sa limistéar aolchloiche. Féach Tábla 7.6 thíos agus Fíoracha 7.101 go dtí 7.124 le haghaidh suíomhanna campún láithreáin féideartha.

**Tábla 7.6 Suíomhanna Campún Láithreáin Féideartha**

| Céim | Láithreán Uimh. | Suíomh | Raon Seirbhíse (Slabhraíocht) | | Neas-Achar Láithreáin (ha) | Rochtain | Príomhghníomhaíochtaí Tógála | **Líon ball foirne don champún** | **Trácht (Turais LGV)*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Ó** | **Chuig** | | | | | |
| 1 | SC 14/05 | Garpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe | N/A | N/A | 0.3 | Ascaill an Ráschúrsa | Tógáil stáblaí sealadacha | 50 | 100 |
| 2 | SC 00/01 | R336 an Bhaile Nua | Ch. 0+000 | Ch. 2+750 | 0.6 | R336 | Ceangal thiar don N6 GCRR atá beartaithe | 56 | 116 |
| | SC 04/01 | An Aill | Ch. 2+750 | Ch. 4+100 | 0.4 | Bóthar na hAille/na Ceapaí | Gléasra gearrtha, meilte carraigeacha, an Aill | 23 | 46 |
| | SC 05/01 | Baile an Mhóinín | Ch. 5+250 | Ch. 6+300 | 1.0 | Bóthar na Ceapaí | Gearradh na hAille, Tardhroichid Leitrí agus Bhóthar Rathúin | 23 | 46 |
| | SC 07/01 | Leitreach | Ch. 6+300 | Ch. 9+350 | 3.3 | Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 | Mórghearradh ag Acomhal Leitrí agus Droichead Abhainn na Gaillimhe (an chuid thiar)<br>Brú Carraigeacha & Plean Athghrádaithe | 23 | 46 |
| | SC 08/01 | An Daingean (Achadh an Churraigh) | Ch. 8+550 | Ch. 9+350 | 0.4 | Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 | Droichead Abhainn na Gaillimhe (an chuid thiar). Úsáidte le haghaidh stórála amháin. | 23 | 46 |
| | SC 09/01 | Mionlach (Soir ó Abhainn na Gaillimhe) | Ch. 9+350 | Ch. 10+450 | 0.9 | Bóthar Chúil Each | Droichead Abhainn na Gaillimhe (an chuid thoir) & Tarbhealach Mhionlaigh | 27 | 55 |

| Céim | Láithreán Uimh. | Suíomh | Raon Seirbhíse (Slabhraíocht) | | Neas-Achar Láithreáin (ha) | Rochtain | Príomhghníomhaíochtaí Tógála | **Líon ball foirne don champún** | **Trácht (Turais LGV)*** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Ó** | **Chuig** | | | | | |
| | SC 11/01 | Cairéal Leacaigh | Ch. 10+450 | Ch. 13+900 | 9.0 | Bóthar Chúil Each | Tollán Leacaigh agus féidearthacht le haghaidh gléasra baisceála coincréite, agus meilt agus athghrádú ábhar. | 27 | 55 |
| | SC 14/01 | Claí an Dá Mhíle (Acomhal N83) | Ch. 13+900 | Ch. 14+700 | 1.6 | Bóthar Thuama an N83 | Acomhal an N83/na Páirce Móire<br>Gléasra Baiscthe Carraigeacha. | 20 | 40 |
| | SC 14/02 | Claí an Dá Mhíle (Acomhal N83) | Ch. 13+900 | Ch. 14+700 | 0.9 | Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Acomhal an N83/na Páirce Móire | 20 | 40 |
| | SC 14/03 | Claí an Dá Mhíle (Acomhal N83) | Ch. 13+900 | Ch. 14+700 | 0.8 | Bóthar Ceangail na Páirce Móire | Acomhal an N83/na Páirce Móire | 20 | 40 |
| | SC 14/04 | Tairseach Thollán an Ráschúrsa Thiar | Ch. 14+700 | Ch. 15+200 | 1.2 | Bóthar Thuama an N83 | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe (an chuid thiar) | 20 | 40 |
| | SC 15/01 | Cúil Each/Cnoc Mhaoil Drise | Ch. 15+200 | Ch. 16+100 | 0.5 | Bóthar Mhuine Meá an R338 | Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe (an chuid thoir) | 12 | 24 |
| | SC 16/01 | Cúil Each | Ch. 16+100 | Ch. 17+500 | 1.3 | Bóthar Mhuine Meá an R338 | Acomhal Chúil Each | 20 | 40 |
| 3 | SC 14/05 | Garpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe | N/A | N/A | 0.3 | Ascaill an Ráschúrsa | Tógáil stáblaí buana | 50 | 100 |
| 4 | SC 14/05 | Garpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe | N/A | N/A | 0.3 | Ascaill an Ráschúrsa | Athúsáid an chlóis stábla shealadaigh | 10 | 20 |
| 5 | N/A | N/B | | | | | N/B | N/B | N/A |

### *7.4.9.5 Ábhair Thógála agus Trácht Gaolmhar*

Rinneadh measúnú maidir leis na gluaiseachtaí feithiclí a theastaíonn chun na hábhair a iompar chuig agus ó na láithreáin tógála agus an méid tráchta gaolmhar. Ba chóir a thabhairt faoi deara ní bheidh cead ach ag feithiclí cláraithe bheith ar bhóithre poiblí. Tugtar i Tábla 7.7 thíos achoimre ar an trácht tógála agus scartála ina bhfuil HGVanna, fad a thugtar breac-chuntas i Tábla 7.9 ar an measúnú ar an trácht a chruthaíonn oibrithe agus iad ag teacht chuig an láithreán agus ag imeacht uaidh, a meastar a dhéantar le LGVanna. Cuirtear na figiúirí sa dá thábla le chéile ansin i Tábla 7.10 chun an méadú ar AADTanna, arna chruthú ag tógáil an Tionscadail, a thabhairt le fios, bunaithe ar na AADTanna nuashonraithe a mhionsonraítear i gCaibidil 6 den TMTT nuashonraithe seo.

Chun críocha na measúnachta seo roinneadh méideanna ina seacht gcrios feadh an N6 GCRR atá beartaithe:

- Crios 1 Ch. 0+000 - 3+900
- Crios 2 Ch. 3+900 - 7+750
- Crios 3 Ch. 7+750 - 9+300
- Crios 4 Ch. 9+300 - 11+140
- Crios 5 Ch. 11+140 - 14+140
- Crios 6 Ch. 14+140 - 16+200
- Crios 7 Ch. 16+200 - 17+550

Áirítear an fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe i gCrios 6. Agus é sin á ríomh rinneadh na boinn tuisceana seo a leanas:

- Leoraí 8 roth do gach gluaiseacht bóthair (toilleadh 20 Tona)
- Dumpaire 38 Tona le haghaidh bulcoibreacha créafóige
- Trucailí a úsáidtear chun oibreacha créafóige agus ábhair thoirte eile a iompar, tá acmhainn ualaigh 20 tona/8$m^3$ acu
- Trucailí gan ráillí a úsáidtear chun earraí coincréite réamhtheilgthe a iompar, tá acmhainn ualaigh 20 tona acu
- Níl clár oibreacha ar bith measta – i.e. dhéanfaí an líon gluaiseachtaí measta a dháileadh thar thréimhse na tógála, ar measadh é a bheith 888 lá, nó thart ar 3 bliana
- Áiríodh ar iompórtáil ábhair a fuarthas as an láithreán e.g. coincréit, cosán, Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise (ICT)
- 5 bliana san iomlán atá i gceist leis an tréimhse thógála, ach ní tréimhse thógála leanúnach a bheidh i gceist, toisc go ndéanfar tógáil na stáblaí sealadacha agus na stáblaí buana ar an dá thaobh de thógáil an N6 GCRR atá beartaithe, ach beidh bliain amháin i gceist le haghaidh Chéim 1, 3 bliana le haghaidh Chéim 2, agus mairfidh an tréimhse thógála le haghaidh Chrios 1 go dtí Crios 3 ar feadh bliain amháin, agus mairfidh sí ar feadh trí bliana le haghaidh Chrios 4 go dtí Crios 7, agus beidh bliain amháin i gceist chun Céim 3 agus Céim 4 a chríochnú

Toisc go bhfuil Céim 1, Céim 3, Céim 4 agus Céim 5 den Tionscadal i limistéar áitiúil amháin, is é sin Ráschúrsa na Gaillimhe agus na tailte máguaird, imreoidh na méideanna breise tráchta de thoradh na n-oibreacha tógála sna céimeanna sin ar na bóithre áitiúla timpeall air, lena n-áirítear Ascaill an Ráschúrsa (nó Corrán Bhaile an Bhriotaigh), Bóthar Mhuine Mheá, Bóthar na Páirce Móire, an R339, Bóthar na dTreabh, agus Bóthar Thuama (N83), agus na bealaí iompair a sainaithníodh roimhe seo i gCuid 7.4.9.3. Le linn oibreacha tógála Chéim 2, rachaidh an trácht tógála ar na bealaí iompair formheasta agus feadh líne an fháil don N6 GCRR atá beartaithe.

Leagtar amach i Tábla 7.7 an trácht tógála iomlán a eascróidh as gluaiseacht ábhar le haghaidh tógála agus ábhar dramhaíola ó aon scartáil sceidealaithe, chomh maith le hábhar oibreacha créafóige breise a theastaíonn don Tionscadal. Tá ríomh an tráchta bunaithe ar mhéideanna ábhar atá le hiompar, chomh maith le filleadh na bhfeithiclí ón láithreán, chun an méid tráchta, a rachaidh i gcion ar an líonra bóithre áitiúla, a thuar ar bhonn níos cruinne.

Tugtar breac-chuntas ar an miondealú measta ar an líon tráchta a bhaineann le hiompar na n-ábhar le linn chéimeanna an Tionscadail sa mhéid seo a leanas:

- I gCéim 1, is éard a bheidh i gceist le tógáil na stáblaí sealadacha i ngarpháirc Ráschúrsa na Gaillimhe, baint aon ábhair ghearrtha ón láithreán mar a shainaithnítear i gCuid 7.4.8.2 agus tabhairt na n-ábhar tógála chuig an láithreán. Glactar leis go ndéanfar na turais sin ar Ascaill an Ráschúrsa agus nasc Bhóthar na Páirce Móire go dtí an líonra bóithre náisiúnta.

- Déanfar turais Chéim 2 chun ábhar scartáilte a bhaint as an láithreán, mar a chuimsítear i Tábla 7.1 thuas, chun ábhair thógála a thabhairt chuig an láithreán, gluaiseachtaí láithreáin feadh chonair an N6 GCRR atá beartaithe, a tharlóidh arís feadh Ascaill an Ráschúrsa agus Bhóthar na Páirce Móire, chomh maith leis na bealaí iompair a shainaithnítear i gCuid 7.4.9.3.
- I gCéim 3 tabharfar gach ábhar chuig an láithreán le haghaidh thógáil na stáblaí buana agus an chlóis stáblaí bhuain. Is dócha go dtarlóidh na turais sin ar Ascaill an Ráschúrsa, a bheidh atreoraithe faoin tráth sin, agus ar Bhóthar na Páirce Móire, agus b'fhéidir ar an N6 GCRR atá beartaithe, a bheidh i mbun feidhme faoin tráth sin.
- Le scartáil na stáblaí sealadacha a tharlóidh i gCéim 4, bainfear ábhar scartáilte agus tabharfar ábhair thírdhreachaithe riachtanacha chuig an láithreán. Beidh na bóithre a mbainfear úsáid astu go príomha mar an gcéanna leo sin ar a dtugtar breac-chuntas i gCéim 3.

Meastar go mbeidh na turais a bheidh riachtanach do thógáil an Tionscadail agus aon oibreacha gaolmhara ar na bóithre ar an taobh thoir de Ráschúrsa na Gaillimhe go príomha; Ascaill an Ráschúrsa agus Bóthar na Páirce Móire, fad a bhainfear úsáid as an N6 GCRR atá beartaithe agus é críochnaithe (ó Chéim 3 ar aghaidh) agus an N6 reatha.

**Tábla 7.7 Turais arna gCruthú ag Oibreacha Créafóige an Tionscadail agus Gníomhaíochtaí Scartála**

| **Trácht Tógála agus Scartála** | | | |
|---|---|---|---|
| Tagairt an Chreasa | An Cineál Ábhair | Méid Measta (t) | Trácht Tógála (Turais HGV) |
| Crios 1 | Gearradh oibreacha créafóige | 12,862 | 28,895 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 15,258 | |
| | Scartáil | 134 | |
| Crios 2 | Gearradh oibreacha créafóige | 9,191 | 86,903 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 76,616 | |
| | Scartáil | 80 | |
| Crios 3 | Gearradh oibreacha créafóige | 90,734 | 99,283 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 5,176 | |
| | Scartáil | 215 | |
| Crios 4 | Gearradh oibreacha créafóige | 2,210 | 47,765 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 42,587 | |
| | Scartáil | 54 | |
| Crios 5 – Céim 2 den Tionscadal (an N6 GCRR atá beartaithe) | Gearradh oibreacha créafóige | 13,097 | 37,796 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 19,596 | |
| | Scartáil | 207 | |
| Crios 5 – Céim 1, Céim 3 agus Céim 5 den Tionscadal (an fhorbairt atá beartaithe ag Ráschúrsa na Gaillimhe) | Gearradh oibreacha créafóige | 6,234 | 12,285 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 255 | |
| | Scartáil | 2,084 | |
| Crios 6 | Gearradh oibreacha créafóige | 26,499 | 45,564 |

| Trácht Tógála agus Scartála | | | |
|---|---|---|---|
| Tagairt an Chreasa | An Cineál Ábhair | Méid Measta (t) | Trácht Tógála (Turais HGV) |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 14,077 | |
| | Scartáil | 467 | |
| Crios 7 | Gearradh oibreacha créafóige | 58,465 | 61,966 |
| | Líonadh oibreacha créafóige | 3,318 | |
| **Iompar Iomlán Ábhair Tógála agus Scartála** | | | **420,457** |

**Tábla 7.8 Iompar Ábhar Tógála**

| Céim | An Cineál Ábhair | Toirt measta ($m^3$) | Trácht Tógála (Turais HGV)* |
|---|---|---|---|
| Céim 1 | Stáblaí réamhtheilgthe | 1383 | 332 |
| | Díon (Uile) | 319 | 19 |
| | Coincréit eile, cosán agus urlárlach | 2493 | 571 |
| | Coincréit in situ | 355 | 85 |
| | Oibreacha gaolmhara | 9,960 | 1,674 |
| Céim 2 den Tionscadal (an N6 GCRR atá beartaithe) | Coincréit (cruach san áireamh) | 127,680 | 33,385 |
| | Cosán | 218,360 | 52,406 |
| Céim 3 | Stáblaí réamhtheilgthe | 1372 | 329 |
| | Painéil dín | 1,096 | 8 |
| | Coincréit eile, cosán agus urlárlach | 1478 | 330 |
| | Coincréit | 219 | 52 |
| | Oibreacha gaolmhara | 10,090 | 1,695 |
| Céim 4 | N/A | N/B | N/A |
| Céim 5 | N/A | N/B | N/A |

**Tábla 7.9 Trácht arna Chruthú ag Oibrithe ar fud an Tionscadail**

| Crios | Líon Turas |
|---|---|
| Crios 1 | 110,822 |
| Crios 2 | 109,402 |
| Crios 3 | 44,045 |
| Crios 4 | 52,285 |
| Crios 5 | 85,248 |
| Forbairt Bheartaithe ar Ráschúrsa na Gaillimhe | 380 |

| | |
|---|---|
| Crios 6 | 58,248 |
| Crios 7 | 36,941 |
| **Líon Iomlán na dTuras arna ndéanamh ag oibrithe** | **497,660** |

**Tábla 7.10 Méadú i gCéatadán na HGVanna de réir an Chreasa**

| Tagairt an Chreasa | Tagairt an tSuímh | HGVanna Laethúla atá Ann 2031 | HGVanna laethúla breise thar na tréimhse tógála 2031 | AADT laethúla a bhaineann le tógáil thar na tréimhse tógála 2031 |
|---|---|---|---|---|
| Crios 1 | R336 | 246 | 7 | 132 |
| Crios 1 | Bóthar Bearna go Maigh Cuilinn an L1321 | 1 | 7 | 132 |
| Crios 2 | Bóthar na Ceapaí | 1 | 10 | 133 |
| Crios 2 | Bóthar Shéamais Uí Chuirc | 476 | 17 | 265 |
| Crios 2 | Bóthar Bhaile an Rí | 164 | 17 | 265 |
| Crios 3 | N59 ag Páirc an Choill | 158 | 10 | 60 |
| Crios 3 | N59 ag Lána an Chrainn Chnó Capaill | 382 | 10 | 60 |
| Achoimre an Iarthair | Droichead na gCúig Chéad | 1024 | 27 | 325 |
| Crios 4 | An Bóthar Nua | 21 | 52 | 111 |
| Crios 5 | Bóthar Áth Cinn an N84 ag Baile an Phoill | 531 | 10 | 58 |
| Crios 5 | Bóthar Thuama an N83 ag Páirc Gnó Tuaidh na Cathrach | 732 | 10 | 58 |
| Crios 5 | Bóthar na dTreabh an N6 idir Acomhal Bhóthar Thuama an N83 agus Acomhal na Mairéasach | 819 | 100 | 552 |
| Crios 5 | Bóthar na dTreabh an N6 idir Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 agus Acomhal Bhóthar Thuama an N17 | 727 | 89 | 542 |
| Crios 6 | Bóthar Ceangail na Páirce Móire ar an Taobh ó Dheas d'Acomhal Pháirc Ghnó 2 | 0 | 167 | 233 |
| Crios 6 | Bóthar na dTreabh an N6 idir Acomhal na Mairéasach agus Acomhal Uí Loingsigh | 1416 | 132 | 650 |
| Crios 7 | Bóthar na dTreabh an N6, na hArdáin | 1489 | 136 | 696 |

*Nóta: tá na figiúirí AADT thuas bunaithe ar an samhaltú iompair nuashonraithe arna dhéanamh don TMTT nuashonraithe seo agus áirítear iontu gach trácht a bhaineann le tógáil mar oibreacha scartála, gníomhaíochtaí tógála agus earraí a sheachadadh. Sna turais thuas léirítear gluaiseachtaí chuig an láithreán agus uaidh.*

#### *7.4.9.6 Sábháilteacht Tráchta*

Déanfar na hoibreacha tógála ar fad i limistéar láithreáin a bheidh línithe go soiléir ar a mbeidh pointí sonracha iontrála agus imeachta don trácht a bhaineann leis an tógáil amach ar an líonra bóithre poiblí. Tógfar cóireáil teorann i bhfoirm fáil sula gcuirfear tús leis an tógáil agus saineofar méid an láithreáin tógála.

I gcás go ndéanfar oibreacha in aice le bóithre atá ann, tógfar bacainní tráchta sealadacha chun na hoibreacha tógála a dheighilt ón bpobal, chun áit oibre shábháilte a chruthú don chonraitheoir agus chun na limistéir ina mbeidh an tógáil ar siúl a shainiú go soiléir.

Faoi mar a luadh thuas, beidh gá le bainistíocht tráchta ar na líonra bóithre atá ann le linn thógáil na mbóithre agus na struchtúr. Beidh ar an gconraitheoir oibriú sábháilte an tráchta a chinntiú i gcónaí le linn na céime tógála. Féach Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála nuashonraithe sa CEMP in Aguisín A.7.5.

### 7.4.10 Riachtanais Seirbhísí agus Fóntas don Tógáil

#### *7.4.10.1 Leictreachas*

In idirchaidreamh le Líonraí BSL, suiteálfar claochladán sealadach ar a bhfreastalaítear ó sholáthairtí áitiúla chun an chumhacht a bheidh de dhíth ag campúin láithreáin éagsúla a sainaithníodh a chur ar fáil.

#### *7.4.10.2 Soláthar Uisce*

Beidh na gníomhaíochtaí tógála lena dteastóidh uisce le linn na céime tógála éagsúil ag brath ar an gcineál gníomhaíochta. Is é an t-éileamh tosaigh atá measta thart ar 3m$^3$ in aghaidh an lae i gCéim 1, atá bunaithe go príomha ar an riachtanas éilimh do 50 oibrí tógála agus na saoráidí tacaíochta lena mbaineann, a mhéadóidh go dtí 5m$^3$ in aghaidh an lae i gCéim 2 bunaithe ar 80 oibrí tógála agus laghdóidh sé go dtí 3m$^3$ in aghaidh an lae arís i gCéim 3 do 50 oibrí tógála agus laghdóidh sé arís go dtí 10m$^3$ in aghaidh an lae i gCéim 4. Teastóidh éileamh breise soláthair uisce, áfach, le haghaidh saoráidí nite rothaí agus riachtanais do ghníomhaíochtaí tógála amhail druileáil agus pléascadh. I gcomhaontú le hUisce Éireann, foinseofar uisce ó na príomhphíobáin uisce atá ann ag an bpointe is áisiúla.

#### *7.4.10.3 Diúscairt Uisce Stoirme agus Uisce Bhréin*

Déanfar uisce stoirme a chóireáil agus a bhainistiú go cúramach le linn na tógála. Insíothlófar uisce stoirm soir ó Abhainn na Gaillimhe chuig an talamh trí bhaic shiolta agus poill súite bhainistithe ceal séaraigh stoirme phoiblí. Déanfar uisce stoirme siar ó Abhainn na Gaillimhe a chóireáil sula ndoirfear isteach i sruthchúrsaí atá ann é. Déanfar na limistéir leagain a dhraenáil go cuí agus déanfar láithreacha ar bith a bhainfidh le stóráil breosla agus athbhreoslú a phábháil agus a bhundú agus suiteálfar idircheapóirí hidreacarbóin lena chinntiú nach dtarlóidh doirteadh ar bith isteach san uisce dromchla nó sa screamhuisce (féach Caibidil 10, Hidrigeolaíocht agus Caibidil 11, Hidreolaíocht).

Sula gcuirfear tús leis na príomhghníomhaíochtaí tógála, tógfar umar coinneála chun eisiltigh bhréana na tógála a stóráil amháin ag campúin ina mbeidh saoráidí leasa ar fáil. Séalófar an t-umar coinneála seo chun an baol go ndoirfí nó go n-éilleofaí an screamhuisce laistigh den limistéar seo a sheachaint. Déanfaidh conraitheoir ceadúnaithe an t-eisilteach a diúscairt as an láithreán go rialta i dtancaer chuig saoráid cheadúnaithe cheadaithe (féach CEMP in Aguisín A.7.5).

### 7.4.11 Fostaíocht agus Leas

Le linn gach Céim den Tionscadal athróidh an líon oibrithe ar an láithreán. Tá coinne leis go mbeidh 250–270 oibrí fostaithe go díreach ar an láithreán i gCéim 2, agus ardófar sin go dtí 300 nuair a bheidh an obair thógála ina buaic, agus beidh suas le 50 ball foirne i gCéim 1, Céim 3 agus Céim 4. Suiteálfar cóiríocht shealadach oifige agus saoráidí tógála eile ar an láithreán le haghaidh na céime tógála. Beidh na haonaid shealadacha ar fad ar ardchaighdeán de réir na rialachán reachtúil, ar a laghad. Beidh comhordú daoine agus ábhar ar an láithreán ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí ar fud na gcéimeanna tógála. Tá Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála san áireamh sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus cuimsítear ann bealaí tráchta ainmnithe, socruithe uainíochta agus páirceála lena nuashonrú ag an gconraitheoir sula gcuirfear tús leis an tógáil.

Cinnteoidh am tosaigh an láithreáin go dtiocfaidh na hoibrithe tógála chuig an láithreán roimh bhuaicuair na maidine do thrácht ar an líonra áitiúil.

Uaireanta oibre tipiciúla le linn na céime tógála:

| Tosú | Críoch | |
|---|---|---|
| 0700 | 1900 | Luan – Aoine |
| 0700 | 1600 | Dé Sathairn (más gá) |

Beidh gá le ragobair a dhéanamh (lena n-áirítear an deireadh seachtaine) agus sealanna oibre istoíche ag céimeanna criticiúla den Tionscadal. D'fhéadfadh tréimhsí áirithe a bheith ann ina mbeadh gá le hobair agus maoirseacht thar 24 uair an chloig. Mar gheall ar shábháilteacht, an aimsir nó infhaighteacht fochonraitheoirí is cosúil go mbeadh gá le hoibriú lasmuigh de na gnáthuaireanta. Thar an tréimhse thógála 60 mí atá tuartha beidh suas le 10 seachtaine d'obair san oíche i gceist. Seachnófar gníomhaíochtaí tógála troma nó torannacha lasmuigh de na gnáthuaireanta agus beidh méid na hoibre lasmuigh de na gnáthuaireanta faoi rialú docht.

### 7.4.12 Sláinte agus Sábháilteacht na Tógála

#### *7.4.12.1 Sláinte agus Sábháilteacht*

Cloífear an t-am ar fad leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 agus reachtaíocht iomchuí eile na hÉireann agus an AE maidir le sábháilteacht.

Faoi mar a cheanglaítear leis na Rialacháin, ceapfar Plean Sláinte agus Sábháilteachta ina rachfar i ngleic le saincheisteanna sábháilteachta ó na céimeanna deartha go dtí críoch na gcéimeanna tógála agus cothabhála. Déanfar an plean seo a athbhreithniú de réir mar a théann an fhorbairt chun cinn. Cloífidh ábhair an Phlean Sláinte agus Sábháilteachta le ceanglais na Rialachán.

De réir na Rialachán, ceapadh "Maoirseoir Tionscadail an Phróisis Deartha" agus ceapfar "Maoirseoir Tionscadail na Céime Tógála" de réir mar is cuí.

Tiomsóidh Maoirseoir Tionscadail na Céime Tógála an Comhad Sábháilteachta de réir mar a théann an tionscadal chun cinn. Cuimseofar an comhad sábháilteachta sa chóras taifead teicniúil foriomlán ag deireadh an tionscadail.

#### *7.4.12.2 Sábháilteacht Dóiteáin agus Straitéis Deartha Imeachta*

Comhlíonfaidh na cuspóirí um shábháilteacht dóiteáin a ghlacadh sa dearadh na Rialacháin Foirgníochta, tagairt faoi leith do Chuid B (Dóiteán).

#### *7.4.12.3 Bainistíocht agus Slándáil an Láithreáin Tógála*

Beidh foireann bainistíochta conartha ar an láithreán i rith na céime tógála. Déanfaidh an fhoireann maoirseacht ar thógáil na n-oibreacha lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora lena chinntiú go gcuirfear bearta maolaithe na céime tógála atá beartaithe chun feidhme agus go ndéanfar tionchair agus núis na tógála a íoslaghdú.

#### *7.4.12.4 Forálacha maidir le Freagairt ar Theagmhais agus Éigeandáil*

Cuirfear oiliúint ar phearsanra cuí an láithreáin mar gharchabhróir agus mar mhaoirseoirí dóiteáin. Lena chois sin, cuirfear oiliúint ar bhaill foirne chuí maidir le saincheisteanna comhshaoil agus nósanna imeachta freagartha doirte. Stórálfar umair agus drumaí ábhar a d'fhéadfadh a bheith truaillithe i ngabhdáin nó i gcampúin shlána a ghlasálfar nuair nach mbeidh siad in úsáid. Soláthrófar comhlaí slána ar shaoráidí stórála ola agus breosla. Déanfar trealamh agus feithiclí a ghlasáil, tógfar na heochracha agus stórálfar iad i gcampúin shlána.

Coinneoidh an conraitheoir plean gníomhaíochta um fhreagairt ar theagmhais agus práinnfhreagartha faoina gcumhdófar na rioscaí intuartha go léir, i.e. dóiteán, tuile, titim etc. Tá Plean um Fhreagairt ar Theagmhais (IRP) cuimsithe sa CEMP in Aguisín A.7.5.

Is é is cuspóir leis an IRP:

- Sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe agus na gcuairteoirí feadh an láithreáin a chinntiú
- Íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair ar bith ar an gcomhshaol agus cosaint cháilíocht an uisce agus speiceas uisceach a mbraitheann air a chinntiú
- Íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair ar bith ar réadmhaoine, ar sheirbhísí etc.
- Nósanna imeachta a bhunú lena gcuirfear ar chumas pearsanta freagairt a thabhairt ar theagmhais le hiarracht ilroinne chomhtháite agus ar mhodh lena n-íoslaghdaítear an baol caillteanais agus lena laghdaítear an baol go rachfaí i gcion ar an tsláinte, réadmhaoin agus ar an gcomhshaol
- Athléimneacht an Tionscadail a chinntiú chun a oibriú leanúnach a chosaint ó thionchair an athraithe aeráide

#### *7.4.12.5 Slándáil an Láithreáin*

Is é príomhfheidhm fhoireann slándála an láithreáin a chinntiú nach dtarlóidh iontráil neamhúdaraithe ar an láithreán. Beidh fálú thart ar na láithreáin chun an riosca loitiméireachta agus rochtain neamhúdaraithe a íoslaghdú. Déanfaidh oibrithe ag a mbeidh cárta aitheantais acu an próiseas sin níos éasca. Ní eiseofar Cártaí Aitheantais ach chuig oibrithe a d’fhreastail ar ionduchtú an láithreáin agus (más ábhartha) scrúdú leighis. Má ghlacfar tógáil a bheidh ag dul ón taobh thoir siar, mar sin is cosúil go ndéanfar páirteanna de chodanna a choimisiúnú i gcéimeanna e.g.

### 7.4.13 Céim Choimisiúnaithe

Coimisiúnófar an clós stábla sealadach agus na hoibreacha lena mbaineann ag deireadh Chéim 1 den Tionscadal.

I gcás Chéim 2, má ghlactar tógáil ón taobh thoir siar, is dócha go ndéanfar codanna páirteacha a choimisiúnú ina gcéimeanna, e.g. Acomhal Chúil Each an N6 go dtí Acomhal Leitrí an N59 mar chuid de Chéim 2, Céim A agus Acomhal Leitrí an N59 go dtí an R336 siar ó Bhearna mar chuid de Chéim 2, Céim B (Féach Cuid 7.4.2 thuas).

D’fhéadfaí roinnt codanna a choimisiúnú chomh maith mar chuid de réamhchonradh oibreacha e.g. Bóthar Ceangail na Páirce Móire nó Bóthar Ceangail Thuaidh an N59 agus Theas chun fadhbanna brú tráchta atá ann a mhaolú. Mar sin féin, sonraítear dá ndéanfaí Bóthar Ceangail na Páirce Móire a thógáil ar leithligh mar réamhchonradh bheadh gá leis an ngearradh agus struchtúr an tardhroichid don phríomhlíne a chur i gcrích ag an am céanna toisc go mbeadh sé deacair é a chur chun feidhme i ndiaidh na tógála agus trácht beo ar an mbóthar ceangail. Ag deireadh Chéim 2, beidh tógáil Chéim 2 den Tionscadal curtha i gcrích agus go hiomlán coimisiúnaithe.

Coimisiúnófar na stáblaí buana arna dtógáil mar chuid de Chéim 3 den Tionscadal ag deireadh Chéim 3. Nuair a bheidh coimisiúnú Chéim 3 curtha i gcrích, féadfar tosú ar dhíchoimisiúnú Chéim 4.

### 7.4.14 Díchoimisiúnú an Láithreáin Tógála

Nuair a chríochnófar an tógáil, tógfar na saoráidí agus an trealamh tógála ar fad, amhail gléasra, ábhair, comharthaíocht, oifigí na gconraitheoirí agus láithreacha leagain, etc. ón láithreán. Cuirfear an talamh ar fad ar ais go dtí caighdeán cuí.

## 7.5 Tionchair Fhéideartha Tógála

Léiríonn na tionchair fhéideartha a sainaithníodh sa chuid seo an cás “is measa” a tuaradh ceal maolú ar bith.

Áirítear ar na tionchair fhéideartha tógála astaíochtaí san aer amhail dusta, torann agus creathadh, trácht tógála (lena n-áirítear seachadtaí ró-mhéide), rith uisce dromchla ón láithreán, ligean nó doirteadh ó ghléasra agus ó threalamh na tógála, dramhail na tógála agus cur isteach ar úsáideoirí bóithre le linn uasghrádú an bhóthair. Cruthófar trácht breise ar an líonra bóithre leis na hoibreacha tógála. Déanfar na tionchair fhéideartha sin a mheasúnú i gcaibidlí ábhartha an TMTT nuashonraithe seo faoi mar atá leagtha amach thíos.

D'fhéadfadh sé go rachfaí i gcion chomh maith ar mhórsheirbhísí atá ann le linn na tógála amhail an príomhlíonra dáileacháin gáis ag Rathún, an príomhlíonra tarchurtha gáis ag Bóthar na Scoile, an Caisleán Gearr, cáblaí lasnairde 110kV ag Baile an Bhriotaigh agus Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise, séarach GFT ag an bPáirc Mhór agus seirbhísí eile a thagann salach ar an Tionscadal. Beidh éaradh seirbhíse agus cur isteach sealadach ar sheirbhísí nuair a bheidh na naisc nua á dhéanamh agus/nó nuair a bheidh na seirbhísí a athlonnú. Féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha (Neamhthalmhaíochta) le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na tionchair fhéideartha sin.

Tá na tionchair fhéideartha a bhaineann leis na gníomhaíochtaí tógála leagtha amach thuas agus i gCuid 7.4 agus breathnaítear orthu chomh maith i gcaibidlí eile den TMTT nuashonraithe seo faoi mar a leanas:

- Flóra agus fána (féach Caibidil 8, Bithéagsúlacht)
- Ithreacha agus geolaíocht (féach Caibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht)
- Hidrigeolaíocht (féach Caibidil 10, Hidrigeolaíocht)
- Hidreolaíocht (féach Caibidil 11, Hidreolaíocht)
- Tionchair amhairc (féach Caibidil 12, Tírdhreach agus Amharc)
- Oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha (féach Caibidil 13, Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta & Chultúrtha)
- Sócmhainní Ábhartha (féach Caibidil 14, Sócmhainní Ábhartha Talmhaíochta agus Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta)
- Cáilíocht an aeir (féach Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir)
- Aeráid (tag. Caibidil 17, Aeráid)
- Torann agus creathadh (tag. Caibidil 18, Torann agus Creathadh)
- Daonra agus sláinte an duine (tag. Caibidil 19, Daonra agus Sláinte an Duine)

Tá cur síos déanta ar bhearta maolaithe na tógála sna caibidlí aonair agus tá cur síos déanta ar na bearta maolaithe ginearálta thíos.

## 7.6 Bearta Maolaithe

### 7.6.1 Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála

Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndéanfar éifeachtaí comhshaoil diúltacha ar bith le linn na tógála a sheachaint, a chosc nó a laghdú.

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) agus tá sé cuimsithe in Aguisín A.7.5 agus déanfaidh an Conraitheoir é a thabhairt cothrom le dáta agus chun críche roimh an tógáil. Cuimsítear sa CEMP bearta maolaithe uile na tógála, atá leagtha amach sa TMTT nuashonraithe seo, agus déanfar é a nuashonrú le bearta breise ar bith a cheanglaítear leis na coinníollacha atá ceangailte le cinneadh an Bhoird Pleanála. Cinnteoidh feidhmiú an CEMP go mbeidh an laghad cur isteach agus núis agus is féidir ann. Tugtar aird sa phlean seo ar an treoir sa lámhleabhar a d'fhoilsigh Cumann Taighde agus Faisnéise an Tionscail Tógála (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe, *Environmental Good Practice on Site Guide, 5th Edition* (CIRIA 2023)[1]. Tugtar aird sa phlean chomh maith ar Threoirlínte TII maidir le Cruthú, Cur chun Feidhme agus Cothabháil Plean Oibriúcháin Comhshaoil.

Ceapfar foireann bainistíochta tógála fad is a mhairfidh céim na tógála. Déanfaidh an fhoireann maoirseacht ar thógáil an Tionscadail, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gconraitheoirí lena chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe atá beartaithe do chéim na tógála i bhfeidhm agus go ndéantar

[1] Kwan, Dickinson & MacLeod, 2023. Environmental Good Practice on Site Guide (an cúigiú heagrán) (C811). Le fáil ar: https://www.ciria.org/ItemDetail?iProductCode=C811&Category=BOOK&WebsiteKey=17be687b-0441-4487-b752-43d52261e129

tionchair thógála agus núis a íoslaghdú. Oibreoidh an fhoireann bainistíochta tógála le comharsana agus leis an bpobal i gcoitinne i rith chéim na tógála lena chinntiú nach gcuirfear isteach ach a laghad is féidir ar aon duine.

Tá an straitéis fhoriomlán um bainistiú comhshaoil a ghlacfar agus a chuirfear chun feidhme le linn chéim thógála an Tionscadail achoimrithe sa CEMP. Is é cuspóir an CEMP a léiriú mar a fhéadfar na hoibreacha tógála atá beartaithe a dhéanamh ar bhealach loighiciúil, stuama agus sábháilte agus go gcuirfear san áireamh bearta rialaithe comhshaoil sonracha a bhainean le hoibreacha tógála dá leithéid. Leagtar amach sa CEMP an mheicníocht trína mbainfear amach an chosaint comhshaoil le linn chéim thógála an Tionscadail. Cinnteoidh feidhmiú an CEMP go mbeidh an laghad cur isteach agus núis agus is féidir ann.

Tá an CEMP ullmhaithe i gcomhair leis an Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS), le haird ar chomhairliúcháin le raon speisialtóirí agus eagraíochtaí comhshaoil, go háirithe an tSeirbhísí Pháireanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI). Tacaíonn an CEMP leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil cheana sa TMTT nuashonraithe seo agus ní mór é a léamh i gcomhar leis na bhfaisnéis atá curtha ar fáil cheana sa TMTT nuashonraithe seo.

Tá an fhaisnéis atá cuimsithe sa CEMP curtha i láthair thíos:

- Sonraí Ginearálta an Tionscadail
- Bileoga Teagmhálaithe
- Cáipéisí Tagartha
- Struchtúr/Dualgais agus Freagrachtaí na hEagraíochta
- Gealltanais um Chomhshaol agus Bearta Rialaithe Comhshaoil
- Ráitis Modhanna/Pleananna Bainistíochta Sainiúil don láthair
  - Plean Bainistíochta Dramhaíl Tógála agus Scartála
  - Plean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe
  - Plean um Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach
  - Plean um Fhreagairt ar Theagmhais
  - Plean Bainistíochta an Tráchta Tógála
  - Straitéis um Oiliúint ar Fheasacht Comhshaoil
  - Straitéis Cumarsáide
  - Cigireachtaí, Iniúchóireacht agus Straitéis Monatóireachta ar Chomhlíonadh
  - Seachadadh Deiridh

Cáipéis oibre is ea an CEMP agus tabharfaidh an Conraitheoir chun críche é i ndiaidh a cheapacháin agus sula gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an láithreán. Cuirfidh an Conraitheoir an t-ábhar ar fad atá curtha ar fáil sa CEMP seo i bhfeidhm go hiomlán agus ní rachaidh a thabhairt chun críche ag an gConraitheoir i gcion ar thathag agus leordhóthanacht na faisnéise atá curtha i láthair agus a mbraitear uirthi sa TMTT nuashonraithe seo. Cuireadh roinnt faisnéise (amhail sonraí an tionscadail agus sceideal na dtiomantas comhshaoil ón TMTT nuashonraithe) ar fáil sa TMTT nuashonraithe seo cheana agus ní dhéantar athrá uirthi sa leagan seo den CEMP in Aguisín A.7.5. Beidh sé cuimsithe sa CEMP atá tugtha chun críche ag an gConraitheoir, áfach.

Chomh maith leis na míreanna atá liostaithe thuas, soláthróidh an Conraitheoir an fhaisnéis seo a leanas agus an CEMP á thabhairt chun críche aige:

- Cead pleanála - Má dheonaítear cead pleanála don Tionscadal, cuimseofar ábhair iomlána an chead pleanála sa CEMP

- Déanfar na Tiomantais Chomhshaoil ar fad atá leagtha amach i ndoiciméid an Chonartha (go háirithe na Riachtanais Oibre), na cinn atá curtha i láthair sa TMTT nuashonraithe seo agus tiomantais bhreise ar bith a thiocfadh chun cinn mar chuid de phróiseas toilithe na forbartha aníos go dtí an Éisteacht ó Bhéal agus é sin san áireamh a chorprú go cuimsitheach. Cuimseofar sa CEMP sraith iomlán na nGealltanas Comhshaoil mar aon leis an tsonraíocht, an fhianaise agus na freagrachtaí a bhaineann leis an dóigh a mbainfear gach gealltanas amach
- Critéir Feidhmíochta Comhshaoil Ábhartha arna leagan síos sa reachtaíocht chomhshaoil agus i gcáipéisí an Chonartha
- Clárú na reachtaíochta uile is infheidhme, lena n-áirítear caighdeáin, Cóid Chleachtais agus Treoirlínte ábhartha
- Cur síos ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil an Tionscadail, a chumfar de réir chritéir ISO 14001:2004 – Córais Bainistíochta Comhshaoil. Beidh an CEMP comhlánaithe le Nósanna Imeachta Ginearálta, Nósanna Imeachta Oibre agus Treoracha Oibríochtaí. Beidh na cáipéisí sin i bhfeidhm laistigh d’oifigí riaracháin an láithreáin agus suíomhanna oirúnacha ar an láithreán le linn na n-oibreacha

Doiciméad dinimiciúil is ea an CEMP agus cinnteoidh an Conraitheoir go gcoinneofar cothrom le dáta é i rith na tréimhse tógála. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá leis an CEMP a athrú le linn shaolré thréimhse na tógála chun torthaí monatóireachta, athruithe reachtacha, torthaí ar chomhairliúcháin tríú páirtithe etc. a chur san áireamh. D’fhéadfaí aguisíní breise a chur leis an CEMP chun torthaí monatóireacht, ceadanna etc. a chuimsiú Ní rachaidh tabhairt chun críche an CEMP ag an gConraitheoir i gcion ar thathag agus leordhóthanacht na faisnéise atá curtha i láthair anseo agus a mbraitear uirthi sa TMTT nuashonraithe seo, áfach.

Chun forbairt, cur i bhfeidhm agus cothabháil rathúil an CEMP a chinntiú, beidh sé d’oibleagáid ar an gConraitheoir Bainisteoir Comhshaoil (EM) a cheapadh. Beidh oiliúint, taithí agus eolas leordhóthanach ag an EM a bhaineann leis an gcineál taisc a bheidh le déanamh, cáilíocht Leibhéal a hOcht atá aitheanta ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC), nó coibhéis Ollscoile, nó cáilíochtaí eile atá inghlactha ag an bhFostóir, in Eolaíocht an Chomhshaoil nó i mBainistíocht an Chomhshaoil, nó in ábhair eile atá inghlactha ag an bhFostóir. Go sonrach, teastóidh saineolaithe éiceolaíocha a bheidh cuícháilithe ón EM chun maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe íogaire na n-oibreacha tógála, ceanglais um cheadúnú maoluithe éiceolaíoch agus monatóireacht éiceolaíoch. Tá tuilleadh eolais faoi róil agus freagrachtaí an EM curtha ar fáil ar fud an CEMP in Aguisín A.7.5.

Tá tuairisc ar na Príomhráitis Mhodha Sainiúil don Láithreán/Príomhphleananna Bainistíochta a bhaineann leis an TMTT nuashonraithe seo le fáil thíos.

Ullmhaíodh **Plean Bainistíochta Dramhaíola maidir le Tógáil agus Scartáil** mar chuid den CEMP lena chinntiú go ndéanfar an dramhaíl a thiocfaidh chun cinn le linn chéim thógála agus scartála an Tionscadail ar an láithreán a bhainistiú agus a dhiúscairt ar mhodh lena gcinnteofar go gcomhlíonfar forálacha an Achta um Bainistiú Dramhaíola (Leasú), 1996-2024, agus na Rialacháin ghaolmhara (1996-2024) lena chinntiú go mbainfear amach na leibhéil is fearr laghdaithe, athúsáidte agus athchúrsála agus lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an mbainistíocht dramhaíola ar láithreáin Eorpacha ar bith.

Sa **Phlean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe (SEPCP)** déantar achoimre ar na nósanna imeachta agus na cleachtais theicniúla maidir le rialú éifeachtach dríodar, creimthe agus truaillithe a chur i bhfeidhm trí mhodhanna éagsúla seachadta le haghaidh chéim thógála an Tionscadail. Is é is cuspóir leis an SEPCP seo a léiriú ag an gcéim seo conas is féidir na hoibreacha tógála atá beartaithe a sheachadadh i seicheamh loighciúil, ciallmhar agus sábháilte trí bhearta rialaithe comhshaoil faoi leith a bhaineann le hoibreacha tógála den chineál seo a ionchorprú.

Ullmhaíodh **Plean um Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach (PBSCI)** chun breac-chuntas a thabhairt ar an straitéis a ghlacfar le linn thógáil agus oibriú an Tionscadail chun leathadh speiceas plandaí coimhthíocha ionracha neamhdhúchasacha ar láithreáin Eorpacha ar bith a bhainistiú agus a chosc. Féach Cuid 7.6.6 chun tuilleadh eolais a fháil.

Leagtar an bhéim maidir leis na bearta dochta ar fad sa CEMP seo ar chosc a chur ar theacht chun cinn an teagmhais sa chéad áit.

Mar sin féin, ullmhaíodh **Plean um Fhreagairt ar Theagmhais (IRP)** lena chinntiú má tharlaíonn teagmhas, go mbeidh na hiarrachtaí freagartha pras, éifeachtach, agus oiriúnach do na cúinsí faoi leith. Cuirtear síos sa IRP ar na nósanna imeachta, na línte údaráis agus na próisis a leanfar lena chinntiú má tharlaíonn teagmhas, go mbeidh na hiarrachtaí freagartha pras, éifeachtach, agus oiriúnach do na cúinsí faoi leith. Tugtar sonraí sa IRP ar na nósanna imeachta atá le leanúint i gcás go dtarlódh scaoileadh dríodair ar bith isteach i sruthchúrsa, doirteadh tromchúiseach dramhaíola ceimiceán, breosla nó dramhaíola neamhghuaisí ar bith eile (e.g. coincréit), teagmhas neamhchomhlíonta maidir le cead nó ceadúnas ar bith, nó rioscaí ar bith eile dá leithéid a bhféadfadh teagmhas truaillithe, lena n-áirítear rioscaí tuile bheith mar thoradh orthu.

Cuirfear an oiliúint ábhartha agus chuí ar bhaill foirne láithreáin uile an Chonraitheora lena chinntiú go mbeidh an t-eolas cuí acu chun an CEMP a chur i bhfeidhm go rathúil.

Déantar breac-chuntas chomh maith sa CEMP ar an straitéis cumarsáide a ghlacfar le linn na tógála lena gcinnteofar go ndéanfar nósanna imeachta feasachta, oideachais agus faisnéise a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Ar deireadh, tugtar cuntas sa CEMP ar an straitéis comhlíontachta i dtaca le cigireachtaí, iniúchadh agus monatóireacht a ghlacfaidh an Conraitheoir.

### 7.6.2 Dusta

Rachaidh astaíochtaí san aer nuair a bhogfar cré agus le linn tógála, cé go gcabhróidh an aimsir ag an am, méid an láithreáin agus an fad atá sé ó ghabhdóirí leochaileacha chun bainistiú aon éifeachtaí a éascú. Dá bhrí sin beidh fócas na nósanna imeachta ar chruthú an ábhair san aer a laghdú.

Áirítear sa mheasúnacht ar thionchair fhéideartha tógála cur i bhfeidhm na 'mbeart caighdeánach um rialú dusta', arna sonrú i dtreoir TII. Áireofar leis sin na bearta seo a leanas:

- Spraeáil gníomhaíochtaí créfoirt nochta agus bóithre tarlaithe láithreáin i rith aimsir thirim
- Níochán rothaí a sholáthar ag pointí sceite
- Rialú luasanna feithiclí agus srianta luais. Tá sé beartaithe go ndéanfaí trácht suímh a shrianadh go 20km/u. Cuideoidh sé sin chun ath-fhuaidreán deannaigh a íoslaghdú
- Bóithre dromchla crua a scuabadh

Cuirfear bearta eile, lena n-áirítear scáileáin dusta i bhfeidhm ag suíomhanna i gcás go bhféadfadh tionchair a bheith ar cháilíocht an aeir le linn na céime tógála (Tag. Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir). Is rud tábhachtach freisin é feasacht fostaithe ionas go bhféadfar dusta a rialú ar aon láthair. Cinntíonn oiliúint foirne agus bainistiú stuama oibríochtaí go gcuirfear gach modh sochta dusta i bhfeidhm agus go ndéanfar cigireacht leanúnach orthu.

Déanfar monatóireacht ar theistíocht dusta ag roinnt suíomhanna gar don Tionscadal. Déanfar monatóireacht ar shil-leagan dusta ar feadh mí amháin ar a laghad sula gcuirfear tús leis na hoibreacha d'fhonn bonnlíne a leagan síos.

Féach Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Plean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe sa CEMP in Aguisín A.7.5, den TMTT nuashonraithe seo.

### 7.6.3 Smionagar

Is iad seo a leanas cuid de na bearta a dhéanfar lena chinntiú go gcoimeádfar an láithreán tógála agus an ceantar máguaird ar ardchaighdeán glaineachta:

- Déanfar cigireachtaí laethúla chun monatóireacht a dhéanamh ar shlacht
- Leagfar síos clár rialta chun slacht a chur ar an láthair lena chinntiú go mbeidh an suíomh sábháilte agus eagraithe
- Más gá, beidh eangach smionagair greamaithe ar scafall ionas nach scaipfidh an ghaoth ábhair agus trealamh
- Rialófar dramhaíl bhia go dian ar gach cuid den suíomh

- Cuirfear saoráidí glanta rothaí ar fáil d'fheithiclí a bheidh ag dul amach as an suíomh tógála. Stórálfar aon sceitheadh ó níochán rothaí in umar stórála ar an láthair agus déanfaidh comhlacht tarlaithe dramhaíola ceadaithe diúscairt air ag saoráid cheadaithe nó cheadúnaithe
- I gcás go dtarlódh sé agus seans nach dtarlóidh go n-iompraítear puiteach ón suíomh tógála chuig an mbóthar poiblí, glanfar é de réir mar is gá agus ní ligfear dó cruachadh.
- Cumhdófar leoraithe agus scipeanna luchtaithe más gá
- Déanfar cigireacht rialta ar bhóithre in aice láimhe a bheidh in úsáid ag trucail le dhul isteach agus amach as an suíomh agus glanfar iad, ag úsáid scuabadóir bóthair, nuair is gá
- I gcás go n-éalóidh aon dramhaíl sholadach neamhbhuan as an láithreán, baileofar láithreach é agus tabharfar chuig stóras ar an láithreán é, agus déanfar diúscairt air ina dhiaidh sin ar an ngnáthbhealach

### 7.6.4 Torann agus Creathadh

Coinneofar an torann ón tógáil chomh híseal agus is féidir de réir BS 5228 (2009). Pléitear tionchair fhéideartha torainn tógála i gCaibidil 18, Torann agus Creathadh den TMTT nuashonraithe seo.

Saineofar go soiléir i ndoiciméid an chonartha go mbeidh sé de dhualgas ar an gconraitheoir, a bheidh tógáil na n-oibreacha á déanamh aige cloí le teorainneacha torainn agus creathaidh na tógála atá cuimsithe sa TMTT nuashonraithe. Teastóidh leis sin bearta sainiúla laghdaithe torainn i gcomhréir leis na bearta dea-chleachtais atá léirithe i gCaighdeán na Breataine BS 5228 – 1: 2009 +A1 2014: *An Cód Cleachtais maidir le rialú torainn agus creathaidh ar láithreáin tógála agus oscailte – Torann* agus Treoirlínte an NRA (TII anois) *Treoirlíne Dea-chleachtais maidir le Déileáil le Torann le linn phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta* (NRA 2014).

Beidh láithreacha tionchar féideartha ann i ngeall ar an torann tógála ar chónaitheoirí sa chomharsanacht. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar an láithreán, suiteálfar monatóirí torainn comhshaoil ag na suíomhanna roghnaithe. Féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh den TMTT nuashonraithe seo chun tuilleadh eolais a fháil.

Tá sé tuartha go gcruthófar creathadh le linn chéimeanna tógála an Tionscadail i limistéir tochailte ina dteastaíonn druileáil agus pléascadh. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála ar an láithreán, suiteálfar monatóirí creathaidh comhshaoil ag na suíomhanna roghnaithe. Féach Caibidil 18, Torann agus Creathadh den TMTT nuashonraithe seo chun tuilleadh eolais a fháil.

Is cosúil go mbeidh gá le carnadh chomh maith le linn thógáil an Tionscadail. Bainfidh sé úsáid as modhanna lena n-íoslaghdófar an baol go gcruthófaí creathadh agus ní dhéanfar é ach i rith an lae. I gcás briseadh carraigeacha, nuair is gá úsáidfear modhanna lena n-íoslaghdófar an torann agus an creathadh. Beidh gá monatóireacht a dhéanamh ar phléascanna trialach sa bhuncharraig chéanna leis na suíomhanna pléasctha a beartaíodh mar chuid den mheasúnacht ar dhearadh na bpléascanna. Déanfar dearadh na bpléascanna a chalabrú leis an bpléascadh trialach chuig dearadh sainiúil don láithreán. Ní sháróidh na pléascanna trialach teorainneacha na ngabhdóirí íogaire áitiúla. Ceapfaidh an conraitheoir oifigeach idirchaidrimh chun cónaitheoir agus gnólachtaí i ngaireacht na láithreán pléasctha a chur ar an eolas sula ndéanfar an obair sin. Tá suíomhanna le haghaidh pléascadh féideartha cuimsithe i bhFíoracha 7.201 go dtí 7.202.

### 7.6.5 Na Seirbhísí atá Ann

Déanfar na seirbhísí reatha atá á reáchtáil laistigh agus gar don láithreán agus don Tionscadal a lonnú go cúramach, a shainaithint agus bainfear úsáid as modhanna oiriúnacha oibre lena chinntiú go gcosnófar na seirbhísí sin. Déanfar malairt slí nó athlonnú na seirbhísí i gcomhairliúchán le húinéirí na seirbhísí agus de réir na gcaighdeán agus na gcód cleachtais ábhartha. D'fhéadfaí roinnt bearta cosanta amhail leaca cumhdaithe a úsáid le haghaidh na seirbhísí nach mbogfar. Féach Caibidil 15, Sócmhainní Ábhartha Neamhthalmhaíochta le haghaidh tuilleadh eolais.

Tabharfar fógra roimh ré d'úsáideoirí seirbhíse maidir le haon chur isteach sealadach nó aon bhriseadh cumhachta a chaithfear a dhéanamh mar gheall ar na hoibreacha tógála. Beidh an cur isteach ar sheirbhísí nó an briseadh cumhachta pleanáilte go cúramach ionas nach dtarlóidh siad ach ar feadh achar gearr.

### 7.6.6 Speicis Plandaí Ionracha Choimhthíocha

Rinneadh suíomhanna na speiceas plandaí ionrach ag suíomhanna éiceolaíocha feadh bhealach an Tionscadail a thaifeadadh i suirbhéanna éiceolaíocha a rinneadh don TMTT nuashonraithe seo (féach Caibidil 8, Bithéagsúlacht).

- Glúineach spíceach - *Persicaria wallichii*
- Glúineach bhiorach - *Fallopia japonica*
- Róslabhras - *Rhododendron ponticum*

Féach Fíoracha 8.22.1 go dtí 8.22.14 le haghaidh sonraí na suíomhanna.

Bíonn an *Ghlúineach spíceach agus an Ghlúineach bhiorach* scaipthe de ghnáth nuair a iompraíonn daoine bloghanna riosóim san ithir nó ar mhéid níos lú, trí mhodhanna meicniúla éighníomhacha amhail in uiscí tuile. Scaiptear iad chomh maith trí atáirgeadh fásúil ó bhloghanna plandaí. Bíonn fáil ar an bplanda feadh thaobhanna an bhóthair, bruacha aibhneacha agus talamh bhán in Éirinn áit a chruthaíonn sé clampaí dlútha monaitipeacha. Le linn an gheimhridh, fanann an gas donn ina sheasamh cé go bhfaigheann an planda bás go dtí an bhfréamhstoc. Tarlaíonn a lán fadhbanna de dheasca na glúiní bioraí mar gheall ar a nós fáis torthúil agus dlúth lena n-áirítear línte radhairc a bhlocáil ar bhóithre, damáiste a dhéanamh do phábháil agus struchtúir, creimeadh bruach abhann agus struchtúir chosanta tuile, damáiste do láithreáin seandálaíochta, caillteanas agus díláithriú gnáthóg agus speiceas. Tá an ghlúineach bhiorach forleathan ar fud na hÉireann agus tá sé ag leathadh go gasta.

Tá *Rhododendron ponticum* ionrach in Éirinn. Is féidir leis leathadh trí shíolta ach bíonn fáil air chomh maith trí mhodhanna fásúla i gcás go gcuireann plandaí meatháin ar bhachlóg nó go gcaitheann siad suas iad ó fhréamhacha chomh maith le brainsí. Is féidir leis scáth a sheasamh agus bíonn sé faoi bhláth mar speiceas sraithe meánaí i gcoillearnach, cé go bhfásann i gcoinníollacha oscailte in ithreacha oiriúnacha aigéid chomh maith. Is féidir lena thranglam dlúth cosáin a bhlocáil, sruthchúrsaí a phlúchadh agus briseadh isteach ar thaobhanna bóthair agus línte amhairc a shárú ar an dóigh sin. Tá comhpháirteanna éagsúla i nduilliúr an róslabhrais a bhfuil an chuma ann go bhfuil gníomh illéileapatach aige ar speicis eile (ag cur coisc ar a bhfás) a d'fhéadfadh tuilleadh coisc a chur ar phlandaí ó fhás in aice láimh.

Faoi láthair, níl forálacha reachtacha sonracha ar bith ann lena rialaítear rialú nó baint na nglúiní bioraí in Éirinn. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil gach iarracht chun na speicis ionracha chomhthíocha díothú sula ndámhfaidh sin an conradh tógála.

Beidh ar an gconraitheoir plean bainistíochta a chur i bhfeidhm chun speicis plandaí ionracha ar bith a chóireáil/a bhaint agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá athshuirbhéireacht a dhéanamh orthu roimh an tógáil de réir CEMP in Aguisín A.7.5. Tá an baol ann chomh maith go dtabharfaí speicis plandaí ionracha comhthíocha ar láithreán go neamhaireach i líonadh iompórtáilte nó ar rothaí/raonta fheithiclí na tógála. Beidh ar soláthróir an líonta dearbhú a chur ar fáil nach bhfuil speicis plandaí ionracha coimhthíocha ar bith sa líonadh a allmhaireofar. Lena chois sin, déanfar cigireacht ar an líonadh le haghaidh comharthaí go bhfuil speicis plandaí ionracha coimhthíochta, sula ndéanfar iad a iompórtáil chuig an láithreán. Sonraítear i bhfoilseachán Ghníomhaireacht Comhshaoil RA *Managing Japanese knotweed on development sites - The Knotweed Code of Practice* (EA 2013), gur chóir cigireacht na barrithreach a dhéanamh ag baint úsáide as an treoir in aguisín I-IV den chód BS 3882:2007 *The British Standard Specification for topsoil and requirements for use*. Cuireadh BS3882:2015 *Sonraíocht le haghaidh Barrithreach* in áit an Chaighdeáin sin ina dhiaidh sin. Déanfar cigireacht ar an líonadh de réir an Chaighdeáin sin.

Beidh ar an gconraitheoir cigireacht a dhéanamh ar fheithiclí sula n-úsáidtear ar an láithreán iad, agus tabharfaidh sé aird faoi leith ar chrios boinn agus ar an áit a stóráiltear trucailí agus dumpairí.

Tá plean bainistíochta maidir le rialú speiceas plandaí ionracha coimhthíocha ar an láithreán le linn na tógála cuimsithe sa CEMP in Aguisín A.7.5 agus forbraíodh é le tagairt do na cóid chleachtais agus na treoirlínte seo a leanas:

- Treoirlínte Bainistithe Sárchleachtais maidir leis an nGlúineach Bhiorach Fallopia japonica (2008) - Ullmhaithe don NIEA agus NPWS mar chuid de Speicis Ionracha Éireann

- Treoirlínte NRA maidir le Bainistíocht Fiailí Díobhálacha agus Speicis Plandaí Ionracha Coimhthíocha ar na Bóithre Náisiúnta (2008)
- An Ghlúineach bhiorach a bhainistiú ar láithreáin forbartha - an Cód Cleachtais maidir leis an nGlúineach Bhiorach ar chur ar fáil ag an nGníomhaireacht Comhshaoil

Le cur chun feidhme na mbeart thuas íoslaghdófar an baol go leathfadh an Ghlúineach Bhiorach laistigh den láithreán nó ar thailte lasmuigh den láithreán le linn chéim thógála an Tionscadail.

Tá Plean um Bainistiú Speiceas Coimhthíoch Ionrach cuimsithe sa CEMP in Aguisín A.7.5.

### 7.6.7 Bithéagsúlacht

Tá tionchair fhéideartha na céime tógála ar bhithéagsúlacht pléite i gCaibidil 8, Bithéagsúlacht, den TMTT nuashonraithe seo. Tá bearta um rialú ar thruailliú aeir agus uisce pléite i gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht, Caibidil 11, Hidreolaíocht, agus Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir.

### 7.6.8 Ithir, Uisce Dromchla agus Screamhuisce

Trí leas a bhaint as dea-chleachtais bainistíochta tógála íoslaghdófar an riosca um thruailliú ithreach, rith chun srutha uisce stoirme nó screamhuisce. D'eisigh Cumann Taighde agus Faisnéise an Tionscail Tógála (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe nóta treorach maidir le rialú agus bainistíocht truaillithe uisce ó láithreáin tógála, *Control of Water Pollution from Construction Sites, guidance for consultants and contractors* (Masters-Williams et al 2001). Tá treoir bhreise curtha ar fáil i dtreoir theicniúil CIRIA *Control of Water Pollution from Linear Construction Projects* (Murnane et al 2006) agus Treoirlínte TII maidir le Sruthchúrsaí a Thrasnú le linn Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Thógáil.

Áirítear iad seo a leanas ar ghníomhaíochtaí láithreáin sa treoir:

- Tochailt
- Créchartadh
- Oibríochtaí coincréitithe
- Leathadh barrithreach
- Dromchlú bóithre
- Draenáil an láithreáin, agus rialú agus diúscairt rith uisce dromchla ón láithreán
- Seachadadh agus stóráil ola agus breosla
- Cothabháil ghléasra

Áirítear ar bhearta, arna moladh sa treoir thuas, a chuirfear chun feidhme chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca doirte agus éilliú ithreacha agus uisce:

- Oiliúint ar na bainisteoirí láithreáin, maoir agus an lucht saothair, lena n-áirítear na fochonraitheoirí ar fad maidir le riosca truaillithe agus bearta coisctheacha
- Breathnófar go cúramach ar shuíomh saoráidí stórála breosla ar bith. Ceapfar iad sin de réir na dtreoirlíne arna gcur ar fáil ag CIRIA, agus iad bundaithe go hiomlán
- Déanfar cigireacht rialta ar na feithiclí agus an gléasra uile le haghaidh ligean breosla, ola agus sreabháin híodrálaigh. Coinneofar trealamh cuí chun déileáil le doirteadh ar an láithreán
- Nuair is féidir, cuirfear tochailt ithreach i gcrích le linn tréimhsí tirime agus déanfar é le tochaltóirí agus trucailí dumpála. Ní mheascfar barrithir agus fo-ithir le chéile
- A chinntiú go bhfuil gach láthair ina ndéantar sreabháin a stóráil agus a ghlacadh i láthair neamhscagach ainmnithe atá ar leithlis ó limistéar máguaird, e.g. le bunda iompaithe, colbha ardaithe, rampaí nó rochtain chéimnithe

- Úsáid a bhaint as córais bhailiúchán chun cosc a chur ar dhraenáil éillithe ar bith ó dhul isteach ar dhraenacha uisce dromchla, sruthchúrsaí nó screamhuisce, nó ó dhraenáil ar an talamh
- An úsáid as ceimiceáin ghlantacháin a íoslaghdú
- Úsáid a bhaint as spraeghunnaí truicear-spreagtha, le scoith uathoibríoch an tsoláthair uisce
- Úsáid a bhaint as murlaigh lonnaíochta nó ábhar ionsúiteach oiriúnach ábhar flocasúil chun solaid ar fuaidreamh amhail clabar nó siolta a bhaint
- A chinntiú go bhfuil oiliúint curtha ar an bhfoireann ar fad agus go leanfaidh siad na nósanna imeachta um ghlanadh feithiclí. Déan sonraí maidir leis na nósanna imeachta sa limistéar oibre a phostáil do thagairt éasca.

Féach chomh maith ar an bPlean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe atá san áireamh sa CEMP in Aguisín A.7.5, Caibidil 10, Hidrigeolaíocht agus Caibidil 11, Hidreolaíocht.

## 7.7 Tionchair Iarmharacha

Beidh beagán tionchar iarmharach nó ní bheidh tionchair iarmharacha ar bith ann mar thoradh ar na gníomhaíochtaí tógála atá beartaithe. Faoi mar a thuairiscítear thuas beidh na príomhthionchair le linn na céime tógála. Déanfar tionchair iarmharacha ar bith ar an timpeallacht atá ann amhail meath ar na bóithre poiblí a bheidh á n-úsáid mar bhealaí iompair a dheisiú. Déanfar oibreacha cobhsaithe agus athchóirithe iomlána ar aon damáiste struchtúrach a dhéantar do fhoirgnimh/struchtúir/toibreacha mar thoradh ar an tógáil. Tá tionchair iarmharacha gníomhaíochtaí tógála eile a bhainfidh leis an Tionscadal measúnaithe i gcaibidlí ábhartha an TMTT nuashonraithe seo.

## 7.8 Achoimre

Le cur isteach na gcéimeanna breise, cuirtear le fad an chláir fhoriomláin tógála, agus is athrú é sin ó bhí 2018 ann. Tá coinne le tréimhse thógála fhoriomlán 60 mí le haghaidh thógáil chéimeanna uile an Tionscadail, ach ní tréimhse thógála leanúnach a bheidh inti sin, toisc go mbeidh tógáil na stáblaí sealadacha agus stáblaí buana ar siúl ar an dá thaobh den N6 GCRR atá beartaithe, tógáil Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, a mhairfidh suas le 36 mhí. Tógfar an Tionscadal i gcéimeanna le linn an ama sin, bliain amháin le haghaidh Chéim 1, trí bliana le haghaidh Chéim 2 agus bliain amháin chun Céim 3 agus Céim 4 a chur i gcrích. Sainaithníodh bealaí iompair agus suíomhanna campún láithreáin féideartha ag tabhairt aird ar thionchair fhéideartha ar an timpeallacht atá ann agus ar an ngaireacht do mhórstruchtúir a bhaineann leis an Tionscadal. Beidh na modhanna tógála a úsáidfear de réir na gcaighdeán agus na dtreoirlínte dea-chleachtais. Cuirfear na réamhchúraimí agus na bearta maolaithe is gá chun laghdú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na ngníomhaíochtaí tógála ar an gcomhshaoil i bhfeidhm. Cuirfear pleananna bainistíochta i bhfeidhm chun maolú a dhéanamh ar na tionchair amhail dusta, smionagar, torann agus creathadh, malairtí slí seirbhíse, speicis plandaí ionracha coimhthíocha agus dramhaíl.

Dheimhnigh Tuarascáil an Chigire leordhóthanacht gach ceann de na pleananna bainistíochta a dtugtar breac-chuntas orthu sa chaibidil seo chun gníomhaíochtaí tógála a rialú agus tugtar an chonclúid seo a leanas:

> *Beidh tionchar ag an tógáil ar an bpobal, ach táim sásta gur léirigh an t-iarratasóir go ndéanfar bearta maolaithe chun cur isteach agus míchaoithiúlacht a íoslaghdú. Táim sásta freisin go bhfuil na tiomantais a thugtar i Sceideal na dTiomantas Comhshaoil infheidhmithe agus go maolóidh siad na tionchair ar leibhéal inghlactha ar feadh na tógála.*

## 7.9 Tagairtí


- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (NRA 2008) Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta - Treoir Phraiticiúil.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (EPA, 2022) Treoirlínte ar an bhFaisnéis atá le Cuimsiú sna Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta. Le fáil ar: https://www.epa.ie/publications/monitoring--assessment/assessment/EIAR_Guidelines_2022_Web.pdf

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (EPA, 2015) Dréacht-Treoirlínte Leasaithe maidir leis an bhFaisnéis atá le Cuimsiú sna Ráitis Tionchair Timpeallachta.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (EPA, 2015) Dréacht-Nótaí maidir leis na Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú.
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. (EPA, 2017) Dréacht-Treoirlínte ar an bhFaisnéis atá le Cuimsiú sna Tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta.
- Caighdeán na Breataine BS 5228 – 1. (2009 +A1 2014) (An Cód Cleachtais maidir le rialú torainn agus creathaidh ar láithreáin tógála agus oscailte – Torann).
- Caighdeán na Breataine BS3882. (2015) *Sonraíocht le haghaidh Barrithreach*.
- An Cumann Taighde agus Faisnéise an Tionscail Tógála. (2015) *Environmental Good Practice on Site, CIRIA, London.*
- An Cumann Taighde agus Faisnéise an Tionscail Tógála. (2001) Control of Water Pollution from Construction Sites, guidance for consultants and contractors, CIRIA, Londain.
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. (2006) Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Tionscadail Tógála agus Scartála.
- An Roinn Iompair. (2010) – *Lámhleabhar Comharthaí Tráchta*.
- An Ghníomhaireacht Comhshaoil. (2006, nuashonraíodh é in 2013) An Ghlúineach bhiorach a bhainistiú ar láithreáin forbartha - an Cód Cleachtais maidir leis an nGlúineach Bhiorach arna chur ar fáil ag an nGníomhaireacht Comhshaoil, Briostó.
- Kelly, J., Maguire, C.M. and Cosgrove, P.J. (2008) *Best Practice Management Guidelines Japanese knotweed Fallopia japonica*, Ullmhaithe don NIEA agus SPNF mar chuid de Speicis Ionracha Éireann.
- Murnane E., Heap A., Swain A. (2006) Control of Water Pollution from Linear Construction Projects CIRIA, Londain.
- An Chomhairle Náisiúnta um Dhramhaíl Tógála agus Scartála. (2006) Treoirlínte Dea-Chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola le haghaidh Tionscadail Tógála agus Scartála, NCDWC, Baile Átha Cliath.
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2014) Treoirlíne Dea-Chleachtais maidir le Déileáil le Torann le linn phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta, NRA, Baile Átha Cliath.
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008) Treoirlínte maidir le Bainistíocht Fiailí Díobhálacha agus Speicis Plandaí Ionracha Choimhthíocha ar na Bóithre Náisiúnta, NRA, Baile Átha Cliath.
- An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2007. *Guidelines for the Creation, Implementation and Maintenance of an Environmental Operating Plan*. Le fáil ar: https://www.tii.ie/tii-library/environment/planning-guidelines/Guidelines-for-the-Creation-and-Maintenance-of-an-Environmental-Operating-Plan.pdf
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil). (2013).
- Masters-Williams et al, 2001. *Control of Water Pollution from Construction Sites, Guidance for Consultants and Contractors.* Le fáil ar: https://www.ciria.org/CIRIA/CIRIA/Item_Detail.aspx?iProductCode=C532&Category=BOOK
- Kwan, Dickinson & MacLeod, 2023. Environmental Good Practice on Site Guide (an cúigiú heagrán) (C811). Le fáil ar: https://www.ciria.org/ItemDetail?iProductCode=C811&Category=BOOK&WebsiteKey=17be687b-0441-4487-b752-43d52261e129
- Bonneagar Iompair Éireann (TII, 2023) *Pleanáil Comhshaoil le haghaidh Tionscadail Bóithre agus Glasbhealaí Náisiúnta.* Le fáil ar:

https://www.tiipublications.ie/training/srt23/day1/01_c_nea_environmental_planning_of_national_roads_greenways.pdf

- Bonneagar Iompair Éireann (TII, 2014) *Treoirlíne Dea-Chleachtais maidir le Déileáil le Torann le linn Phleanáil na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta*. Le fáil ar: https://www.tii.ie/technical-services/environment/planning/Good_Practice_Guidance_for_the_Treatment_of_Noise_during_the_Planning_of_National_Road_Schemes.pdf
- Bonneagar Iompair Éireann (TII, 2009), Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta um Measúnú agus um Chóireáil na Geolaíochta, Hidreolaíochta agus Hidrigeolaíochta le haghaidh Scéimeanna Bóithre Náisiúnta. Le fáil ar: https://www.tii.ie/technical-services/environment/planning/Guidelines-on-Procedures-for-Assessment-and-Treatment-of-Geology-Hydrology-and-Hydrogeology-for-National-Road-Schemes.pdf
- Bonneagar Iompair Éireann. (TII, 2008) Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil. Le fáil ar: Measúnacht Tionchair Timpeallachta TII ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil